

# NUASHONRÚ AR AN STAIDÉAR CUIMSITHEACH TEANGEOLAÍOCH AR ÚSÁID NA GAEILGE SA GHAELTACHT: 2006–2011



Conchúr Ó Giollagáin & Martin Charlton  
2015



**NUASHONRÚ AR AN STAIÉAR CUIMSITHEACH TEANGEOLAÍOCH  
AR ÚSÁID NA GAELGE SA GHAELTACHT: 2006–2011**

2015

TUARASCÁIL TAIGHDE  
arna réiteach do  
ÚDARÁS NA GAELTACHTA  
ag

OLLSCOIL NA HÉIREANN, GAILLIMH

i gcomhar leis

AN INSTITIÚID NÁISIÚNTA UM ANAILÍS RÉIGIÚNACH AGUS SPÁSÚIL,  
OLLSCOIL NA HÉIREANN, MÁ NUAD

**Conchúr Ó Giollagáin**

**Martin Charlton**



**NUI Galway**  
**OÉ Gaillimh**

**NIRSA**

**NATIONAL INSTITUTE FOR REGIONAL AND SPATIAL ANALYSIS**  
**AN INSTITIÚID NÁISIÚNTA UM ANAILÍS RÉIGIÚNACH AGUS SPÁSÚIL**

© Údarás na Gaeltachta

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh ar aon bhealach gan cead a fháil roimh ré, i scríbhinn, ó Údarás na Gaeltachta.

Ó Giollagáin, Conchúr; Charlton, Martin 2015

Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006–2011

Fógra séanta: Is ar iarratas ó Údarás na Gaeltachta a ullmhaíodh an tuarascáil seo. Is leis na húdair amháin a bhaineann na tuairimí a chuirtear in iúl sa tuarascáil agus ní gá go mbeidh na tuairimí céanna ag Údarás na Gaeltachta ná ag a chuid comhaltaí.

## CLÁR

CLÁR.....	i
Focal Buíochais.....	1
Noda.....	2
RÉAMHRÁ.....	3
Modheolaíocht.....	4
ACHOIMRE.....	6
CAIBIDIL 1: ANAILÍS CHATAGÓIREACH NA GAELTACHTA.....	13
1.1 Faisnéis na ndaonáireamh de réir catagóirí.....	13
1.1.1 Faisnéis eile shochtheangeolaíochta a cuireadh ar fáil ó 2007 i leith.....	15
1.1.2 An Ghaeltacht á sainiú.....	21
1.2 Catagóirí Gaeltachta 2011.....	22
1.3 Catagóirí Gaeltachta 2006.....	31
1.4 Faisnéis na gCatagóirí Gaeltachta 2011.....	38
1.4.1 Faisnéis Chatagóir A, Daonáireamh 2011.....	40
1.4.2 Faisnéis Chatagóir B, Daonáireamh 2011.....	40
1.4.3 Faisnéis Chatagóir C, Daonáireamh 2011.....	42
CAIBIDIL 2: FAISNÉIS SCÉIM LABHAIRT NA GAELIGE.....	45
Faisnéis bhreise ar Scéim Labhairt na Gaeilge ó 2007 i leith.....	45
Táblaí 4 agus 5: Faisnéis Scéim Labhairt na Gaeilge.....	45
2.1 SLG 2010/2011.....	56
2.2 SLG 2005/2006.....	64
CAIBIDIL 3: COMPARÁID AR FHAISNÉIS TEANGA NA NDAONÁIREAMH: 1996–2011.....	65
3.1 Rátaí beogachta na dtoghrann éagsúil Gaeltachta.....	67
3.1.1 Na rátaí beogachta á gcarnadh i linn fhaisnéise, Daonáirimh 1996, 2002, 2006 agus 2011.....	68
An chomparáid idirthréimhseach.....	74
3.2 Dáileadh na rátaí beogachta i rannóga aoise.....	75
3.3 Comparáid idir na rátaí beogachta.....	78
3.4 Próifílí beogachta 2011.....	82
3.4.1 Faisnéis chomparáideach na nDaonáireamh, SLG agus na gCatagóirí ..	90
3.4.2 Faisnéis chomparáideach teanga Dhaonáireamh 2011.....	97
3.5 Comparáid idir na rátaí beogachta 1996–2011.....	101
3.6 Comparáid ar na rátaí beogachta 1996–2011 ina ndáileadh catagóireach de réir toghrann.....	108
3.7 Catagóirí Gaeltachta A, B agus C de réir fhaisnéis na ndaoine óga.....	116

3.7.1 Comparáid idir dáileadh fhaisnéis na ndaoine óga agus faisnéis beogachta an phobail.....	123
3.7.2 Comparáid chéatadánach idir faisnéis na ndaoine óga i nDaonáirimh 2006 agus 2011 .....	126
CAIBIDIL 4: TÁTAL.....	129
4.1 Anailís ar chomhpháirteanna na faisnéise beogachta.....	130
4.2 Beartais fhéideartha sa chomhthéacs reatha .....	134
4.3 Clabhsúr .....	141
TAGAIRTÍ AGUS LEABHARLIOSTA.....	143
AGUISÍN 1: FAISNÉIS NA GCAINTEOIRÍ LAETHÚLA GAEILGE, DAONÁIRIMH 2006, 2011 .....	148
AGUISÍN 2: LÉARSCÁILEANNA CONTAE LE HUIMHREACHA NA DTOGHRANN .....	155
AGUISÍN 3: LÉARSCÁILEANNA COMPARÁIDEACHA NA GCATAGÓIRÍ GAELTACHTA: DAONÁIRIMH 1996, 2002, 2006, 2011 .....	162
AGUISÍN 4: PRÍOMHFHAISNÉIS NA LIMISTÉAR PLEANÁLA TEANGA .....	169
AGUISÍN 5: TÉARMAÍ TAGARTHA AN TAIGHDE .....	235
AGUISÍN 6: CEIST TEANGA DHAONÁIREAMH 2011 .....	236

## **Focal Buíochais**

Táimid go mór faoi chomaoin acu siúd a thug cúnaimh ar bhealaí éagsúla dúinn agus muid i mbun an taighde seo. Tá muid faoi chomaoin ag Údarás na Gaeltachta a thionscnaigh agus a mhaoinigh an tionscadal taighde seo. Roinn oifigigh de chuid Údarás na Gaeltachta agus na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a gcomhairle go fial agus go tuisceanach linn ó thús go deireadh. Táimid buíoch den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta as an fhaisnéis a bhaineann le SLG a chur ar fáil dúinn.

Táimid faoi chomaoin ag Olive Pluck ón bPríomh-Oifig Staidrimh a roinn a cuid eolais go flaithiúil linn agus a chuir bailiúcháin éagsúla staitisticí ar fáil dúinn. Tá buíochas ar leith ag dul don Ollamh Chris Brunson, an tIonad Náisiúnta um Gheoiríomhaireacht, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, a bhí thar a bheith fial lena chuid ama agus saineolais ar impleachtaí na dtuisceantí geoiríomhaireachta d'anailís staitisticí daonáirimh.<sup>1</sup> Tá buíochas ag dul do Thamás Péterváry a thug tacaíocht dúinn maidir le dearadh na cáipéise agus cur i láthair na léaráidí agus na dtáblaí faisnéise. Tá muid faoi chomaoin ag Brian Ó Curnáin a léigh dréacht den saothar agus a rinne moltaí fóinteacha maidir le leagan amach an ábhair agus le pointí suntasacha a thabhairt chun soiléire.

Táimid buíoch de Choiste Pleanála Teanga Údarás na Gaeltachta a roinn a gcomhairle go fial linn agus a thug aiseolas tuisceanach dúinn maidir le dréacht den taighde seo.

Glacaimid buíochas speisialta lenár gcuid comhghleacaithe in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus san Ionad Náisiúnta um Gheoiríomhaireacht agus san Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad,<sup>2</sup> a thug misneach agus tacaíocht dúinn agus muid ag dul i ngleic le dúshlán an staidéir seo.

---

<sup>1</sup> Féach Fotheringham, A.S., C. Brunson agus M.E. Charlton (2000). *Quantitative Geography*. Londain: Sage.

<sup>2</sup> Ba mhar chonradh comhoibritheach taighde idir Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus an Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil (NIRSA), Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, a tugadh faoin staidéar seo. Ba é Martin Charlton an ball de chuid NIRSA a bhí páirteach sa staidéar agus ba é Conchúr Ó Giollagáin rannpháirtí Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Ó cuireadh tús leis an tionscadal, ceapadh Conchúr Ó Giollagáin ina Ollamh taighde, i mí Aibreáin 2014, in Ollscoil na Gàidhealtachd agus na nOileán in Albain.

**Noda**

Cat.	Catagóir(i)
BRB	Bunráta(i) Beogachta
RCB	Ráta(i) Caighdeánaithe Beogachta
CL	Cainteoir Laethúil / Cainteoirí Laethúla
D.	Daonáireamh
ED	Electoral Division(s)
ICD	<i>Iniúchadh ar an gCumas Dátheangach: An sealbhú teanga i measc ghlúin óg na Gaeltachta. (2014)</i>
lch / lgh	Leathanach / Leathanaigh
LPT	Limistéar Pleanála Teanga / Limistéir Phleanála Teanga
m. sh.	mar shampla
NIRSA	National Institute for Regional and Spatial Analysis; An Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil, OÉ Má Nuad
SCT	<i>Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht. (2007)</i>
SLG	Scéim Labhairt na Gaeilge
SVR	Standardised Vitality Rate
TR	Toghroinn / Toghranna
TR*	Ciallaíonn réiltín a chuirtear le hainm TR nach bhfuil aitheantas Gaeltachta ach ag páirt den TR, .i. ní thugtar aitheantas Gaeltachta ach do chuid de na bailte fearainn sa TR.
Ø Oid.	Labhairt na Gaeilge lasmuigh den Chóras Oideachais, .i. daoine nach labhraíonn an Ghaeilge i gcomhthéacs na scolaíochta amháin.



## **RÉAMHRÁ**

Is éard atá san fhoilseachán seo ná nuashonrú ar thorthaí taighde an *Staidéir Chuimsithigh Theangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (2007, SCT feasta) i bhfianaise faisnéis nua dhaonteangeolaíochta a cuireadh ar fáil ó 2007 i leith, .i. faisnéis eile a eisíodh i ndiaidh na tréimhse idir 2004 agus 2007 a raibh foireann na tuarascála tosaigh, an SCT, ag obair ar an mbunstaidéar. Ba iad staitisticí Dhaonáireamh 2002 a bhí ar fáil d'fhoireann an SCT agus tá cuid shuntasach d'anailís agus de thátal an SCT bunaithe ar fhianaise na tréimhse sin. Tá an nuashonrú seo á bhunú, mar sin, ar thorthaí na gceisteanna teanga sna Daonáirimh 2006 agus 2011 agus ar thorthaí Scéim Labhairt na Gaeilge a fhreagraíonn do na tréimhsí sin, .i. 2005/2006 agus 2010/2011.

Tá an tuarascáil seo á cur ar fáil d'Údarás na Gaeltachta i dtaca leis an gconradh taighde a thionscnaigh an tÚdarás le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh, i gcomhar leis an Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad. Tugadh faoin tuarascáil seo a chur i dtoll a chéile idir Geimhreadh 2013 agus Earrach 2014. Is é príomhaidhm na tuarascála seo athnuachan a dhéanamh ar anailís agus ar fhaisnéis a thugann léargas ar bhonn sóisialta na Gaeilge sa Ghaeltacht chomhaimseartha de réir mhodheolaíocht an SCT (2007) trí bhíthin scagadh a dhéanamh ar fhianaise chomhaimseartha. Cuireadh faisnéis ar fáil san SCT a thug léargas ar staid éigeandála teanga sa Ghaeltacht. Léirítear sa saothar seo go bhfuil an creimeadh atá á dhéanamh ar bhonn sóisialta na Gaeilge sa Ghaeltacht ag titim amach ag ráta níos tapúla ná mar a bhí á thuar san SCT. I bhfianaise a bhfuil á léiriú anseo agus ó thaobh pheirspictíocht na comparáide idirtréimhsí, chuir an SCT tátal i láthair a bhí ródhearfach maidir le hinmharthanacht na Gaeilge mar theanga phobail agus theaghlaigh. Faoi réir na ndálaí reatha, feicfeadh cúngú leanúnach ar labhairt shóisialta na Gaeilge i ngréasáin shóisialta Chatagóir A na Gaeltachta as seo go ceann deich mbliana. Faoin am sin, fiú sa chás go n-éiríonn le pobail áirithe athdhearbhú a dhéanamh ar ról na Gaeilge ina gcuid foras oideachais agus pobail, beidh sé fíordheacair teacht ar aon sampla den rannpháirtíocht phobail a bheidh frémhaithe go saoráideach sa Ghaeilge, cé is moite de ghréasáin shóisialta an aoisghrúpa is sine. Is ionann seo agus an phróifil choitianta a thugann réamhspléachadh ar an mbás teanga. Aithnítear trí ghné sa phróifil mhísheasmhach seo atá le sonrú go soiléir i dtosca comhaimseartha na Gaeltachta:

- Aithnítear feidhm shóisialta na mionteanga (.i. an Ghaeilge sa chás seo) i ngréasáin shóisialta na glúine is sine. D'eascair an fheidhm seo as dlúthphobal limistéarach teanga a bhíodh i réim nuair a bhí an ghlúin seo ag éirí aníos
- I gcás ghlúin na meánaoise/na tuismitheoireachta, aithnítear feidhm níos teoranta ag an mionteanga i ngréasáin na glúine sin i ngeall ar mhéad na feidhme a bhí ag an mórtheanga (.i. an Béarla) i ngréasáin shóisialta na glúine sin de réir mar a bhí an pobal limistéarach á dhátheangú faoi thionchar bhrúnna sóisialta an nua-aoisithe
- Ní aithnítear ach feidhm fhulangach nó lag i ngréasáin na n-óg a d'eascair as laghad ionchur na mionteanga a fuair na daoine óga le linn an tsealbhaithe dhátheangaigh a chleacht siad, i gcontrárthacht le neart feidhmiúil agus sóisialta na mórtheanga.

Is sa ghluaiseacht seo ón bhfeidhmiúlacht limistéarach mhionteangach i dtreo na mífheidhmiúlachta i réimsí an chumais teanga agus na nósanna sóisialta teanga is féidir an bás teanga a thuar. Le tátal na tuarascála seo a chur i láthair ar bhealach thar a bheith lom, tá an fhéiniúlacht Ghaelach, mar a thuigtear go sóisialta agus go heitneach í, ag meath go tréan.

### **Modheolaíocht**

Déanfar plé ar bhealach níos mine sna fochaibidlí éagsúla ar na modheolaíochtaí a cleachtadh i gcás na réimsí éagsúla faisnéise a ndearnadh iniúchadh orthu chun críche an staidéir seo. Tabharfar léargas ginearálta anseo, áfach, ar na príomhréimsí faisnéise ar baineadh gaisneas astu d'fhonn tátal an staidéir seo a bhaint amach. Baineadh leas anseo as dhá fhoinsé staitistiúla go príomha:

- Daonáireamh na hÉireann 2006–2011<sup>3</sup>
- Scéim Labhairt na Gaeilge de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (SLG).

Rinneadh iniúchadh ar fhaisnéis daonáirimh ón dá thréimhse seo mar aon le scagadh ar thorthaí Scéim Labhairt na Gaeilge ar mhaithe le (i) tuiscint a fháil ar fhorás threocht sochtheangeolaíochta na Gaeltachta ón thréimhse 2001 i leith agus (ii) tuilleadh scagtha a

---

<sup>3</sup> Cé gur foilsíodh an SCT sa bhliain 2007, níor eisíodh torthaí teanga Dhaonáireamh 2006 go dtí tamall i ndiaidh fhoilsiú an SCT.

dhéanamh ar iontaofacht na n-idirdhealuithe teanga agus próifíle Gaeltachta idir na Catagóirí A, B agus C a sonraíodh san SCT, agus rinneadh cúram ar leith den fhaisnéis a bhaineann leis an tréimhse reatha ar mhaithe le patrúin ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht faoi láthair a nochtadh. Breathnaíodh ar fhaisnéis SLG ó 2003/4 i leith (an tréimhse deiridh a scagadh san SCT), ach rinneadh anailís ar leith ar an tsraith faisnéise a bhaineann le 2005/2006 agus 2010/2011 sa chaoi is go mbeadh bonn inchomparáide faisnéise ar fáil i dtaca leis an iniúchadh a bhí á dhéanamh ar thorthaí an dá dhaonáireamh dheiridh. D'fhág sin go raibh faisnéis shochtheanga ar fáil don anailís seo a bailíodh de réir critéar éagsúil agus a chruinnigh dhá fhoras stáit atá neamhspleách ar a chéile.

Ní hionann scóp an tionscadail nuashonraithe seo agus tionscadal an SCT bhunaidh. D'iarr an tÚdarás ar an bhfoireann taighde athnuachan a dhéanamh ar an SCT bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil sa taifead poiblí chun tuiscintí an SCT a thabhairt cothrom le dáta. De bhrí gur tionscadal beag a bhí á bheartú, níorbh acmhainn don fhoireann faisnéis a chruinniú ar aon dul leis na codanna eile a chuimsigh an SCT bunaidh:

- Suirbhé na ndaoine óga
- Taighde cáilíochtúil i measc tuismitheoirí Gaeltachta
- Taighde ar na hiarratais phleanála sna ceantair Ghaeltachta
- Taighde ar iompar teanga gnólachtaí Gaeltachta
- Tuairisc ar shraith grúpaí fócais ar théamaí éagsúla sna ceantair Ghaeltachta a bhfuil an phróifíl is láidre dá bhfuil ann le sonrú ina leith
- Tuairisc ar shraith cruinnithe poiblí sna ceantair ar léirigh a gcuid sonraí san anailís fhaisnéisiúil go raibh labhairt na Gaeilge níos leochailí iontu.

## ACHOIMRE

### NUASHONRÚ AR AN STAIDÉAR CUIMSITHEACH TEANGEOLAÍOCH AR ÚSÁID NA GAEILGE SA GHAELTACHT: 2006–2011

Is é aidhm an fhoilseacháin seo nuashonrú a dhéanamh ar thaighde an *Staidéir Chuimsithigh Theangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (SCT 2007) i bhfianaise faisnéis nua teanga a cuireadh ar fáil ó 2007 i leith. [Féach conradh taighde in Aguisín 5: athnuachan a dhéanamh ar an príomhfhoinsí staitistiúla a bhain leis an *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíochta ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht*]. Bunaítear an nuashonrú seo go príomha ar thorthaí na gceisteanna teanga i nDaonáirimh 2006 agus 2011 agus ar thorthaí Scéim Labhairt na Gaeilge (SLG) a fhreagraíonn do na tréimhsí sin, .i. 2005/2006 agus 2010/2011. Déantar comparáid idir torthaí na nDaonáireamh is deireanaí agus torthaí incomparáide Dhaonáirimh 2002 agus 1996 d'fhonn treochtaí san fhaisnéis teanga sa tréimhse seo a aithint. Cuirtear torthaí na hanailíse seo i láthair i gcomhthéacs na léargas agus na dtuiscintí úra a tháinig chun solais le blianta beaga anuas maidir le sealbhú mionteanga agus le teangeolaíocht agus le sochtheangeolaíocht an dátheangachais mhíbhuntáistiúil mhionlaigh. Tá tátal an tsaothair seo frémhaithe i bhfianaise chomhaimseartha sochtheangeolaíochta agus déimeagrafaíochta, maille le tuiscintí léiritheacha teangeolaíochta ar chinniúint an mhionteangachais dhúchais i gcúinsí reatha socheolaíochta.

#### Treochtaí ginearálta

Léirítear in anailís an staidéir nuashonraithe seo:

- go bhfuil an creimeadh atá á dhéanamh ar bhonn sóisialta na Gaeilge sa Ghaeltacht ag titim amach ag ráta níos tapúla ná mar a bhí á thuar san SCT
- nach mbeidh an Ghaeilge á labhairt mar theanga cheannasach phobail in aon limistéar Gaeltachta faoi cheann roinnt bheag blianta; nuair a dhéantar anailís ar fhaisnéis an taighde seo, i bhfianaise torthaí eile gaolmhara taighde a cuireadh ar fáil i saothair eile le tamall anuas, ba dheacair a áiteamh go mbeidh saolré níos faide ná deich mbliana ag an nGaeilge mar theanga phobail in aon áit sa Ghaeltacht
- go bhfuil fianaise ar fáil i bhfaisnéis chomhaimseartha maidir le laghdú ar bhisiúlacht shóisialta na Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta is mó a labhraítear Gaeilge iontu

- go bhfuil beogacht na Gaeilge de réir mar a thuigtear go sóisialta í i mbaol a báite sa Ghaeltacht ar fad, beag beann ar an gcatagóir Ghaeltachta (A, B nó C) a bhfuil an pobal Gaeilge ann
- go bhfuil teacht i dtreis fheidhm shóisialta an Bhéarla sa Ghaeltacht ag cur le díláithriú fheidhm shóisialta na Gaeilge sna limistéir is mó Gaeilge
- nach bhfuil an Ghaeltacht, mar atá sí, inmharthana, más pobal urlabhra Gaeilge a shamhlaítear leis an nGhaeltacht.

### Dáileadh na gCatagóirí Gaeltachta

Léirítear san anailís seo:

- go n-áirítear 21 toghroinn i gCatagóir A de réir dháileadh na faisnéise a bhaineann le torthaí Dhaonáireamh 2011, agus 26 agus 108 toghroinn i gCatagóirí B agus C faoi seach
- go bhfaightear mórchuid thoghanna Chatagóir A, de réir fhaisnéis Dhaonáireamh 2011, i gceantar Chois Fharráige agus Chonamara Theas, 12 toghroinn as an iomlán (21 TR i gCat. A), cúig toghroinn de chuid Chatagóir A i gceantar Chorca Dhuibhne agus ceithre toghroinn de chuid Chatagóir A i gceantar iarthuaisceart Dhún na nGall
- go bhfuil méadú tagtha ar líon na dtoghann i gCatagóir B ó aimsir an SCT (2007), go háirithe i gcás leithinis Chorca Dhuibhne agus cheantar Mhúscraí
- go bhfuarthas tuilleadh fianaise sna próifílí catagóireacha ar bhailíocht na n-idirdhealuithe idir Chatagóirí A, B agus C, go háirithe sa bhearna idir próifíl Chatagóir A agus an chuid eile den Ghaeltacht
- nach ionann rangú ceantair i gCatagóir A agus sainiú ar ‘cheantar láidir Gaeilge’ i ngeall go bhfuil fianaise againn i gcás thoghanna Chatagóir A nach bhfuil an Ghaeilge á labhairt iontu mar nós bisiúil sóisialta i measc na nglúinte ar fad
- gur ionann rangú ceantair i gCatagóir A agus rangú an phobail sin ar dháileadh beogachta a bhfuil gnéithe de phobal limistéarach teanga le sonrú air, seachas gréasáin mhionteanga amháin, ach gur féidir treocht a bhaineann le dul i léig mionteanga a aithint ar threocht bheogachta an dáilidh i gCatagóir A freisin.

## Faisnéis Scéim Labhairt na Gaeilge (SLG)

Léirítear san anailís seo:

- ardú mór i saothrú Scéim Labhairt na Gaeilge sa tréimhse ó 2006 go 2010 agus sa tréimhse ó 2003 go 2010 san athrú i bpointí céatadánacha, go háirithe i gceantair de chuid Chatagóir B agus C de chuid na Rinne, Mhúscraí agus oirthear Chorca Dhuibhne
- gur tháinig laghdú ar líon na dteaghlach a shaothraigh deontas iomlán SLG i gcás 11 de na 21 toghroinn i gCatagóir A (Daonáireamh 2011), agus laghdú an-suaithinseach i gcás seacht dtoghroinn den aon cheann déag sin san athrú ó 2003 go 2010
- go rangaítear 12 toghroinn sa dáileadh limistéarach ina bhfaightear an ráta gnóthachtála is airde maidir le torthaí SLG sa bhliain 2010/11 (.i. 75%–100% de theaghlaigh i dTR ar leith ag saothrú deontas SLG): seacht dtoghroinn i gceantar Chois Fharraige agus Chonamara Theas, trí thoghroinn i gceantar Chorca Dhuibhne agus dhá thoghroinn i gceantar iarthuaisceart Dhún na nGall.

## Ráta Caighdeánaithe Beogachta (RCB) Gaeilge sa Ghaeltacht

Léirítear san anailís seo:<sup>4</sup>

- gur i measc aoisghrúpaí na scolaíochta a fhaightear na rátaí beogachta is airde (5–12 bl. agus 12–19 mbl.)
- go dtiteann na Rátaí Caighdeánaithe Beogachta (RCB) i gcás fhaisnéis aoisghrúpaí na ndaoine fásta
- gur tháinig ardú measartha ar RCB i measc rannóga na n-óg (aoisghrúpaí na scolaíochta) ó 1996–2011, ach níl an t-ardú idir 2006–2011 chomh suaithinseach sin
- go bhfuil codarsnacht shoiléir le feiceáil idir dáileadh na RCB in aoisghrúpaí na scolaíochta agus dáileadh RCB na ndaoine sna rannóga aoise eile gur dócha nach bhfuil baint dhíreach acu le foras oideachais
- go bhfuil bearna shoiléir idir labhairt institiúideach na Gaeilge agus labhairt shóisialta na Gaeilge sa Ghaeltacht

---

<sup>4</sup> Is éard atá sa Ráta Caighdeánaithe Beogachta meicníocht choibhneasta scórála a chuireann slat tomhais ar fáil maidir le seasmhacht chomparáideach na Gaeilge i dtoghroinn Ghaeltachta ar leith, féach Fo-chaididil 3.1.

- go mbeadh staid na Gaeilge sa Ghaeltacht níos laige murach foghlaim na Gaeilge sna scoileanna Gaeltachta
- gur tháinig laghdú ar na rátaí beogachta i gcás na dtoghrann a bhaineann le Catagóir A (is é sin líon na dtoghrann atá os cionn na tairsí de 67% Cainteoirí Laethúla Gaeilge) sa tréimhse ó 1996 i leith
- go bhfuil contrárthacht dhiúltach shoiléir le feiceáil i ndáileadh Rátaí Caighdeánaithe Beogachta Chatagóir A agus rátaí na dtoghrann a bhaineann le Catagóirí B agus C.

Comparáid idir faisnéis na gcainteoirí óga Gaeilge agus faisnéis na gcainteoirí fásta  
Léirítear san anailís seo:

- nach nós seasmhach í labhairt shóisialta na Gaeilge sa Ghaeltacht i gcomhthéacs an teaghlaigh ná an phobail
- go bhfaightear spléachadh ar an mísheasmhacht mhionteanga is suntasaí i measc fhaisnéis na n-óg
- go bhfuil comparáid dhiúltach idir faisnéis na n-óg agus an faisnéis eile a shonraíonn feidhm nó gnás Gaeilge ag leibhéal an phobail
- nach sonraítear ach toghroinn amháin os cionn scoithphointe Chatagóir A nuair a chuirtear an anailís chatagóireach i bhfeidhm ar fhaisnéis na nGaeilgeoirí óga, .i. breis is 67% de na daoine óga a bheith ina gcainteoirí gníomhacha Gaeilge, de réir mar a thuairiscítear í i nDaonáireamh 2011 (féach Fo-chaibidil 3.7)
- gurb í toghroinn Chill Chuimín (Ros an Mhíl, Co. na Gaillimhe) an t-aon toghroinn Ghaeltachta a chomhlíonann critéar Chatagóir A i gcás fhaisnéis na n-óg
- go bhfuil codarsnacht shoiléir idir faisnéis an phobail trí chéile i gCatagóir A agus faisnéis na ndaoine óga sna toghranna céanna
- go bhfreagraíonn faisnéis na nGaeilgeoirí óga i gCatagóir A don raon faisnéise a bhaineann le Catagóir B
- go bhfuil bearna shoiléir idir faisnéis na n-óg i raon faisnéise Chatagóir B agus a macasamhail de raon i gcás Chatagóir C
- go bhfuil fianaise shoiléir á tabhairt chun solais i bhfaisnéis na n-óg ar ghluaiseacht i dtreo an aistrithe teanga ó Ghaeilge go Béarla sna limistéir Ghaeltachta is mó a labhraítear Gaeilge iontu.

## Tátal

Níl an Ghaeltacht buan mar atá sí. Faoi réir cúinsí reatha, ní mhairfidh an rannpháirtíocht phobail a thugann brí Ghaelach do shainiúlacht na Gaeltachta ach tréimhse ghairid eile. Tá ceannas feidhmiúil an Bhéarla sna limistéir Ghaeltachta trí chéile ag déanamh díláithrithe ar fheidhm na Gaeilge iontu. Is é an toradh a bheidh ar dhíláithriú seo na Gaeilge ná imeacht as na Gaeltachta, de réir mar a thuigtear go sóisialta agus go cultúrtha í. Léirítear in anailís an tsaothair seo ar an gcuid den Ghaeltacht is mó Cainteoirí Laethúla Gaeilge go maireann glúin na tuismitheoireachta agus na seantuismitheoireachta i gceantair Chatagóir A agus go bhfeidhmíonn a gclann agus a ngarchlann i ngréasáin chomhaoiseacha atá i gCatagóir A go limistéarach ach gur cosúla iad na gréasáin seo le próifílí teanga Chatagóirí B agus C ó thaobh na sochtheangeolaíochta de. Go hachomair, is éard atá á léiriú sa taighde seo ná spléachadh ar mhionlú sóisialta na Gaeilge ina bhfuil fágtha dá láthair dhúchais féin.

Beidh cur chuige nua, malartach a chuirfear i bhfeidhm go fuinniúil agus go samhlaíoch de dhíth má tá an pobal agus an Stát ag iarraidh go mairfidh gnéithe de dhúchas na Gaeltachta ar aon bhealach bisiúil i réimsí soch-chultúrtha agus institiúideacha shaol na Gaeltachta amach anseo. I ndeireadh na dála, ní féidir bisiúlacht an dúchais Ghaelaigh a chothú mura n-eascróidh sí as taithí phoiblí agus phearsanta ar an dúchas sin sa chéad dul síos.

Sa chás go n-éireoidh leis na háisíneachtaí tacaíochta Gaeltachta cur ina luí ar an bpobal agus a Stát go bhfuiltear le ceannaireacht mhisniúil a thabhairt agus le feidhmiú go cumasach de réir straitéisí stuama institiúideacha a bheadh fréamhaithe go muiníneach i dtuiscintí réadúla ar chinniúint shochoaíoch na Gaeilge dúchais, is líonmhar iad na dúshláin atá le sárú. In ainneoin an dua a caitheadh le réiteach na *Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030* agus *Acht na Gaeltachta 2012*, mheabhródh práinn agus íogaire staid reatha na Gaeltachta nach mbeidh a bhfuil á shamhlú le cur chuige na Straitéise ná an Achta acmhainneach ná ábhartha go leor le tabhairt faoi na dúshláin atá roimh phobal Gaelach na Gaeltachta. Tá forálacha Gaeltachta na Straitéise agus an Achta ró-learnh ó thaobh fise de, ró-lagbhrioch ó thaobh na ceannaireachta de, ró-thrína chéile ó thaobh straitéise de, ró-sheachantach ó thaobh a gcuid aidhmeanna de, agus ró-sheachmallach ó thaobh buntuiscintí de, le tionchar dearfach a imirt astu féin ar chúinsí reatha na Gaeltachta.



Níl ag éirí, agus is beag seans go n-éireoidh, lena bhfuil á bheartú faoi láthair i leith ghéarchéim reatha na Gaeltachta ar údar neamhshuntasach amháin nach bhfuil sé fréamhaithe i ndiagnóis cheart ar an deacracht a bhfuil sé ag iarraidh dul i ngleic léi. Níl an cur chuige reatha ag tabhairt aghaidh ar an gcreimeadh tréan atá á dhéanamh ar bhonn sóisialta na Gaeilge. Ní féidir an phleanáil teanga ar son mionteanga a thionscnamh mura mbeifear sásta agus inniúil ar dhlús na gcainteoirí mionteanga a chosaint sa chéad áit. Seachas tacaíocht sprioctha a cheapadh chun misneach a thabhairt do na daoine a d'fhéadfadh dlús sóisialta na Gaeilge a chosaint agus a chothú, tá na beartais reatha ag iarraidh an Ghaeilge a chothú mar earra roghnach tomhaltóireachta ar mhargadh iomaíoch – an teanga lag in iomaíocht leis an teanga láidir. Ní mhaireann teangacha i ngeall gur earraí tarraingteacha cultúrtha iad, maireann siad de thoradh na hacmhainne atá ag grúpaí sóisialta feidhm shoch-chultúrtha a thabhairt dóibh. Ní margaíocht ar earra cultúrtha a theastaíonn ón nGaeilge le go mairfidh sí mar theanga phobail, ach pobal misniúil, inmharthana a thabharfaidh feidhm di. Tá gach dealramh ar an scéal go bhfuil cur chuige reatha na n-áisíneachtaí Gaeltachta ag giollaíocht ar an múnla tomhaltóireachta nuair ba thairbhí dóibh a bheith i dtuilleamaí na léargas sóisialta. Beidh sé fíordheacair ar na háisíneachtaí Gaeltachta inmhortacht cuir chuige idir-rannaigh a chur ina luí ar chodanna níos láidre den Státchóras, an Roinn Oideachais agus Scileanna, cuir i gcás, go bhfuiltear ag iarraidh polasaithe sóisialta, seachas áitimh chultúrtha, a fhorbairt, mura dtabharfaidh na háisíneachtaí Gaeltachta le fios i dtosach báire gurb in iad na riachtanais a bhfuil siad féin ag freastal orthu. Is mó riachtanas atá ag an nGaeltacht ar an tsocheolaíocht seachas ar an margaíocht chultúrtha. Is polasaithe ciallmhara sóisialta a thiocfaidh i gcabhair ar mhionlach teanga atá ag cailleadh a ndlúis phobail, seachas áitimh a eascraíonn as inmhortacht na hilghnéitheachta cultúrtha. Is deacair earra imeallach cultúrtha, .i. mionteanga, a reic le pobal scáinte a chonaic an creimeadh a rinne an saol mór roimhe sin ar an mbonn pobail a thug beogacht don teanga sa chéad dul amach. Léirítear san fhianaise shochtheanga nach gcuirfear ach spéis imeallach i dteanga mhionlaigh nuair nach n-éiríonn leis an tsochaí trí chéile a bhaineann léi spéis bhisiúil a chur sna daoine (.i. muintir na Gaeltachta) a chleachtann an teanga sin go sóisialta agus go feidhmiúil mar fhéiniúlacht phríomhúil.

Is ionann cloí le cleachtais reatha agus glacadh go praiticiúil le próiseas an dul i léig mionteanga sa Ghaeltacht. Beidh fíis agus cur chuige eile ag teastáil. Theastódh polasaí agus clár oibre radacach éigeandála teanga a chur i bhfeidhm sa Ghaeltacht, agus go

háirithe i gceantair de chuid Chatagóir A, le teacht i gcabhair ar Ghaeil na Gaeltachta sa gháatar sochtheangeolaíochta a bhfuil siad ann. Ní múnlaí pleanála teanga iad *Acht na Gaeltachta 2012* ná an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030* a fheileann cainteoirí Gaeilge atá rannpháirteach i ndlúthphobal Gaeilge. Is léir, mar sin, go bhfuil múnla eile de dhíth a bheidh ag freastal ar riachtanais na dlúthrannpháirtíochta Gaelaí.

Moltar anseo go gcuirfí Coimisiún Éigeandála Teanga ar bun a d'fhéachfadh le múnla pleanála agus clár oibre maoinithe a chur i bhfeidhm sa Ghaeltacht a bheadh fréamhaithe i ndiagnóis agus i moltaí an *Staidéir Chuimsithigh Theangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht*.

## CAIBIDIL 1: ANAILÍS CHATAGÓIREACH NA GAELTACHTA

### 1.1 Faisnéis na ndaonáireamh de réir catagóirí

Cuirtear i láthair sa chaibidil seo an fhaisnéis shochtheanga ó dhá thréimhse daonáirimh, 2006 agus 2011. Déantar scagadh ar dháileadh na faisnéise seo de réir na hanailíse catagóirí a cleachtadh san SCT.

Is iomaí scagadh a rinneadh ar fhaisnéis teanga an daonáirimh d'fhonn tomhas a dhéanamh ar théagar na Gaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht (féach, m. sh., Ó Gliasáin 1990; Mac Donnacha *et al.* 2005; Ó Riagáin 1997 agus an SCT). Rinne Mac Donnacha *et al.* (2005) rangú ar dháileadh fhaisnéis na gCainteoirí Laethúla Gaeilge sa Ghaeltacht mar bhonn idirdhealaithe ar thrí phróifíl teanga a chuimsigh comhdhéanamh sochtheangeolaíochta na Gaeltachta sa tréimhse a bhí faoi chaibidil ina suirbhé. Maíodh san SCT i dtaobh shuirbhé Mhic Dhonnacha *et al.* (2005):

‘rinne Mac Donnacha *et al.* (2005) na scoileanna a chatagóiriú de réir líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa cheantar ina bhfuil an scoil suite (bunaithe ar shonraí ó Dhaonáireamh 2002 maidir leis an gcéatadán daonra a labhraíonn an Ghaeilge go laethúil), mar seo a leanas:

Catagóir A: Scoileanna atá suite i gceantar ina labhraíonn 70%+ den phobal an Ghaeilge go laethúil. Bhain 30% de na scoileanna agus 28% de na daltaí sa suirbhé leis an gcatagóir seo.

Catagóir B: Scoileanna atá suite i gceantar ina labhraíonn idir 40% agus 69% den phobal an Ghaeilge go laethúil. Bhain 16% de na scoileanna agus 16% de na daltaí sa suirbhé leis an gcatagóir seo.

Catagóir C: Scoileanna atá suite i gceantar ina labhraíonn níos lú ná 39% den phobal an Ghaeilge go laethúil. Bhain 53% de na scoileanna agus 56% de na daltaí sa suirbhé leis an gcatagóir seo.

Tugann a gcuid anailíse ar chumas agus ar phatrúin teanga na ndaltaí i scoileanna Gaeltachta léargas dúinn ar staid na Gaeilge sna cineálacha éagsúla pobal teanga atá cuimsithe laistigh de theorainneacha oifigiúla na Gaeltachta ag tús na haoise seo. I gcás na scoileanna atá i gCatagóir C, mar shampla, thuairiscigh na príomhoidí nach raibh ‘Gaeilge líofa’ ach ag 2% de na leanaí a bhí ag freastal ar rang na naíonán beag (Mac Donnacha *et al.* 2005: 43). ...

Is mó de chúis inní, áfach, an fhaisnéis chéanna do na scoileanna i gCatagóir A, .i. na scoileanna sin atá suite sna ceantair Ghaeltachta is láidre, a léiríonn nach bhfuil ‘Gaeilge líofa’ ach ag 43% de na daltaí atá i gceist’ (Mac Donnacha *et al.* 2005: 41).

Seo a leanas an t-idirdhealú a rinneadh san SCT i dtaobh na bpróifílí teanga a bhain leis na catagóirí éagsúla Gaeltachta a sainíodh san SCT:

‘**Limistéir Ghaeltachta Chatagóir A** a chuimsíonn na toghranna a bhfuil breis is 67% dá ndaonra iomlán (3bl.+)<sup>1</sup> ina gcainteoirí laethúla Gaeilge. Is iad seo na

toghranna a bhfuil an speictream is airde úsáide Gaeilge le fáil iontu agus seasmhacht áirithe le sonrú ar an bpatrún úsáide Gaeilge sna rannóga aoise ar fad, cé is moite d'iompar teanga na n-óg. Is ionann 67% den phobal a bheith ina gcainteoirí laethúla Gaeilge agus tairseach chinniúnach theangeolaíoch. Léirítear san anailís a rinneadh i gCaibidlí 3 agus 6 go dtagann laghdú tobann ar úsáid na Gaeilge mar theanga theaghlaigh agus phobail nuair a thiteann líon na gcainteoirí laethúla i gceantar faoi bhun na tairsí seo.

**Limistéir Ghaeltachta Chatagóir B** a chuimsíonn na toghranna a bhfuil idir 44%–66% dá ndaonra iomlán (3bl.+)<sup>1</sup> ina gcainteoirí laethúla Gaeilge. Is ceantair iad seo a bhfuil úsáid na Gaeilge le sonrú iontu i gcónaí ach gur léir go bhfuil úsáid an Bhéarla in uachtar. Tá comharthaí sóirt an aistrithe teanga le feiceáil go soiléir sna difríochtaí i bhfaisnéis an Daonáirimh maidir le húsáid na Gaeilge in aoisghrúpaí éagsúla, .i. is iondúil go mbíonn líon na gcainteoirí laethúla níos airde i measc na n-aoisghrúpaí scoile ná mar a bhíonn in aoisghrúpaí na ndaoine fásta. Tugann sé seo le tuiscint go bhfuil an Ghaeilge imithe ar gcúl sna ceantair seo agus gur i gcomhthéacs scoile is mó atá sí á húsáid ag daoine óga. In ainneoin gur mionlach iad, i gcás chomhdhéanamh sochtheangeolaíoch an phobail trí chéile, is iondúil go mbíonn céatadán suntasach de na haoisghrúpaí níos sine sna ceantair seo ina gcainteoirí laethúla freisin. Léirítear san fhaisnéis staitistiúil go bhfuil úsáid áirithe á baint as an nGaeilge mar ghnáthurlabhra sna pobail seo go fóill, ach go bhfuil sí teoranta d'aoisghrúpaí faoi leith agus/nó d'institiúidí faoi leith, agus/nó do ghréasáin aitheantais faoi leith.

**Limistéir Ghaeltachta Chatagóir C** a chuimsíonn na toghranna a bhfuil faoi bhun 44% dá ndaonra iomlán (3bl.+)<sup>2</sup> ina gcainteoirí laethúla Gaeilge. Cuimsíonn an chatagóir seo an líon is mó toghrann agus daonra de na trí chatagóir seo. Is iondúil gur i measc na n-aoisghrúpaí scoile den chuid is mó a úsáidtear an Ghaeilge sna limistéir seo. Is gá a chur san áireamh, áfach, go gcuimsíonn an chatagóir seo roinnt ceantair bheaga a mbeadh tréithe shochtheangeolaíocha ag baint leo nach dtagann leis an bpróifíl ar an gcatagóir trí chéile. Tarlaíonn sé seo de bharr gur mionlach iad na pobail atá i gceist laistigh de na toghranna a bhfuil siad suite iontu. Cé gur léir i gcásanna áirithe go bhfuil leas an-teoranta á bhaint as an nGaeilge mar theanga phobail nó institiúideach i gcás cuid de na toghranna atá i gCatagóir C, i gcásanna eile, tugann an fhaisnéis le fios go n-úsáidtear an Ghaeilge fós i gcuid de na gréasáin aitheantais agus de na hinstiúidí oideachais agus pobail a bhaineann le Catagóir C' (SCT: 503–4).

Admhaíodh san SCT (fonóta 83, lch 503) 'nach luíonn léiriú céatadánach ar thairseach agus coincheap na tairsí teangeolaí go héasca lena chéile i ngeall ar a inathraithe is atá an dinimic teanga i bpobal. Léirítear, áfach, i bhfaisnéis teanga a bhailítear i dtréimhse ar leith pictiúr den dinimic sin'. Cuimsíonn an saothar nuashonraithe seo faisnéis teanga ó cheithre thréimhse daonáirimh (1996, 2002, 2006 agus 2011), faisnéis a thugann deis dúinn scagadh níos mine fós a dhéanamh ar threocht fhaisnéis na gCainteoirí Laethúla sa tréimhse seo 1996–2011 agus ar bhailíocht na n-áiteamh maidir leis na hidirdhealuithe a bhí á ndéanamh idir na próifílí teanga a rinneadh i gcás na gCatagóirí A, B agus C.

Cuirtear i láthair sa chaibidil seo, mar sin, an fhaisnéis chatagóireach teanga bunaithe ar na toghranna Gaeltachta a bhaineann le Daonáirimh 2006 agus 2011 d'fhonn fianaise chomparáideach a chur ar fáil don phlé a rinneadh ar Dhaonáirimh 1996 agus 2002 san SCT. Beifear in ann an fhaisnéis a bhaineann le torthaí Scéim Labhairt na Gaeilge do na tréimhsí 2005/2006 agus 2010/2011 (a phléitear i gCaibidil 2) a chur i gcomparáid le dáileadh na gcatagóirí sa Ghaeltacht don tréimhse 2006–2011 agus dáileadh na gcatagóirí a cuireadh i láthair san SCT. I gCaibidil 3 fillfear ar scagadh a rinneadh san SCT (ar fhianaise teanga an Daonáirimh) a d'fhéach le tairseach inmharthana teanga a nochtadh i ndáileadh fhaisnéis na gCainteoirí Laethúla. I bhfianaise na hanailíse a dhéanfar ar fhaisnéis nua a cuireadh ar fáil ó aimsir an SCT (2007) i leith, is féidir tuilleadh cíortha a dhéanamh ar ábharthacht na tairsí inmharthana, chomh maith le nuashonrú a dhéanamh ar ghnéithe suntasacha de thaighde an SCT. I measc phríomhchonclúidí an SCT, maíodh go bhfuil tairseach inmharthana le haithint i ndáileadh fhaisnéis shochtheangeolaíochta na Gaeltachta. Is ionann an tairseach inmharthana seo agus pointe scoite i gcás pobal mionteanga. Maíodh san SCT go n-éiríonn an bonn sóisialta a bhfuil na nósanna mionteanga fréamhaithe iontu mísheasmhach i limistéar ar leith nuair a thiteann líon na gcainteoirí gníomhacha mionteanga sa limistéar sin faoi bhun tairsí de 70% den phobal; nó leis an bpointe céanna a dhéanamh ar mhalairt slí, tá comhartha láidir an titim as a chéile le sonrú ar an bpobal stairiúil áitiúil teanga nuair a théann líon na gcainteoirí gníomhacha mórtheangacha thar dhlús de thrian den daonra áitiúil. Rinneadh mionphlé ar an tairseach inmharthana mionteanga i gCaibidilí 3–6 san SCT (2007b).

### **1.1.1 Faisnéis eile shochtheangeolaíochta a cuireadh ar fáil ó 2007 i leith**

Ar cheann de na pointí is suntasaí san SCT, tá a mheasctha is atá comhdhéanamh sóisialta an phobail sa Ghaeltacht agus a fhréamhaithe is atá an Béarla sna pobail ar fad, fiú i gCatagóir A, dá bharr. Pobail dhátheangacha Gaeilge/Béarla a shainmhíniú an chuid is láidre den Ghaeltacht ó thaobh na Gaeilge de anois. Tuigtear go bhfuil éifeacht ag an dátheangachas seo ar phobal mionlaigh teanga i ngeall ar an iomaíocht éagothrom idir tromlach teanga agus an mionlach a labhraíonn an mhionteanga ar dhá bhealach:

- Láidríonn an dátheangachas mionlaigh feidhm na mórtheanga i measc an mhionlaigh
- Is deacra mionteanga a shealbhú nuair atá mórtheanga á sealbhú go comhuaineach léi.

Pléadh in Ó Curnáin (2007 agus 2009) na himpleachtaí a eascraíonn as laghad an ionchuir Ghaeilge a fhaigheann na cainteoirí baile Gaeilge sa Ghaeltacht chomhaimseartha, faoi réir an dátheangachais dhealaithe, do chaighdeán an tsealbhaithe Ghaeilge a chuirtear i gcrích. Maíonn Ó Curnáin nach bhfuil san ionchur Gaeilge a fhaigheann na cainteoirí óga Gaeltachta ach sciar beag den ionchur a fuair glúinte roimhe seo agus go sealbhaíonn an ghlúin óg reatha Gaeilge laghdaithe dá bharr seo. Rinne na húdair seo a leanas, i measc taighdeoirí eile, anailís ar na himpleachtaí a eascraíonn as laghad an tsealbhaithe Ghaeilge a fhaigheann aoisghrúpaí éagsúla i measc óige na Gaeltachta d’inniúlacht Ghaeilge atá ag an aos óg: Lenoach (2009, 2012, 2014); Ní Chonchúir (2012); Ó Curnáin (2012a) agus Péterváry *et al.* (2014). Pléitear sna saothair seo gnéithe éagsúla d’easpa feidhme na mionteanga, an Ghaeilge, i gcleachtais na nglúinte óga agus an bhaint atá ag an bhfeidhm theoranta seo le teorantacht na gnóthachtála mionteanga a chuir cainteoirí óga Gaeltachta i gcrích. Nochtar sna saothair seo próiseas atá míbhuntáistiúil do shealbhú na Gaeilge ach nach ndéanann an t-aimhleas céanna don ghnóthachtáil Bhéarla.

Rinneadh iniúchadh ar impleachtaí socheolaíochta, sochtheangeolaíochta, antraipeolaíochta agus dioscúrsúla chineál an mhionteangachais a chleachtar sa Ghaeltacht faoi láthair in Lenoach *et al.* (2012 *An Chonair Chaoch: an Mionteangachas sa Dátheangachas*). Maíodh in Lenoach *et al.* (2012) nach bhfuil mionteangachas na Gaeltachta mar atá sí inmharthana agus go ndéanann an taithí atá ag na pobail Ghaeilge sa Ghaeltacht ar an dátheangachas sóisialta leas an Bhéarla agus aimhleas na Gaeilge sna pobail seo. Maítear sa saothar sin go bhfuil ceannas sóisialta an Bhéarla ag teacht i dtreis i measc na bpobal Gaeltachta ina gcuid gréasán institiúideach agus pobal, agus go bhfuil ceannas an Bhéarla sna pobail seo le haithint ar chineál an tsealbhaithe atá á chleachtadh faoi láthair, fiú sna teaghlaigh Ghaeilge sa Ghaeltacht.

Soláthraíonn Péterváry *et al.* (2014) fianaise dhoshéanta ar cheannas an Bhéarla san fhorás teanga a chuireann daltaí Gaeltachta, ar cainteoirí dúchais iad, i gcrích. Ní mór cuimhneamh mar sin go gcuireann an scagadh a dhéantar ar fhaisnéis teanga an daonáirimh an spléachadh sochtheangeolaíochta is dearfaí dá bhfuil ann ar fáil. Fiú sna cásanna ina bhfaightear spléachadh ar ghréasáin Ghaeilge sa Ghaeltacht, ní mór a thabhairt san áireamh go mb’fhéidir nach bhfuil ach an Ghaeilge dhátheangaithe á hionramháil sna gréasáin seo. Is éard atá i gceist leis an nGaeltacht dhátheangaithe ná feidhm uileláithreach an Bhéarla sna gréasáin shóisialta Ghaeilge (nó Bhreac-Ghaeilge)

sa Ghaeltacht agus feidhm an Bhéarla san fhorás teanga agus cogneolaíochta a bhfuil Gaeilgeoirí<sup>5</sup> na Gaeltachta ag brath uirthi le céimeanna an fhoráis seo a chur i gcrích, go háirithe i gcás an aosa óig. Ní fheidhmíonn cainteoirí i ngréasáin na Gaeilge laghdaithe agus dátheangaithe de réir an téagair céanna urlabhra is a d'fheidhmíodh cainteoirí i ngréasáin na Gaeilge iomláine sna glúinte roimhe seo agus iad i ndlús ní ba láidre.

Nuair atáthar ag trácht sa saothar seo mar sin ar Chainteoirí Laethúla na Gaeilge (de réir fhaisnéis na ndaonáireamh), agus ar bheogacht na Gaeilge bunaithe ar anailís ar choibhneas na gCainteoirí Laethúla Gaeilge seo sa phobal, ní mór cuimhneamh go bhfeidhmíonn cuid shuntasach de na cainteoirí Gaeilge seo i ngréasáin teaghlaigh, phobail agus institiúideacha a bhfuil riachtanas le labhairt laethúil an Bhéarla iontu freisin, chomh maith le códmheascadh Gaeilge agus Béarla. Murab ionann agus modh aonteangach formhór mór na ngréasán Béarla a fheidhmíonn in Éirinn, bídis sa Ghaeltacht nó lasmuigh di, glacann cainteoirí Gaeilge na Gaeltachta páirt i ngréasáin shóisialta de réir an mhodha dhátheangaithe. Ní féidir fios a bheith againn i dtaobh fhaisnéis Ghaeilge an daonáirimh an bhfuil téagar níos láidre ag modh na Gaeilge le hais mhodh an Bhéarla sna gréasáin seo. Sna ceantair sin, mar sin, ina bhfaightear an spléachadh is airde ar líon na gCainteoirí Laethúla Gaeilge iontu, ní féidir talamh slán a dhéanamh de go bhfeidhmíonn gréasáin na nGaeilgeoirí seo ar an mbealach bisiúil céanna is a fheidhmíonn gréasáin na mBéarlóirí in Éirinn. Ní thugann faisnéis daonáirimh ar chainteoirí Gaeilge na Gaeltachta ach léargas ar ghnéithe de shocheolaíocht na Gaeilge de réir mar atá sí á labhairt mar mhionteanga agus í in iomaíocht shóisialta le mórtheanga atá á labhairt sa chomhthéacs céanna limistéarach agus sóisialta léi. Tá an saothar seo ag déanamh anailíse ar bheogacht mhionteanga ina láthair dhúchais féin, .i. an Ghaeilge sa Ghaeltacht, ach de bharr feidhm an Bhéarla sna pobail seo (ó thaobh an fhoráis chogneolaíochta ag leibhéal pearsanta an duine agus bisiúlacht an Bhéarla i réimsí sóisialta an phobail) is léir, ag an tráth seo, ó thaobh cumais fheidhmiúil an tsealbhaithe san óige, gur beoga an mhórtheanga, an Béarla, sa Ghaeltacht, fiú sna ceantair ina tuairiscítear na rátaí is airde beogachta Gaeilge iontu. Seo toradh ar an mionteangachas dátheangach<sup>6</sup> nach féidir a sheachaint nuair nach bhfuil de rogha ag na mionteangóirí ach

---

<sup>5</sup> Baintear leas as an téarma 'Gaeilgeoir' anseo de réir na príomhbhrí a shonraíonn Ó Dónaill (1977: 600) san *Fhoclóir Gaeilge-Béarla* a d'eisigh an Gúm. Tuigtear go luaitear bríonna eile leis an téarma seo freisin, go háirithe ó thaobh na hantraipeolaíochta de, ach is brí theangeolaíoch atá á lua leis sa saothar seo.

<sup>6</sup> Déantar mionphlé ar choincheap an mhionteangachais dhátheangaigh in Ó Giollagáin (2012). Go hachomair, is éard atá i gceist leis an mionteangachas dátheangach ná próiseas sóisialta ina gcailleann

a bheith ina mórtheangóirí sula mbíonn an deis acu spriocanna feidhmiúla a bhaint amach sa sealbhú mionteanga, an Ghaeilge sa chás seo, ag pointe criticiúla sa tréimhse luathshaoil. I bhfianaise a leochailí is atá faisnéis bheogachta na Gaeilge sa Ghaeltacht is inmholta don phobal agus don Stát an deis a thapú chun machnamh agus plé dáiríre a chothú ar a neamh-inbhuanaithe is atá cinniúint chomhaimseartha na Gaeltachta. Ní thiocfaidh straitéis bhisiúil chun cinn i leith na cinniúna seo mura mbeidh sí fréamhaithe in anailís réadúil ar fhianaise shoiléir. Is é an creimeadh leanúnach ar na gréasáin Ghaeilge atá ar marthain i gcás na gcatagóirí Gaeltachta ar fad, i gclaonadh a n-imeachta as, an toradh a bheidh ar thosca seo an neamh-inbhuanaithe a sheachaint.

Baintear leas sa saothar seo as dhá shraith faisnéise go príomha, ceisteanna teanga na nDaonáireamh agus torthaí ábhartha Scéim Labhairt na Gaeilge, le tomhas a dhéanamh ar threochtaí i mbeogacht teanga na Gaeilge sa Ghaeltacht a aithníodh san SCT. Chleacht na húdair an modh oibre seo de bharr na gcúig fháth seo a leanas:

- a) ba é an cur chuige ba léirithí le bonn comparáide cothrom le dáta a chur ar fáil chun tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar tháta na beogachta Gaeltachta a leagadh amach san SCT
- b) bhíothas ag iarraidh athnuachan a dhéanamh ar shonraí sochtheangeolaíochta na Gaeltachta a bheadh ina mbonn faisnéise don phleanáil teanga sa Ghaeltacht
- c) ba é an cur chuige ab fheiliúnaí chun téarmaí tagartha an chonartha taighde a chur i gcrích taobh istigh de choinníollacha agus scála ama an chonartha
- d) bíonn inmharthanacht an mhionlaigh teanga ag brath go príomha ar dhlús daonra na gcainteoirí mionteanga i limistéar ar leith
- e) soláthraíonn scagadh ar phróifíl déimeagrafaíochta an phobail mhionteanga, maille le dáileadh na faisnéise mionteanga sna haoisghrúpaí éagsúla, an léiriú is sonraí ar sheasmhacht nó leochaileacht an phobail mhionteanga agus iad i ngleic leis na brúnna sóisialta a eascraíonn as an gcaidreamh atá acu le pobal a labhraíonn mórtheanga, .i. trí bhíthin an phróifílithe idirghlúinigh seo is féidir teacht ar fhianaise ar dhóchúlacht an aistrithe teanga sa mhionlach agus ar phróiseas sóisialta ina bhfuil an mionlach ag glacadh chleachtais teanga an

---

pobal mionteanga, go háirithe i réimse na tuismitheoireachta, an acmhainn chun glúin óg a thógáil go haonteangach sa mhionteanga nó iad a thógáil ar bhealach a mbeidh an sealbhú feidhmiúil mionteanga ina thoradh air.



tromlaigh chucu féin i réimsí soch-chultúrtha ina mbíodh an mhionteanga ceannasach roimhe sin.

Tuigeann na húdair go bhfuil cúinsí ilghnéitheacha ag tiomáint treochtaí maidir leis an mbeogacht teanga i measc pobail mhionteanga sa bhreis ar na príomhchúinsí a bhaineann le dlús na gcainteoirí mionteanga i limistéar phobal traidisiúnta na mionteanga. Ina measc siúd tá:

- Feidhmiúlacht a gcultúir teanga ina limistéar traidisiúnta féin agus feidhmiúlacht eile bhreise i gcomhthéacsanna sóisialta eile, .i. an inniúlacht agus na deiseanna atá ag cainteoirí ar an nGaeilge i réimsí éagsúla sóisialta agus institiúideacha (féach m.sh., Lenoach *et al.* 2012)
- Téagar na comhfhiosachta i measc an mhionlaigh teanga gur sainghrúpa iad (féach m.sh., Fishman 1989; Péterváry 2015, le teacht)
- An coibhneas idir an chaoi a sainmhíonn an grúpa iad féin go himheánamh agus an dearcadh a bhíonn ag an ngrúpa eile teanga ar an mionlach teanga, .i. síceolaíocht shóisialta inmheánach an ghrúpa le hais na síceolaíochta seachtraí (féach m.sh., Barth 1969; Kaufmann 2004; Ó Giollagáin 2012b; Salzman 2007)
- Caighdeán na ceannaireachta atá ag an mionlach teanga (féach m.sh., Ó Giollagáin 2012a; Ó Giollagáin 2014a; 2014b)
- Nádúr an chaidrimh atá ag an mionlach le lucht feidhme na cumhachta (féach m.sh., Ó Riagáin 1997; Williams 2007)
- An choimhlint idir stádas institiúideach na gcainteoirí agus an stádas praiticiúil i measc an phobail mhionteanga (féach m.sh., Fishman 2001; Ó Riain 1994)
- An soláthar institiúideach do mhionteangóirí, .i. cineál na dtacaíochtaí institiúideacha atá á soláthar don mhionlach (Mac Donnacha 2000, Strubell 2001a, 2001b)
- Caighdeán an tsoláthair oideachais a chuirtear ar fáil do mhionteangóirí ina ndúchas féin (Ó Flatharta 2007)
- Bonn socheacnamaíoch an phobail mhionteanga (Walsh 2011).

Ina dhiaidh sin féin agus i bhfianaise na hanailíse a rinneadh ar ghnéithe éagsúla do chinniúint na Gaeilge dúchais le tamall anuas i réimsí sainiúla léinn, tá na húdair ag

déanamh talamh slán de go dtuigtear nach taighde *in vacuo* atá sa saothar seo. Léirítear i saothair éagsúla teangeolaíochta agus sochttheangeolaíochta go bhfuil impleachtaí ag na claochluithe i gcomhdhéanamh an phobail sa Ghaeltacht ar théagar chineál na Gaeilge dúchais atá á shealbhú i measc na nglúinte is óige sa Ghaeltacht chomhaimseartha le hais na Gaeilge a shealbhaítí nuair a bhíodh feidhm ní ba láidre ag an nGaeilge agus nuair a bhíodh Gaeilge fheidhmiúil á cleachtadh sna haoisghrúpaí ar fad sa Ghaeltacht (féach m. sh., Lenoach 2012, 2014; Lenoach *et al.* 2012; Ó Curnáin 2007, 2009, 2012a, 2012b, 2015, le teacht; ‘Suirbhé na nDaoine Óga’ san SCT; Ó Giollagáin 2002, 2005, 2010, 2011b; Péterváry *et al.* 2014; Ní Chonchúir 2012). Dá gcuirfí an fhianaise thrioblóideach theangeolaíochta agus shochtheangeolaíochta seo taobh leis an bpróifiliú déimeagrafaíochta ar dháileadh na gcatagóirí Gaeltachta a dhéantar sa nuashonrú faisnéise seo, d’fhéadfaí a mhaíomh go bhfuil léiriú agus léargas níos íogaire agus níos achrannaí fós le fáil i réimsí gaolmhara léinn maidir le cinniúint na Gaeilge dúchais sa Ghaeltacht chomhaimseartha ná mar a shonraítear i staitisticí socheolaíochta an tsaothair seo. Nuair a chuimsítear tátal na réimsí ar fad anailíse le chéile, áfach, is í práinn na ceiste i dtaobh mhísheasmhacht chúinsí reatha an phobail Ghaeilge sa Ghaeltacht is túsce a thagann chun solais.

Cuireann an saothar nuashonraithe seo faisnéis eile ar fáil, ó thaobh thaithí na hÉireann de ar an mionteangachas, atá ábartha don díospóireacht idirnáisiúnta ar leochaileacht oidhreacht chultúrtha agus teangeolaíochta an domhain. Shaothraigh taighdeoirí éagsúla ar fud na cruinne litríocht fhairsing acadúil a dhéanann cíoradh stuama, ó pheirspictíochtaí éagsúla léinn, ar na fórsaí soch-chultúrtha agus polaitiúla is cionsiocair leis an mbagairt thréan don éagsúlacht dhomhanda teangacha, m. sh., Crystal (2000), Dorian (1981), Fernando *et al.* (2010), Gorenflo *et al.* (2014), Hagège (2011), Harmon *et al.* (2010), Harrison (2007), Jones (1998), Krauss (1992), Lewis *et al.* (2014), Mosley, (2010), Nettle agus Romaine (2002), Norris *et al.* (2002). Is léir ó 2007 i leith, am foilsithe an SCT, nach bhfuil oidhreacht Ghaelach na hÉireann saor ó na treohtaí seo atá ag bagairt ar an ilghnéitheacht. Níl i bhfianaise shochtheanga na hÉireann ach léiriú réigiúnach ar threocht mhór dhomhanda maidir le mísheasmhacht na mionteangacha faoi réir chúinsí reatha an (iar-)nua-aoisithe (féach m. sh., Ó Giollagáin 2011c).

### 1.1.2 An Ghaeltacht á sainiú

Is léir gur iomaí brí a bhaintear as an téarma ‘Gaeltacht’ sa lá atá inniu ann.<sup>7</sup> Tá an sainmhíniú a dhéantar anois ar choincheap na Gaeltacha chomh scaoilte sin i ngeall ar an éagsúlacht teanga a fhaightear ó cheantar go ceantar sa Ghaeltacht. Aithníodh san SCT go sainmhíniú rannpháirtithe sna pobail éagsúla an Ghaeltacht de réir na taithí atá acu ar labhairt na Gaeilge agus an Bhéarla, agus ar an gcoibhneas eatarthu, i gceantar ar leith. Scríobhadh san SCT:

‘Is spéisiúil gur léiríodh luach na féiniúlachta Gaeltacha sna ceantair uile beag beann ar a laige is a bhí labhairt na Gaeilge i gceantar. Sa chomhthéacs sin, fiafraíodh cén tuiscint a bhí acu féin ar an gcoincheap ‘Gaeltacht’ agus is léir ó na freagraí nach í an bhrí chéanna a bhaineann gach pobal Gaeltacha as an bhfocal ‘Gaeltacht’. I measc na sainmhíntithe a tháinig chun cinn bhí:

- Pobal ina bhfuil níos mó Gaeilge á labhairt ná mar atá sa chuid eile den tír.
- Pobal ina bhfuil daoine fabhrach don Ghaeilge agus ina labhraíonn cuid acu an Ghaeilge go rialta.
- Pobal ina bhfuil roinnt teaghlach á dtógáil le Gaeilge.
- Pobal ina bhfuil na hinstiúidí oideachais agus/nó instiúidí eile ag feidhmiú trí Ghaeilge.
- Pobal ina bhfuil eagraíochtaí pobail/Gaeilge ag déanamh iarrachta an Ghaeilge a chur chun cinn.
- Pobal a bhíodh aitheanta go traidisiúnta mar phobal Gaeltacha.

Bhí an chosúlacht ar an gcomhthéacs inar tugadh cuid de na freagraí seo go raibh daoine, in amanna, ag lorg sainmhíniú ar an bhfocal ‘Gaeltacht’ a d’fhreagródh don staid reatha ina bhfuil an Ghaeilge ina bpobal féin, mar argóint i gcoinne aon bheartais a mbeadh sé mar aidhm leis a gceantar a bhaint amach as an nGaeltacht. Bhí sé soiléir in amanna eile, áfach, go raibh an sainmhíniú a chuir daoine ar fáil bunaithe ar an tuiscint a bhí acu féin ar an nGaeltacht – tuiscint a bhí bunaithe ar an gcineál ceantar Gaeltacha ar fhás siad féin aníos ann. I bhfocail eile, is cosúil go bhfuil na paraiméadair a bhaineann leis an mbrí a bhaineann daoine agus pobail éagsúla as an bhfocal agus as an gcoincheap ‘Gaeltacha’ i gcomhréir cuid mhaith leis an gcineál Gaeltacha a bhfuil taithí acu féin air, ar lámh amháin, agus go bhfuil sé chomh scaoilte sin ar an lámh eile gur féidir leo na paraiméadair a leathnú chun an staid reatha a bhaineann lena bpobal féin a chuimsiú laistigh de, nuair a oireann sin’ (SCT 2007b: 483).

---


<sup>7</sup> Léirítear brí oifigiúil na Gaeltacha san *Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú)*, 1956 agus in *Acht na Gaeltacha*, 2012 agus sainítear ceantar feidhme na Gaeltacha sna hionstraim reachtúla: *Orduithe na Limistéar (Gaeltacht)*, 1956, 1967, 1974, agus 1982. Tráchtann Acht 1956, 2(2) ar: ‘an Ghaeilge a chaomhaint agus a leathnú mar ghnáth-urrlabhra’ agus is mar seo a leanas a thagraíonn Acht 2012, 2(6) don Ghaeltacht: ‘ciallaíonn “Limistéar Pleanála Teanga Gaeltacha” limistéar a ainmnítear le hordú faoi alt 7(2) chun bheith ina Limistéar Pleanála Teanga Gaeltacha’. Ní hann do choincheap an ghrúpa urlabhra Gaeilge in *Acht na Gaeltacha*, 2012, .i. an leasú a rinneadh ar *Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú)*, 1956, agus ní luaitear an focal ‘urrlabhra/vernacular’ i bhforálacha an *Achta*.

Tá an plé agus an anailís a dhéantar sa saothar seo ar chinniúint agus ar bheogacht na Gaeltachta fréamhaithe i dtuiscintí ar phobal urlabhra Gaeilge seachas i dtuiscintí agus i ndioscúrsaí poiblí a fhéachann le ‘normalú’ an Bhéarla (ó thaobh pheirspictíocht na mórtheanga de) i limistéir oifigiúla na Gaeltachta a mhíniú mar ghné neodrach agus neamhiomaíoch de dhinimicí sóisialta i bpobal dátheangach. Is í an bhrí shochtheangeolaíochta is bonn de choincheap na Gaeltachta i gcomhthéacs na hanailíse seo ná ceantar ina bhfuil formhór an phobail ina gcainteoirí bisiúla Gaeilge agus acmhainn dá réir ag an bpobal an bhisiúlacht Ghaeilge a sheachadadh ar aghaidh chuig sciar suntasach den ghlúin is óige atá ina gcónaí ina measc. Ciallaíonn fianaise leanúnach ar laghdú idirghlúineach ar bhisiúlacht shóisialta na Gaeilge i gceantar Gaeltachta, mar sin, go bhfuil beogacht na Gaeilge á creimeadh i réimsí éagsúla sóisialta an cheantair agus go bhfuil feidhm an Bhéarla ag teacht i dtreis ar bhealach a dhéanann díláithriú ar an nGaeilge i réimsí ina mbíodh sí ceannasach roimhe sin.

## **1.2 Catagóirí Gaeltachta 2011**

Cuirtear i láthair san fhochaibidil seo an fhaisnéis a bhaineann le Cainteoirí Laethúla Gaeilge sa Ghaeltacht i nDaonáireamh 2011 agus dáileadh catagóireach uirthi de réir mar a rinneadh san SCT i gcás na 155 toghroinn Ghaeltachta (Catagóir A = 67%+ Cainteoirí Laethúla Gaeilge; Catagóir B = 44%–67% Cainteoirí Laethúla Gaeilge; Catagóir C <44% Cainteoirí Laethúla Gaeilge). Léirítear sa léarscáil tosaigh sa tsraith an dáileadh náisiúnta i gcás na seacht gcontae a bhfuil toghranna Gaeltachta iontu agus, ina diaidh sin, léirítear an fhaisnéis chatagóireach chéanna i léarscáileanna contae san ord seo a leanas: Dún na nGall, Maigh Eo, Gaillimh, Ciarraí, Corcaigh, Port Láirge agus an Mhí. Cuirtear an fhaisnéis staitistiúil ar fáil i bhFochaibidil 1.4 agus in Aguisín 1, agus déantar plé ar na sonraí comparáideacha is suntasaí i bhFochaibidil 1.4. Is i bhFochaibidil 1.3 a léirítear dáileadh na gcatagóirí de réir mar a shonraítear iad i bhfaisnéis teanga Dhaonáireamh 2006.

## Catagóirí Gaeltachta D. 2011 Gaeltacht Categories 2011




**LÉARÁID 1:** LÉARSCÁIL Náisiúnta na gCatagóirí Gaeltachta 2011:  
DÁILEADH NA GCATAGÓIRÍ GAELTACHTA DE RÉIR Fhaisnéis na gCainteoirí  
Laethúla i nDaonáireamh 2011 sna Limistéir Gaeltachta  
(Gorm dorcha = Cat. A; Gorm meánach = Cat. B agus Gorm éadrom = Cat. C)  
NIRSA a réitigh. Ceadúnas Uimhir MP 8252. © Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus Rialtas na hÉireann  
An Phríomh-Oifig Staidrimh – faisnéis SAPS an Daonáirimh<sup>8</sup>

**Nóta:** In Aguisín 3 cuirtear na léarscáileanna catagóireacha ar fáil de réir fhaisnéis na gCainteoirí Laethúla Gaeilge i nDaonáirimh 1996, 2002, 2006, 2011 in ord na gcontaetha Gaeltachta d’fhonn an chomparáid idirdhaonáirimh a éascú.

---


<sup>8</sup> Is le caoinchead Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann agus na Príomh-Oifige Staidrimh a réitíodh léarscáileanna an fhoilseacháin seo. Ba é NIRSA a réitigh na léarscáileanna faoi réir cheadúnas uimhir MP 8252. Eisíodh an ceadúnas seo i dtaca le foilsiú léarscáileanna an SCT (2007a, 2007b). Ní bhactar leis an gceadúnas a chur leis na léarscáileanna go léir atá sa saothar seo.

## Catagóirí Gaeltachta 2011: Dún na nGall Gaeltacht Categories 2011: Donegal




LÉARÁID 2: DÁILEADH NA GCATAGÓIRÍ GAELTACHTA DE RÉIR FHAINNÉIS NA GCAINTEOIRÍ LAETHÚLA I NDAONÁIREAMH 2011 I LIMISTÉAR GAELTACHTA DHÚN NA NGALL (Gorm dorcha = Cat. A; Gorm meánach = Cat. B agus Gorm éadrom = Cat. C)

## Catagóirí Gaeltachta 2011: Maigh Eo Gaeltacht Categories 2011: Mayo



LÉARÁID 3: DÁILEADH NA GCATAGÓIRÍ GAELTACHTA DE RÉIR FHAISNÉIS NA GCAINTEOIRÍ LAETHÚLA I NDAONÁIREAMH 2011 I LIMISTÉAR GAELTACHTA MHAIGH EO (Gorm dorcha = Cat. A; Gorm meánach = Cat. B agus Gorm éadrom = Cat. C)


### Catagóirí Gaeltachta 2011: Gaillimh Gaeltacht Categories 2011: Galway



**LÉARÁID 4:** DÁILEADH NA GCATAGÓIRÍ GAELTACHTA DE RÉIR FHAISNÉIS NA GCAINTEOIRÍ LAETHÚLA I NDAONÁIREAMH 2011 I LIMISTÉAR GAELTACHTA NA GAILLIMHE (Gorm dorcha = Cat. A; Gorm meánach = Cat. B agus Gorm éadrom = Cat. C)




## Catagóirí Gaeltachta 2011: Ciarraí Gaeltacht Categories 2011: Kerry



LÉARÁID 5: DÁILEADH NA GCATAGÓIRÍ GAELTACHTA DE RÉIR FHAISNÉIS NA GCAINTEOIRÍ LAETHÚLA I NDAONÁIREAMH 2011 I LIMISTÉAR GAELTACHTA CHIARRAÍ (Gorm dorcha = Cat. A; Gorm meánach = Cat. B agus Gorm éadrom = Cat. C)

## Catagóirí Gaeltachta 2011: Corcaigh Gaeltacht Categories 2011: Cork




LÉARÁID 6: DÁILEADH NA GCATAGÓIRÍ GAELTACHTA DE RÉIR FHAINSNÉIS NA GCAINTEOIRÍ LAETHÚLA I NDAONÁIREAMH 2011 I LIMISTÉAR GAELTACHTA CHORCAÍ (Gorm dorcha = Cat. A; Gorm meánach = Cat. B agus Gorm éadrom = Cat. C)<sup>9</sup>

---


<sup>9</sup> Cuirtear faisnéis eile Chléire, an pháirt-toghroinn Ghaeltachta ar chósta Cho. Chorcaí (CSO: 18290), ar fáil i dTáblaí 2, 4, 6, 7, 10 agus in Aguisíní 1 agus 2. Réitíonn faisnéis Chléire le próifíl Chatagóir B, de réir fhaisnéis Dhaonáireamh 2011.

## Catagóirí Gaeltachta 2011: Port Láirge Gaeltacht Categories 2011: Waterford



**LÉARÁID 7:** DÁILEADH NA GCATAGÓIRÍ GAELTACHTA DE RÉIR FHAISNÉIS NA GCAINTEOIRÍ LAETHÚLA I NDAONÁIREAMH 2011 I LIMISTÉAR GAELTACHTA PHORT LÁIRGE (Gorm dorcha = Cat. A; Gorm meánach = Cat. B agus Gorm éadrom = Cat. C)

## Catagóirí Gaeltachta 2011: an Mhí Gaeltacht Categories 2011: Meath




**LÉARÁID 8:** DÁILEADH NA GCATAGÓIRÍ GAELTACHTA DE RÉIR FHAISNÉIS NA GCAINTEOIRÍ LAETHÚLA I NDAONÁIREAMH 2011 I LIMISTÉAR GAELTACHTA NA MÍ (Gorm dorcha = Cat. A; Gorm meánach = Cat. B agus Gorm éadrom = Cat. C)

### 1.3 Catagóirí Gaeltachta 2006


Cuirtear i láthair san fhochaibidil seo an fhaisnéis a bhaineann le Cainteoirí Laethúla Gaeilge sa Ghaeltacht i nDaonáireamh 2006 agus dáileadh catagóireach uirthi de réir mar a rinneadh san SCT i gcás na 155 toghroinn Ghaeltachta (Catagóir A = 67%+ Cainteoirí Laethúla Gaeilge; Catagóir B = 44%–67% Cainteoirí Laethúla Gaeilge; Catagóir C <44% Cainteoirí Laethúla Gaeilge). Léirítear sa léarscáil tosaigh sa tsraith an dáileadh náisiúnta i gcás na seacht gcontae a bhfuil toghranna Gaeltachta iontu agus, ina diaidh sin, léirítear an fhaisnéis chatagóireach chéanna i léarscáileanna contae san ord seo a leanas: Dún na nGall, Maigh Eo, Gaillimh, Ciarraí, Corcaigh, Port Láirge agus an Mhí. Cuirtear an fhaisnéis staitistiúil ar fáil i bhFochaibidil 1.4 agus in Aguisín 1 agus déantar plé ar na sonraí comparáideacha is suntasaí i bhFochaibidil 1.4.

### Catagóirí Gaeltachta D. 2006 Gaeltacht Categories 2006




LÉARÁID 9: DÁILEADH NA GCATAGÓIRÍ GAELTACHTA DE RÉIR FHAINÉIS NA GCAINTEOIRÍ LAETHÚLA I NDAONÁIREAMH 2006 SNA LIMISTÉIR GHAELTACHTA (Gorm dorcha = Cat. A; Gorm meánach = Cat. B agus Gorm éadrom = Cat. C)

## Catagóirí Gaeltachta 2006: Dún na nGall Gaeltacht Categories 2006: Donegal




LÉARÁID 10: DÁILEADH NA GCATAGÓIRÍ GAELTACHTA DE RÉIR FHAINNÉIS NA GCAINTEOIRÍ LAETHÚLA I NDAONÁIREAMH 2006 I LIMISTÉAR GAELTACHTA DHÚN NA NGALL (Gorm dorcha = Cat. A; Gorm meánach = Cat. B agus Gorm éadrom = Cat. C)

## Catagóirí Gaeltachta 2006: Maigh Eo Gaeltacht Categories 2006: Mayo



**LÉARÁID 11:** DÁILEADH NA GCATAGÓIRÍ GAELTACHTA DE RÉIR FHAINNÉIS NA GCAINTEOIRÍ LAETHÚLA I NDAONÁIREAMH 2006 I LIMISTÉAR GAELTACHTA MHAIGH EO (Gorm dorcha = Cat. A; Gorm meánach = Cat. B agus Gorm éadrom = Cat. C)


## Catagóirí Gaeltachta 2006: Gaillimh Gaeltacht Categories 2006: Galway



LÉARÁID 12: DÁILEADH NA GCATAGÓIRÍ GAELTACHTA DE RÉIR FHAISNÉIS NA GCAINTEOIRÍ LAETHÚLA I NDAONÁIREAMH 2006 I LIMISTÉAR GAELTACHTA NA GAILLIMHE (Gorm dorcha = Cat. A; Gorm meánach = Cat. B agus Gorm éadrom = Cat. C)




## Catagóirí Gaeltachta 2006: Ciarraí Gaeltacht Categories 2006: Kerry




LÉARÁID 13: DÁILEADH NA GCATAGÓIRÍ GAELTACHTA DE RÉIR FHAISNÉIS NA GCAINTEOIRÍ LAETHÚLA I NDAONÁIREAMH 2006 I LIMISTÉAR GAELTACHTA CHIARRAÍ (Gorm dorcha = Cat. A; Gorm meánach = Cat. B agus Gorm éadrom = Cat. C)

## Catagóirí Gaeltachta 2006: Corcaigh Gaeltacht Categories 2006: Cork




LÉARÁID 14: DÁILEADH NA GCATAGÓIRÍ GAELTACHTA DE RÉIR FHAISNÉIS NA GCAINTEOIRÍ LAETHÚLA I NDAONÁIREAMH 2006 I LIMISTÉAR GAELTACHTA CHORCAÍ (Gorm dorcha = Cat. A; Gorm meánach = Cat. B agus Gorm éadrom = Cat. C)

## Catagóirí Gaeltachta 2006: Port Láirge Gaeltacht Categories 2006: Waterford



LÉARÁID 15: DÁILEADH NA GCATAGÓIRÍ GAELTACHTA DE RÉIR FHAINNÉIS NA GCAINTEOIRÍ LAETHÚLA I NDAONÁIREAMH 2006 I LIMISTÉAR GAELTACHTA PHORT LÁIRGE (Gorm dorcha = Cat. A; Gorm meánach = Cat. B agus Gorm éadrom = Cat. C)

## Catagóirí Gaeltachta 2006: an Mhí Gaeltacht Categories 2006: Meath



LÉARÁID 16: DÁILEADH NA GCATAGÓIRÍ GAELTACHTA DE RÉIR FHAISNÉIS NA GCAINTEOIRÍ LAETHÚLA I NDAONÁIREAMH 2006 I LIMISTÉAR GAELTACHTA NA MÍ (Gorm dorcha = Cat. A; Gorm meánach = Cat. B agus Gorm éadrom = Cat. C)

### 1.4 Faisnéis na gCatagóirí Gaeltachta 2011

Áirítear 21 toghroinn i gCatagóir A de réir dháileadh na faisnéise a bhaineann le torthaí Dhaonáireamh 2011, agus 26 agus 108 toghroinn i gCatagóirí B agus C faoi seach. Is sa tábla in Aguisín 1 (an séú colún isteach ó imeall na láimhe deise) a shonraítear céatadáin na gCainteoirí Laethúla sna toghranna éagsúla a bhfuil dáileadh na gcatagóirí bunaithe orthu i gcás Dhaonáireamh 2006.

Déantar plé níos mine i gCaibidil 3 thíos ar bhunús, mhodheolaíocht agus ar thairbhe na Rátaí Caighdeánaithe Beogachta (RCB) mar mheicníocht anailísithe sochtheangeolaíochta.<sup>10</sup> Is ar anailís ar dháileadh na RCB a bhunaítear catagóiríú fháisnéis teanga an daonáirimh i dtrí réimse beogachta, .i. Catagóirí A, B agus C. Go hachomair, bunaítear na RCB ar chomparáid na faisnéise idir toghroinn amháin agus na

<sup>10</sup> Féach Caibidlí 3–6 san SCT (2007b) freisin. Tugadh Ráta Caighdeánaithe Minicíochta ar an gcoincheap céanna san SCT. Thagair an focal minicíocht do choibhneas líon na gCainteoirí Laethúla Gaeilge i gcás dhaonra na toghroinne.

toghranna eile agus ar chomparáid na faisnéise idir aoisghrúpa amháin i dtoghroinn agus na haoisghrúpaí sin sna toghranna eile. Díríonn an mheicníocht seo ar dháileadh limistéarach na faisnéise agus ar dháileadh aoise na faisnéise a chuireann modh anailísithe caighdeánaithe ar fáil i gcás dháileadh faisnéise na dtoghrann ar fad. Soláthraíonn an modh oibre seo scóráil chomparáideach i gcás bheogacht na Gaeilge sna toghranna Gaeltachta go léir.

**1.4.1 Faisnéis Chatagóir A, Daonáireamh 2011**

Toghroinn: Daonáireamh 2011	Daonra 3+	# CL	RCB	% CL	Contae	Cat.
39. Cill Chuáin	433	353	233.8	<b>81.3</b>	Ciarraí	A
161. An Turlach (Ros Muc)	523	443	233.4	<b>84.5</b>	Gaillimh	A
54. Cill Chuimín (Ros an Mhíl)	1260	1072	231.1	<b>84.5</b>	Gaillimh	A
158. Leitir Móir	866	761	221.1	<b>86.8</b>	Gaillimh	A
38. Mín an Chladaigh	1351	1077	220.2	<b>79.5</b>	Dún na nGall	A
149. Camas	344	294	219.5	<b>84</b>	Gaillimh	A
152. An Cromptán	2367	2043	219.4	<b>85.1</b>	Gaillimh	A
39. Loch na Scainimhe	643	549	206.1	<b>83.7</b>	Gaillimh	A
53. Árainn	1189	918	204.6	<b>75.7</b>	Gaillimh	A
35. Abhainn Ghabhla (Doire Iorrais)	289	223	200.9	<b>77.2</b>	Gaillimh	A
154. Garmna	1308	1169	200.2	<b>88.8</b>	Gaillimh	A
33. An Cnoc Buí	791	608	199.0	<b>75.1</b>	Gaillimh	A
38. Cill Mhaoilchéadair	457	349	198.9	<b>75.2</b>	Ciarraí	A
55. Cill Aithnín	956	721	195.2	<b>74.9</b>	Gaillimh	A
37. Machaire an Chlochair	2764	2079	189.7	<b>74.5</b>	Dún na nGall	A
42. Márthain	228	170	188.6	<b>71.4</b>	Ciarraí	A
61. Sailearna	1375	1120	187.6	<b>81.1</b>	Gaillimh	A
36. Gort an Choirce	1626	1239	179.1	<b>75.9</b>	Dún na nGall	A
35. Dún Urlann	408	313	173.1	<b>74.2</b>	Ciarraí	A
35. Dún Lúiche	726	529	163.3	<b>71.9</b>	Dún na nGall	A
34. Dún Chaoín	164	118	149.1	<b>69.8</b>	Ciarraí	A

**TÁBLA 1 NA TOGHRANNA GAELTACHTA ATÁ I GCATAGÓIR A (D. 2011) DE RÉIR DHÁILEADH ÍSLITHEACH NA RÁTAÍ CAIGHDEÁNAITHE BEOGACHTA**

Sonraítear i dTábla 1 faisnéis na dtoghraim a chuimsíonn Catagóir A de réir Dhaonáireamh 2011. I measc na 21 toghroinn a áirítear i réimse faisnéis Chatagóir A, baineann 12 toghroinn le ceantar Gaeltachta Cho. na Gaillimhe, cúig toghroinn le Co. Chiarraí agus ceithre toghroinn le Co. Dhún na nGall.

**1.4.2 Faisnéis Chatagóir B, Daonáireamh 2011**

Sonraítear i dTábla 2 faisnéis na dtoghraim a chuimsíonn Catagóir B de réir Dhaonáireamh 2011. I measc na 26 toghroinn a áirítear i réimse faisnéis Chatagóir B, baineann seacht dtoghroinn le Co. Dhún na nGall, sé toghroinn le Co. Chiarraí, cúig toghroinn le Co. Chorcaí, ceithre toghroinn le Co. na Gaillimhe, dhá toghroinn le Co. Mhaigh Eo agus toghroinn amháin le contaetha Phort Láirge agus na Mí araon.

Tá an bhearna a tugadh faoi deara san SCT idir na toghranna ag bun Chatagóir A agus na toghranna i mbarr Chatagóir B le tabhairt faoi deara san iniúchadh seo ar fhaisnéis 2011

ina dáileadh íslitheach. Níl ach dhá thoghroinn (an Ros 62.9% CL agus an Spidéal 64.6 CL) sa réimse céatadánach idir bun Chat. A, .i. *circa* 70% CL agus 60% CL i dtreo bharr Chat. B. Feictear bearna den chineál céanna sa bhearna i réimse na RCB (a phléifear i bhFochaibidil 3.1–3.3 thíos). Níl ach cúig thoghroinn sa réimse mór faisnéise i dtreo bhun Chat. A (173.1 RCB) agus an ráta i dtreo bharr Chat. B (144.2 RCB), .i. bearna de bheagnach 30 pointe sa dáileadh ar na RCB. Léirítear go bhfuil an Spidéal, Cill Chuimín (Gleann Treasna) agus Cnoc an Daimh (Ceathrú Thaidhg) á n-áireamh i gCatagóir B de réir fhaisnéis Dhaonáireamh 2011, cé go raibh siad i gCat. A san SCT. Tugtar faoi deara go bhfuil méadú tagtha ar líon na dtoghrann i gCatagóir B ó aimsir an SCT, go háirithe i gcás leithinis Chorca Dhuibhne agus ceantar Mhúscaí. Rinneadh rangú staitistiúil ar thoghroinn Dhún Chaoin i réimse faisnéis Cat. B san SCT, ach cloíonn na torthaí daonáirimh le rangú Cat. A i gcás thorthaí daonáirimh 2006 agus 2011.

Toghroinn: Daonáireamh 2011	Daon- ra 3+	# CL	RCB	% CL	Contae	Cat.
160. An Ros	89	56	180.7	<b>62.9</b>	Gaillimh	B
63. An Spidéal	1380	898	180.2	<b>64.6</b>	Gaillimh	B
51. Gleann Léithín	168	93	154.3	<b>55.4</b>	Dún na nGall	B
39. Anagaire <sup>11</sup>	2262	1207	144.2	<b>52.9</b>	Dún na nGall	B
290. Cléire*	118	59	143.9	<b>49.6</b>	Corcaigh	B
90. An Ráth Mhór (Ráth Chairn)*	418	247	142.9	<b>58.9</b>	an Mhí	B
40. Árainn Mhór	501	291	139.0	<b>57.9</b>	Dún na nGall	B
60. Cnoc an Daimh (Ceathrú Thaidhg)	341	205	139.0	<b>59.6</b>	Maigh Eo	B
206. Gort na Tiobradan (Cúil Aodha)	430	254	138.1	<b>58.8</b>	Corcaigh	B
48. Baile na Finne	300	177	137.1	<b>59</b>	Dún na nGall	B
42. Cró Bheithe	150	75	133.8	<b>48.1</b>	Dún na nGall	B
43. An Mhin Aird	366	181	132.6	<b>48.9</b>	Ciarraí	B
45. Ceann Trá	400	213	131.6	<b>52.9</b>	Ciarraí	B
47. Abhainn Bhrain	234	115	128.5	<b>48.7</b>	Maigh Eo	B
53. An Ghrafaidh	174	88	128.3	<b>49.7</b>	Dún na nGall	B
129. Alt na Péiste*	177	91	128.2	<b>51.1</b>	Dún na nGall	B

<sup>11</sup> Baineann ceantar Rann na Feirste le toghroinn Anagaire atá rangaithe i gCatagóir B. Dá bhféadfaí scagadh poiblí a dhéanamh ar fhaisnéis teanga na mbailte fearainn a chuimsíonn ceantar Rann na Feirste, is dócha go léireodh sí próifíl teanga a bheadh ar aon dul le toghranna eile i gCatagóir A i gContae Dhún na nGall, idir chomparáid fhaisnéis na n-óg agus fhaisnéis na ndaoine fásta agus thorthaí SLG. Ina dhiaidh sin féin, níl aon údar againn a cheapadh nach mbaineann na sonraí ina léirítear bearna idir líon na gCainteoirí Laethúla sa phobal trí chéile agus líon níos lú i measc na n-óg a labhraíonn an Ghaeilge lasmuigh de chomhthéacs na scolaíochta le cuid Rann na Feirste den toghroinn (féach an plé i bhFochaibidil 3.7 agus in Aguisín 4).

Toghroinn: Daonáireamh 2011	Daonra 3+	# CL	RCB	% CL	Contae	Cat.
199. Béal Átha an Ghaorthaidh	521	255	127.0	<b>48.9</b>	Corcaigh	B
202. Claonráth*	154	71	122.4	<b>44.7</b>	Corcaigh	B
29. Cé Bhréanainn	148	67	122.2	<b>45.3</b>	Ciarraí	B
31. An Clochán	290	135	121.2	<b>46.4</b>	Ciarraí	B
151. Conga	529	239	119.4	<b>44.2</b>	Gaillimh	B
108. Béal Átha an Ghaorthaidh* (T.Co.)	194	106	119.0	<b>54.6</b>	Corcaigh	B
4. Na Beathacha*	14	7	118.3	<b>50</b>	Ciarraí	B
34. Rinn ó gCuanach*	1242	598	116.0	<b>47.6</b>	Port Láirge	B
36. Na Gleannta	1730	790	104.7	<b>44.8</b>	Ciarraí	B
155. Cill Chuimín (Gleann Treasna)	150	72	104.4	<b>48</b>	Gaillimh	B

TÁBLA 2 NA TOGHRANNA GAELTACHTA ATÁ I GCATAGÓIR B (D. 2011) DE RÉIR DHÁILEADH ÍSLITHEACH NA RÁTAÍ CAIGHDEÁNAITHE BEOGACHTA

### 1.4.3 Faisnéis Chatagóir C, Daonáireamh 2011

Toghroinn: Daonáireamh 2011	Daonra 3+	# CL	RCB	% CL	Contae	Cat.
31. An Uillinn	94	40	120.5	<b>42.1</b>	Gaillimh	C
108. Suí Corr*	17	7	116.6	<b>41.2</b>	Dún na nGall	C
131. An Clochán*	497	205	111.6	<b>41.2</b>	Dún na nGall	C
20. Baile Mhic Airt	330	135	110.5	<b>40.2</b>	Port Láirge	C
32. Na Croisbhealaí	2069	908	108.9	<b>43.7</b>	Dún na nGall	C
40. Cinn Ard	344	136	108.0	<b>39.3</b>	Ciarraí	C
52. An Geata Mór Theas	880	382	107.8	<b>43.1</b>	Maigh Eo	C
51. Na Forbacha	1256	542	104.8	<b>43.1</b>	Gaillimh	C
19. Aird Mhór*	99	36	104.3	<b>35.6</b>	Port Láirge	C
122. Loch Caol*	38	14	101.6	<b>36.8</b>	Dún na nGall	C
49. Gleann Cholm Cille (Teileann)	706	291	98.7	<b>40.6</b>	Dún na nGall	C
126. Ros Goill	861	305	95.0	<b>34.3</b>	Dún na nGall	C
218. Sliabh Riabhach	791	325	94.1	<b>40.9</b>	Corcaigh	C
200. Ceann Droma*	299	102	90.5	<b>33.8</b>	Corcaigh	C
46. An Dúchoraidh	78	28	86.3	<b>34.1</b>	Dún na nGall	C
23. Toghroinn Fhíonáin	153	48	85.4	<b>31.2</b>	Ciarraí	C
219. Na hUláin	585	214	85.4	<b>36.3</b>	Corcaigh	C
118. Grianfort*	13	5	85.1	<b>38.5</b>	Dún na nGall	C
37. An Cheapaigh Dhuibh	331	115	84.3	<b>34.4</b>	Maigh Eo	C
62. Sliabh an Aonaigh	723	238	82.9	<b>32.6</b>	Gaillimh	C
20. Máistir Gaoithe	58	16	82.1	<b>27.6</b>	Ciarraí	C
205. Doire Fhínín	235	78	81.2	<b>32.9</b>	Corcaigh	C



Toghroinn: Daonáireamh 2011	Daonra 3+	# CL	RCB	% CL	Contae	Cat.
33. Baile an Chalaídh	216	78	81.2	<b>35.6</b>	Maigh Eo	C
56. Cill Ghabhlaigh (Gleann Cholm Cille)	359	115	79.9	<b>31.8</b>	Dún na nGall	C
23. Loch Iascaigh*	8	3	78.2	<b>37.5</b>	Dún na nGall	C
112. An Cheathrú Chaol*	4	1	75.9	<b>25</b>	Dún na nGall	C
27. An Baile Dubh	127	36	75.9	<b>28.1</b>	Ciarraí	C
150. An Fhairche	1003	288	75.4	<b>26.9</b>	Gaillimh	C
82. Cill Bhríde*	244	80	75.3	<b>32.7</b>	an Mhí	C
44. Sráidbhaile*	41	12	74.6	<b>29.3</b>	Ciarraí	C
62. Moing na Bó	276	80	73.6	<b>28.7</b>	Maigh Eo	C
62. Málainn Bhig	345	104	73.2	<b>29.6</b>	Dún na nGall	C
48. Partraí*	28	7	73.1	<b>25</b>	Maigh Eo	C
212. Cill na Martra*	363	119	71.8	<b>32.4</b>	Corcaigh	C
70. Baile Átha Buí*	70	23	71.3	<b>32.9</b>	an Mhí	C
53. Domhnach Pádraig*	587	181	70.9	<b>30.3</b>	an Mhí	C
55. Cill Charthaigh	643	169	69.9	<b>25.9</b>	Dún na nGall	C
33. An Daingean	1460	435	69.7	<b>29</b>	Ciarraí	C
5. Baile an Sceilg	362	99	69.5	<b>26.8</b>	Ciarraí	C
65. Tulaigh Mhic Aodháin*	1407	361	69.1	<b>25.5</b>	Gaillimh	C
114. Fánaid Thuaidh*	473	147	68.7	<b>29.5</b>	Dún na nGall	C
115. Fánaid Thiar*	181	53	68.1	<b>28.5</b>	Dún na nGall	C
133. An Corrán	703	185	68.1	<b>26.2</b>	Maigh Eo	C
14. Doire Ianna	196	54	67.0	<b>27</b>	Ciarraí	C
82. Tamhnaigh na Graí*	54	15	65.5	<b>27.8</b>	Maigh Eo	C
34. Maighros*	135	35	65.0	<b>25.4</b>	Gaillimh	C
128. An Tearmann*	255	67	64.7	<b>26.3</b>	Dún na nGall	C
41. Ard an Rátha*	42	11	64.4	<b>26.2</b>	Dún na nGall	C
124. Acaill	878	217	64.2	<b>24.7</b>	Maigh Eo	C
44. Bearna*	3417	944	62.1	<b>27.3</b>	Gaillimh	C
98. Mín an Lábáin*	61	13	60.3	<b>21</b>	Dún na nGall	C
136. Dumha Éige	602	154	60.1	<b>25.2</b>	Maigh Eo	C
35. Baile Óbha*	164	42	59.4	<b>25.6</b>	Maigh Eo	C
58. An Leargaidh Mhór*	364	93	58.7	<b>25.3</b>	Dún na nGall	C
51. An Geata Mór Thuaidh	913	198	58.6	<b>21.2</b>	Maigh Eo	C
59. Maigh Cuilinn	1889	503	58.1	<b>26.5</b>	Gaillimh	C
54. Inis Chaol	93	21	57.2	<b>22.3</b>	Dún na nGall	C
61. Cnoc na Lobhar	792	183	55.9	<b>22.6</b>	Maigh Eo	C
9. Ceannúigh*	160	38	55.3	<b>23.3</b>	Ciarraí	C
15. An tImleach*	359	78	53.5	<b>21.4</b>	Ciarraí	C
8. Cathair Dónaill*	80	16	53.4	<b>20</b>	Ciarraí	C
63. Na Monga	241	47	53.2	<b>19.3</b>	Maigh Eo	C
61. An Machaire	738	163	53.2	<b>21.8</b>	Dún na nGall	C

Toghroinn: Daonáireamh 2011	Daonra 3+	# CL	RCB	% CL	Contae	Cat.
47. Ceathrú an Bhrúnaigh	850	170	52.5	<b>19.8</b>	Gaillimh	C
46. An Carn Mór	2445	542	51.9	<b>21.9</b>	Gaillimh	C
56. Gleann na Muaidhe	225	46	51.6	<b>19.3</b>	Maigh Eo	C
48. Baile Chláir na Gaillimhe	1876	341	50.9	<b>17.8</b>	Gaillimh	C
6. An Baile Breac*	52	10	50.7	<b>19.2</b>	Ciarraí	C
31. An Craoslach*	65	12	49.9	<b>18.5</b>	Dún na nGall	C
3. Bearna*	7037	1499	49.8	<b>21.1</b>	Gaillimh	C
54. Barr Rúscáí	108	20	49.7	<b>18.3</b>	Maigh Eo	C
42. Baile an Teampaill*	173	38	49.6	<b>22</b>	Gaillimh	C
47. An Clochán Liath	1832	395	49.4	<b>21.4</b>	Dún na nGall	C
56. Leacach Beag*	196	37	48.1	<b>18.5</b>	Gaillimh	C
43. Cró Caorach	116	24	47.6	<b>20.7</b>	Dún na nGall	C
40. Eanach Dhúin	1784	368	47.3	<b>20.5</b>	Gaillimh	C
55. Béal an Mhuirthead	1951	352	47.3	<b>17.6</b>	Maigh Eo	C
57. Gleann Chaisil	495	96	47.2	<b>19</b>	Maigh Eo	C
59. Leitir Mhic an Bhaird	670	138	46.9	<b>20.4</b>	Dún na nGall	C
41. Tailtin (Baile Ghib)*	353	65	45.6	<b>17.7</b>	an Mhí	C
111. Carraig Airt*	425	73	45.4	<b>17</b>	Dún na nGall	C
64. Cnoc na Ráithe	721	118	45.2	<b>16.2</b>	Maigh Eo	C
24. An Trian Iarthach*	117	20	45.1	<b>16.7</b>	Ciarraí	C
30. Críoch na Sméar*	35	7	44.0	<b>20</b>	Dún na nGall	C
121. Cnoc Colbha*	95	16	44.0	<b>16.7</b>	Dún na nGall	C
52. Na Gleannta*	141	22	43.2	<b>15.6</b>	Dún na nGall	C
64. Inis Mhic an Doirn	1509	228	42.6	<b>15</b>	Dún na nGall	C
144. Mín Charraigeach*	13	2	41.6	<b>15.4</b>	Dún na nGall	C
13. Doire Fhíonáin*	138	25	39.1	<b>18.1</b>	Ciarraí	C
113. Creamhghort*	285	45	36.8	<b>15.6</b>	Dún na nGall	C
37. Cloch na Rón*	93	14	36.5	<b>14.4</b>	Gaillimh	C
2. Baile an Bhriota*	47	8	33.8	<b>17</b>	Gaillimh	C
22. Binn an Choire*	131	16	33.7	<b>11.9</b>	Gaillimh	C
4. An Caisleán Gearr*	2381	341	32.6	<b>13.8</b>	Gaillimh	C
63. Maol Mosóg*	116	15	32.1	<b>12.4</b>	Dún na nGall	C

TÁBLA 3 NA TOGHRANNA GAELTACHTA ATÁ I GCATAGÓIR C (D. 2011) DE RÉIR DHÁILEADH ÍSLITHEACH NA RÁTAÍ CAIGHDEÁNAITHE BEOGACHTA [>30 RCB, D. 2011]

## **CAIBIDIL 2: FAISNÉIS SCÉIM LABHAIRT NA GAEILGE**

Iarradh ar an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta na staitisticí atá acu i dtaobh Scéim Labhairt na Gaeilge (SLG) do na blianta 2005/2006 agus 2010/2011 a chur ar fáil don tionscnamh seo. Cuirtear an t-eolas a bhaineann leis na blianta sin ar fáil i dTábla 4 agus léirítear an fhaisnéis faoin líon a ghnóthaigh an deontas iomlán faoin scéim.

Lorgaíodh an t-eolas sa Daonáireamh maidir le líon na dteaghlach ina bhfuil páistí idir 6 bliana agus 18 mbliana atá i ngach toghroinn Ghaeltachta ar mhaithe le bunuimhir anailíse a chur ar fáil don dá thréimhse a bhí i gceist. Tá faisnéis na léarscáileanna thíos bunaithe ar líon na dteaghlach a ghnóthaigh deontas iomlán faoin scéim in 2005/2006 agus 2010/2011 mar chéatadán de líon na dteaghlach iomlán sa toghroinn a bhfuil páiste/í sa réimse aoise cuí acu.

Cuirtear i láthair sa chaibidil seo mar sin faisnéis a bhaineann le deontas iomlán SLG agus dáileadh céatadánach uirthi de réir mar a rinneadh san SCT i gcás na 155 toghroinn Ghaeltachta (Dearg dorcha = 75%+, Dearg = 65–75%, Oráiste 50–65%, Buí 40–50%, Uaithne 25–40%, Gorm <25%). Léirítear sa léarscáil tosaigh sa tsraith an dáileadh náisiúnta i gcás na seacht gcontae a bhfuil toghranna Gaeltachta iontu agus, ina dhiaidh sin, léirítear an fhaisnéis chéatadánach chéanna i léarscáileanna contae san ord seo a leanas: Dún na nGall, Maigh Eo, Gaillimh, Ciarraí, Corcaigh, Port Láirge agus an Mhí.

### **Faisnéis bhreise ar Scéim Labhairt na Gaeilge ó 2007 i leith**

Sa tsáranailís a rinne Éamonn Ó Bróithe (2008 agus 2012) ar fheidhmiú agus ar thorthaí Scéim Labhairt na Gaeilge, mhaígh sé go léirítear sa mhionscagadh orthu:

- Go bhfreagraíonn tuairim is leath de na torthaí do chlanna a shealbhaigh a gcumas sa Ghaeilge trí bhíthin chúnaimh na scolaíochta seachas trí bhíthin an tseachadta bhaile
- Go bhfreagraíonn na torthaí i gCatagóir A níos gaire do choibhneas na gcainteoirí baile i measc an phobail seachas sa dá chatagóir eile, ach go bhfuil sciar díobh siúd a bhíonn ag brath ar chúnaimh na scolaíochta freisin.

### **Táblaí 4 agus 5: Faisnéis Scéim Labhairt na Gaeilge**

I dTáblaí 4 agus 5 cuirtear faisnéis Scéim Labhairt na Gaeilge ar fáil. Is í seo a leanas an fhaisnéis a shonraítear sna colúin fhaisnéise ó chlé go deas:

1. An chead cholún: Líon na dteaghlach sa TR ar shaothraigh a gclann SLG (deontas iomlán) sa bhliain 2010/11
2. An dara colún: Céatadán na dteaghlach SLG de líon na dteaghlach iomlán sa TR sa bhliain 2010/11
3. An tríú colún: Líon na dteaghlach sa TR ar shaothraigh a gclann SLG sa bhliain 2005/06
4. An ceathrú colún: Céatadán na dteaghlach SLG de líon na dteaghlach iomlán sa TR sa bhliain 2005/06
5. An cúigiú colún: Athrú san fhaisnéis ó thaobh an phointe chaighdeánaigh de i dtorthaí SLG ó 2006 go dtí 2010
6. An séú colún: Céatadán na dteaghlach sa TR ar shaothraigh a gclann SLG sa bhliain 2003/04
7. An seachtú colún: Athrú san fhaisnéis ó thaobh an phointe chaighdeánaigh de i dtorthaí SLG ó 2003 go dtí 2010
8. An t-ochtú colún: Catagóir na toghroinne de réir fhaisnéis teanga Dhaonáireamh 2011.

I dTábla 4 cuirtear faisnéis chomparáideach idirthréimhseach Scéim Labhairt na Gaeilge ar fáil i gcás na dtoghramm Gaeltachta.

Toghroinn: Torthaí SLG	SLG 2010/11	SLG% 2010/11	SLG 2005/6	SLG% 2005/6	Athrú%Pt. 2006-2010	SLG% 2003/4	Athrú%Pt. 2003-2010	Catagóir
<b>Co. Chorcaí</b>								
108. Béal Átha an Ghaorthaidh* (T.Co.)	6	24.0	1	4.3	19.7	0.0	24.0	B
199. Béal Átha an Ghaorthaidh	19	37.3	14	26.4	10.8	16.0	21.3	B
200. Ceann Droma*	6	22.2	2	9.1	13.1	0.0	22.2	C
202. Claonráth*	6	40.0	2	14.3	25.7	21.4	18.6	B
205. Doire Fhíniú	2	10.0	5	21.7	-11.7	5.0	5.0	C
206. Gort na Tiobradan (Cúil Aodha)	22	62.9	18	51.4	11.4	40.5	22.3	B
212. Cill na Martra*	7	20.0	1	2.7	17.3	0.0	20.0	C
218. Sliabh Riabhach	22	30.1	10	14.7	15.4	3.1	27.1	C
219. Na hUláin	11	19.0	6	11.3	7.6	10.7	8.3	C
290. Cléire*	5	41.7	4	50.0	-8.3	16.7	25.0	B
<b>Co. Dhún na nGall</b>								
12. An Bhinn Bhán*	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
23. Loch Iascaigh*	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
30. Críoch na Sméar*	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
31. An Craoslach*	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
32. Na Croisbhealaí	82	38.5	58	26.9	11.6	23.5	15.0	C
33. Caisleán na dTuath*	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
34. Dún Fionnachaidh*	0	0.0	0	0.0	0.0	33.3	-33.3	C
35. Dún Lúiche	46	59.0	44	59.5	-0.5	49.3	9.7	A
36. Gort an Choirce	117	74.5	123	73.2	1.3	83.9	-9.3	A
37. Machaire an Chlochair	216	78.0	203	75.5	2.5	81.7	-3.7	A
38. Mín an Chladaigh	105	76.6	111	85.4	-8.7	97.4	-20.7	A
39. Anagaire	102	41.0	74	31.0	10.0	40.4	0.6	B
40. Árainn Mhór	30	60.0	19	43.2	16.8	54.5	5.5	B

Toghroinn: Torthaí SLG	SLG 2010/11	SLG% 2010/11	SLG 2005/6	SLG% 2005/6	Athrú%Pt. 2006-2010	SLG% 2003/4	Athrú%Pt. 2003-2010	Catagóir
41. Ard an Rátha*	1	20.0	0	0.0	20.0	0.0	20.0	C
42. Cró Bheithe	4	26.7	7	36.8	-10.2	33.3	-6.7	B
43. Cró Caorach	1	10.0	0	0.0	10.0	0.0	10.0	C
46. An Dúchoraidh	3	37.5	0	0.0	37.5	0.0	37.5	C
47. An Clochán Liath	6	3.2	1	0.5	2.6	0.6	2.6	C
48. Baile na Finne	13	36.1	11	34.4	1.7	43.3	-7.2	B
49. Gleann Cholm Cille (Teileann)	12	16.0	10	13.5	2.5	21.5	-5.5	C
50. Gleann Gheis*	2	15.4	1	6.7	8.7	6.7	8.7	C
51. Gleann Léithín	3	16.7	2	13.3	3.3	9.1	7.6	B
52. Na Gleannta*	1	7.7	1	8.3	-0.6	0.0	7.7	C
53. An Ghrafaidh	2	15.4	4	28.6	-13.2	41.7	-26.3	B
54. Inis Chaol	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
55. Cill Charthaigh	7	10.6	4	5.9	4.7	6.3	4.3	C
56. Cill Ghabhlaigh (Gleann Cholm Cille)	3	7.7	3	7.7	0.0	3.1	4.6	C
58. An Leargaidh Mhór*	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
59. Leitir Mhic an Bhaird	1	1.6	5	8.1	-6.4	7.6	-5.9	C
61. An Machaire	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
62. Málaínn Bhig	1	3.1	1	2.6	0.6	2.4	0.7	C
63. Maol Mosóg*	2	15.4	0	0.0	15.4	0.0	15.4	C
64. Inis Mhic an Doirn	2	1.3	2	1.4	-0.1	2.2	-0.9	C
98. Mín an Lábáin*	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
101. Gartán*	0	0	0	0	0	0	0	C
108. Súf Corr*	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
111. Carraig Airt*	1	2.6	0	0.0	2.6	0.0	2.6	C
112. An Cheathrú Chaol*	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
113. Creamhghort*	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C

Toghroinn: Torthaí SLG	SLG 2010/11	SLG% 2010/11	SLG 2005/6	SLG% 2005/6	Athrú%Pt. 2006-2010	SLG% 2003/4	Athrú%Pt. 2003-2010	Catagóir
114. Fánaid Thuaidh*	9	18.4	9	17.6	0.7	15.6	2.8	C
115. Fánaid Thiar*	8	57.1	6	37.5	19.6	46.7	10.5	C
118. Grianfort*	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
121. Cnoc Colbha*	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
122. Loch Caol*	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
126. Ros Goill	10	11.0	2	2.4	8.6	2.4	8.5	C
128. An Tearmann*	2	7.4	2	10.5	-3.1	0.0	7.4	C
129. Alt na Péiste*	5	33.3	5	29.4	3.9	14.3	19.0	B
131. An Clochán*	14	24.6	10	17.5	7.0	18.2	6.4	C
144. Míin Charraigeach*	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
<b>Gaillimh: Toghlaich Contae</b>								
2. Baile an Bhriota*	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
3. Bearna*	6	0.7	12	1.7	-0.9	1.9	-1.1	C
4. An Caisleán Gearr*	1	0.4	2	0.9	-0.5	3.5	-3.1	C
8. Cnoc na Cathrach*	1	----- <sup>12</sup>	0	0.0	0.0	0.0	----	C
10. Mionlach	3	0.9	3	0.8	0.1	0.2	0.6	C
<b>Co. na Gaillimhe</b>								
22. Binn an Choire*	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
31. An Uillinn	3	33.3	3	33.3	0.0	40.0	-6.7	C
33. An Cnoc Buí	47	72.3	63	76.8	-4.5	70.5	1.9	A
34. Maighros*	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
35. Abhainn Ghabhla (Doire Iorrais)	16	69.6	25	78.1	-8.6	92.6	-23.0	A
37. Cloch na Rón*	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C

<sup>12</sup> Ní thugtar céatádan na dtorthaí SLG i gcás na toghroinne seo i ngeall nach bhfuil ach líon beag teaghlach sa TR a bhfuil clann acu i réimse aoise na Scéime.

Toghroinn: Torthaí SLG	SLG 2010/11	SLG% 2010/11	SLG 2005/6	SLG% 2005/6	Athrú%Pt. 2006-2010	SLG% 2003/4	Athrú%Pt. 2003-2010	Catagóir
39. Loch na Scaimhe	58	92.1	69	98.6	-6.5	89.2	2.9	A
40. Eanach Dhúin	1	0.5	0	0.0	0.5	0.0	0.5	C
42. Baile an Teampaill*	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
44. Bearna*	14	3.4	14	3.9	-0.5	2.1	1.3	C
46. An Carn Mór	2	0.7	1	0.4	0.3	0.0	0.7	C
47. Ceathrú an Bhrúnaigh	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
48. Baile Chláir na Gaillimhe	1	0.5	0	0.0	0.5	0.0	0.5	C
51. Na Forbacha	20	12.9	20	16.1	-3.2	16.4	-3.5	C
53. Árainn	81	78.6	104	95.4	-16.8	80.0	-1.4	A
54. Cill Chuimín (Ros an Mhí)	105	86.1	110	88.0	-1.9	79.3	6.7	A
55. Cill Aithnín	50	57.5	70	72.2	-14.7	70.9	-13.5	A
56. Leacach Beag*	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
58. Lisín an Bhealaigh*	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
59. Maigh Cuilinn	7	3.0	10	5.0	-2.0	2.4	0.6	C
61. Sailearna	106	64.6	128	82.1	-17.4	91.0	-26.4	A
62. Sliabh an Aonaigh	3	3.6	9	13.2	-9.6	10.8	-7.2	C
63. An Spidéal	44	33.8	56	47.5	-13.6	43.8	-10.0	B
65. Tulaigh Mhic Aodháin*	0	0.0	1	0.7	-0.7	0.7	-0.7	C
149. Camas	30	83.3	26	78.8	4.5	80.0	3.3	A
150. An Fhairche	5	5.6	4	4.7	0.9	2.2	3.4	C
151. Conga	8	16.3	15	31.3	-14.9	26.7	-10.3	B
152. An Cromptán	165	73.0	209	88.2	-15.2	98.6	-25.6	A
153. An Chorr	2	22.2	3	17.6	4.6	5.9	16.3	C
154. Garmna	126	87.5	138	95.8	-8.3	98.5	-11.0	A
155. Cill Chuimín (Gleann Treasna)	4	26.7	3	30.0	-3.3	37.5	-10.8	B
156. Leitir Breacáin*	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C



Toghroinn: Torthaí SLG	SLG 2010/11	SLG% 2010/11	SLG 2005/6	SLG% 2005/6	Athrú%Pt. 2006-2010	SLG% 2003/4	Athrú%Pt. 2003-2010	Catagóir
158. Leitir Móir	79	80.6	86	100.0	-19.4	103.9	-23.3	A
160. An Ros	0	0.0	1	11.1	-11.1	0.0	0.0	B
161. An Turlach (Ros Muc)	37	88.1	40	83.3	4.8	97.0	-8.9	A
<b>Co. Chiarraí</b>								
4. Na Beathacha*	1	---- <sup>13</sup>	0	0.0	----	0.0	----	B
5. Baile an Sceilg	5	14.7	0	0.0	14.7	0.0	14.7	C
6. An Baile Breac*	1	25.0	2	28.6	-3.6	28.6	-3.6	C
8. Cathair Dónaill*	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
9. Ceannúigh*	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
13. Doire Fhionáin*	1	10.0	0	0.0	10.0	0.0	10.0	C
14. Doire Ianna	5	25.0	4	26.7	-1.7	23.8	1.2	C
15. An tImleach*	1	3.6	0	0.0	3.6	3.3	0.2	C
19. Loch Luíoch*	1	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
20. Máistir Gaoithe	1	16.7	1	25.0	-8.3	0.0	16.7	C
23. Toghroinn Fhionáin	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
24. An Trían Iarthach*	1	10.0	0	0.0	10.0	0.0	10.0	C
27. An Baile Dubh	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
29. Cé Bhréanainn	5	31.3	1	6.3	25.0	11.1	20.1	B
31. An Clochán	11	42.3	7	23.3	19.0	16.0	26.3	B
33. An Daingean	18	17.5	9	6.7	10.8	3.6	13.9	C
34. Dún Chaoin	10	90.9	14	100.0	-9.1	56.5	34.4	A
35. Dún Urlann	34	87.2	29	64.4	22.7	64.9	22.3	A
36. Na Gleannta	28	14.7	27	19.3	-4.5	18.8	-4.0	B

<sup>13</sup> Ní thugtar céatadán na dtorthaí SLG i gcás na toghroinne seo i ngeall nach bhfuil ach líon beag teaghlach sa TR a bhfuil clann acu i réimse aoise na Scéime.

Toghroinn: Torthaí SLG	SLG 2010/11	SLG% 2010/11	SLG 2005/6	SLG% 2005/6	Athrú%Pt. 2006-2010	SLG% 2003/4	Athrú%Pt. 2003-2010	Catagóir
38. Cill Mhaoilchheadair	32	65.3	35	68.6	-3.3	63.2	2.1	A
39. Cill Chuáin	36	90.0	38	79.2	10.8	75.0	15.0	A
40. Cinn Ard	11	39.3	7	17.9	21.3	10.3	29.0	C
42. Márthain	9	50.0	13	61.9	-11.9	45.5	4.5	A
43. An Mhin Aird	18	47.4	14	32.6	14.8	13.3	34.0	B
44. Sráidbhaile*	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
45. Ceann Trá	12	36.4	13	33.3	3.0	56.1	-19.7	B
<b>Co. Mhaigh Eo</b>								
13. Béal Deirg Mór	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
33. Baile an Chalaídh	2	11.8	3	12.0	-0.2	23.5	-11.8	C
35. Baile Óbha*	1	6.3	3	27.3	-21.0	0.0	6.3	C
37. An Cheapaigh Dhuibh	2	6.1	2	5.6	0.5	2.8	3.3	C
47. Abhainn Bhraín	2	13.3	2	10.5	2.8	0.0	13.3	B
48. Partraí*	1	50.0	1	50.0	0.0	0.0	50.0	C
51. An Geata Mór Thuaidh	1	1.1	2	2.2	-1.2	1.0	0.1	C
52. An Geata Mór Theas	19	21.8	27	30.7	-8.8	26.2	-4.4	C
54. Barr Rúscaí	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
55. Béal an Mhuirthead	2	1.1	2	1.1	0.1	2.5	-1.4	C
56. Gleann na Muaidhe	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
57. Gleann Chaisil	1	1.8	0	0.0	1.8	2.2	-0.4	C
59. Guala Mhór*	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
60. Cnoc an Daimh (Ceathrú Thaidhg)	10	31.3	26	65.0	-33.8	72.5	-41.3	B
61. Cnoc na Lobhar	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
62. Moing na Bó	2	7.1	1	3.2	3.9	5.9	1.3	C
63. Na Monga	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
64. Cnoc na Ráithe	0	0.0	0	0.0	0.0	3.6	-3.6	C

Toghroinn: Torthaí SLG	SLG 2010/11	SLG% 2010/11	SLG 2005/6	SLG% 2005/6	Athrú%Pt. 2006-2010	SLG% 2003/4	Athrú%Pt. 2003-2010	Catagóir
82. Tamhnaigh na Graí*	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
124. Acaill	5	5.7	0	0.0	5.7	0.0	5.7	C
133. An Corrán	1	1.8	0	0.0	1.8	0.0	1.8	C
136. Dumha Éige	3	6.3	3	6.0	0.3	0.0	6.3	C
<b>Co. na Mí</b>								
41. Taitin (Baile Ghib)*	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
53. Domhnach Pádraig*	2	2.8	3	4.2	-1.3	1.6	1.2	C
70. Baile Átha Buí*	0	0.0	2	28.6	-28.6	14.3	-14.3	C
82. Cill Bhríde*	5	20.8	5	20.8	0.0	21.1	-0.2	C
90. An Ráth Mhór (Ráth Chairn)*	17	33.3	15	30.6	2.7	31.0	2.4	B
<b>Co. Phort Láirge</b>								
19. Aird Mhór*	0	0.0	0	0.0	0.0	0.0	0.0	C
20. Baile Mhic Airt	11	31.4	1	2.6	28.8	3.1	28.3	C
34. Rinn ó gCuanach*	51	40.8	25	19.8	21.0	15.6	25.2	B

TÁBLA 4 FAISNÉIS SLG 2005/06 AGUS 2010/11 SNA LIMISTÉIR GHAELTACHTA AGUS LÉIRIÚ AR AN ATHRÚ I BPOINTÍ CÉATADÁNACHA Ó 2006-2010 AGUS 2003-2010.

I dTábla 5 cuirtear faisnéis Scéim Labhairt na Gaeilge ar fáil i gcás na dtoghrair a bhaineann le Catagóir A.

Toghroinn: Torthaí SLG, Cat. A	SLG 2010/11	SLG% 2010/11	SLG 2005/6	SLG% 2005/6	Athrú%Pt. 2006-2010	SLG% 2003/4	Athrú%Pt. 2003- 2010	Cat.
35. Dún Lúiche	46	59.0	44	59.5	-0.5	49.3	9.7	A
36. Gort an Choire	117	74.5	123	73.2	1.3	83.9	-9.3	A
37. Machaire an Chlochair	216	78.0	203	75.5	2.5	81.7	-3.7	A
38. Mín an Chladaigh	105	76.6	111	85.4	-8.7	97.4	-20.7	A
33. An Cnoc Buí	47	72.3	63	76.8	-4.5	70.5	1.9	A
35. Abhainn Ghabhla (Doire Iorrais)	16	69.6	25	78.1	-8.6	92.6	-23.0	A
39. Loch na Scainimhe	58	92.1	69	98.6	-6.5	89.2	2.9	A
53. Árainn	81	78.6	104	95.4	-16.8	80.0	-1.4	A
54. Cill Chuimín (Ros an Mhíil)	105	86.1	110	88.0	-1.9	79.3	6.7	A
55. Cill Aithnín	50	57.5	70	72.2	-14.7	70.9	-13.5	A
61. Sailearna	106	64.6	128	82.1	-17.4	91.0	-26.4	A
149. Camas	30	83.3	26	78.8	4.5	80.0	3.3	A
152. An Cromptán	165	73.0	209	88.2	-15.2	98.6	-25.6	A
154. Garmna	126	87.5	138	95.8	-8.3	98.5	-11.0	A
158. Leitir Móir	79	80.6	86	100.0	-19.4	103.9	-23.3	A
161. An Turlach (Ros Muc)	37	88.1	40	83.3	4.8	97.0	-8.9	A
34. Dún Chaoin	10	90.9	14	100.0	-9.1	56.5	34.4	A
35. Dún Urlann	34	87.2	29	64.4	22.7	64.9	22.3	A
38. Cill Mhaoilchédair	32	65.3	35	68.6	-3.3	63.2	2.1	A
39. Cill Chuáin	36	90.0	38	79.2	10.8	75.0	15.0	A
42. Márthain	9	50.0	13	61.9	-11.9	45.5	4.5	A
<i>Iomlán na ndeontas</i>	1,505		1,678					

TÁBLA 5 FAISNÉIS SLG 2005/06 AGUS 2010/11 SNA LIMISTÉIR I GCATAGÓIR A AGUS LÉIRIÚ AR AN ATHRÚ I BPOINTÍ CÉATADÁNACHA Ó 2006-2010 AGUS 2003-2010.

Maidir le líon na dteaghlach a shaothraigh deontas iomlán SLG, léirítear san athrú i bpointí céatadánacha ardú mór sa tréimhse ó 2006 go 2010 agus sa tréimhse ó 2003 go 2010, go háirithe i gceantair de chuid Chatagóir B agus C de chuid na Rinne, Mhúscraí agus oirthear Chorca Dhuibhne. Sna 21 toghroinn i gCatagóir A (D. 2011) tháinig laghdú ar líon na dteaghlach a shaothraigh deontas iomlán SLG i gcás 11 díobh, agus laghdú an-suaithinseach i gcás seacht dtoghroinn den aon cheann déag sin san athrú ó 2003 i leith. Go hachomair mar sin, tá feabhas ag teacht ar ghnóthachtáil SLG sna ceantair Ghaeltachta a bhfuil gréasáin laga iontu agus tá meath ag teacht ar an ngnóthachtáil sna ceantair a bhfaightear na gréasáin is láidre. Is dócha go léirítear i dtreo na faisnéise seo go bhfuil nós sheachadadh baile na Gaeilge i gCatagóir A ag druidim i dtreo phróifil Chatagóir B agus go léirítear sa mhéadú ar thorthaí SLG i gceantair de chuid na gCatagóirí eile cúiteamh institiúideach i réimse na scolaíochta nó / agus dháileadh na ndeontas i SLG ar dhul i léig na Gaeilge ina cuid réimsí pobail agus teaghlaigh (Ó Bróithe 2012). D'fhéadfadh cúinsí éagsúla a bheith ag tiomáint an chúitimh institiúidigh seo i dtoghanna áirithe de chuid Chatagóirí B agus C. I ngeall ar aird níos mó a bheith á díriú ar éigeandáil teanga na Gaeltachta, go háirithe ó foilsíodh an SCT sa bhliain 2007, d'fhéadfadh na forais phobail sna ceantair, go háirithe na scoileanna, a bheith i mbun iarrachtaí comhfhiosacha chun gníomhaíochta ar leith a thionscnamh chun cur in aghaidh an mheatha teanga. Is deacair a bheith cinnte i dtaobh an mhéadaithe ar na torthaí SLG agus/nó an chúitimh institiúidigh seo sna ceantair a bhaineann le hábhar, ó thaobh scagadh thorthaí loma SLG de, ach d'fhéadfadh ceann nó cnuasach de na tosca seo a leanas na hathruithe seo a mhíniú:


- Tháinig méadú ar líon na dteaghlach a labhraíonn Gaeilge lena gclann sna ceantair seo, méadú a bheadh in aghaidh threocht sochtheangeolaíochta na bpobal seo
- Tá cur chuige ar leith á chleachtadh i scoileanna na gceantar seo d'fhonn cúnamh agus gríosadh a thabhairt do na daltaí chun critéir thástála na Scéime a chomhlíonadh
- Sásaíonn caighdeán gnóthachtála an tsealbhaithe scoile critéir na Scéime, de réir mar atá sí á reáchtáil anois

- Bhí cigireacht agus tástáil á déanamh ar fheidhmiú na Scéime sna ceantair seo ar bhealach nach raibh i gcomhréir leis an gcigireacht a bhí á déanamh i gceantair eile nach bhfacthas an treocht seo i ngnóthachtáil na Scéime iontu.

Is spéisiúil go bpléann Ó Bróithe (2012) feidhmiú na scéime ó thaobh na bearna idir uailmhian thacúil SLG agus torthaí praiticiúla na scéime maidir le (a) líon na dteaghlach Gaeilge sa Ghaeltacht a aithint agus (b) tacaíocht a sholáthar i leith na Gaeilge dúchais. Cuireann Ó hIfearnáin (2013: 256) i leith aidhmeanna na scéime go raibh an Stát ag iarraidh tionchar a imirt ar pholasaí teanga na dteaghlach Gaeilge sa Ghaeltacht trí bhíthin an ‘chomhéigin’. Chuir an Stát feidhmiú SLG ar ceal sa bhliain 2011 agus tionscnaíodh Scéim Tacaíochta Teaghlaigh ina háit. Is scéim comhairlitheach í seo nár éirigh léi ach líon teoranta iarratas a mhealladh i gcomparáid le feidhmiú na seanscéime (féach Ó Giollagáin 2014b).


## 2.1 SLG 2010/2011

### Scéim Labhairt na Gaeilge 2010/2011 Family Grant Scheme 2010/2011




**LÉARÁID 17:** LÉIRIÚ NÁISIÚNTA AR FHAISNÉIS SLG 2010/11: LÍON NA DTEAGHLACH A GHNÓTHAÍONN DEONTAS IOMLÁN SLG MAR % DE LÍON NA DTEAGHLACH SA TOGHROINN LE CLANN IDIR 6-18 MBLIANA.

## Scéim Labhairt na Gaeilge 2010-2011: Dún na nGall Family Grant Scheme 2010-2011: Donegal



LÉARÁID 18: DÁILEADH AR FHAISNÉIS SLG 2010/11 I NGAELTACHT DHÚN NA NGALL  
(Dearg dorcha = 75%+, Dearg = 65-75%, Oráiste 50-65%, Bui 40-50%, Uaithne 25-40%, Gorm <25%)


## Scéim Labhairt na Gaeilge 2010-2011: Maigh Eo Family Grant Scheme 2010-2011: Mayo



**LÉARÁID 19: DÁILEADH AR FHAISNÉIS SLG 2010/11 I NGAELTACHT MHAIGH EO**  
(Dearg dorcha = 75%+, Dearg = 65-75%, Oráiste 50-65%, Bui 40-50%, Uaithne 25-40%, Gorm <25%)




## Scéim Labhairt na Gaeilge 2010-2011: Gaillimh Family Grant Scheme 2010-2011: Galway




LÉARÁID 20: DÁILEADH AR FHAISNÉIS SLG 2010/11 I NGAELTACHT NA GAILLIMHE  
(Dearg dorcha = 75%+, Dearg = 65-75%, Oráiste 50-65%, Bui 40-50%, Uaithne 25-40%, Gorm <25%)

## Scéim Labhairt na Gaeilge 2010-2011: Ciarraí Family Grant Scheme 2010-2011: Kerry




LÉARÁID 21: DÁILEADH AR FHAISNÉIS SLG 2010/11 I NGAELTACHT CHIARRAÍ  
(Dearg dorcha = 75%+, Dearg = 65-75%, Oráiste 50-65%, Bui 40-50%, Uathne 25-40%, Gorm <25%)

## Scéim Labhairt na Gaeilge 2010-2011: Corcaigh Family Grant Scheme 2010-2011: Cork




LÉARÁID 22: DÁILEADH AR FHAISNÉIS SLG 2010/11 I NGAELTACHT CHORCAÍ  
(Dearg dorcha = 75%+, Dearg = 65-75%, Oráiste 50-65%, Buí 40-50%, Uaithne 25-40%, Gorm <25%)

## Scéim Labhairt na Gaeilge 2010-2011: Port Láirge Family Grant Scheme 2010-2011: Waterford



LÉARÁID 23: DÁILEADH AR FHAINNÉIS SLG 2010/11 I NGAELTACHT PHORT LÁIRGE  
(Dearg dorcha = 75%+, Dearg = 65-75%, Oráiste 50-65%, Buí 40-50%, Uaithne 25-40%, Gorm <25%)


## Scéim Labhairt na Gaeilge 2010-2011: an Mhí Family Grant Scheme 2010-2011: Meath



**LÉARÁID 24: DÁILEADH AR FHAISNÉIS SLG 2010/11 I NGAELTACHT NA MÍ**  
(Dearg dorcha = 75%+, Dearg = 65-75%, Oráiste 50-65%, Buí 40-50%, Uathne 25-40%, Gorm <25%)

## 2.2 SLG 2005/2006

### Scéim Labhairt na Gaeilge 2005/2006 Family Grant Scheme 2005/2006



**LÉARÁID 25:** Léiriú náisiúnta ar fhaisnéis SLG 2005/06: LíON NA DTEAGHLACH A GHNÓTHAÍONN DEONTAS IOMLÁN slg MAR % DE LíON NA DTEAGHLACH SA TOGHROINN LE CLANN IDIR 6-18 MBLIANA.

### **CAIBIDIL 3: COMPARÁID AR FHAINÉIS TEANGA NA NDAONÁIREAMH: 1996–2011**

Sa chaibidil seo déantar iniúchadh ar fhaisnéis na gCainteoirí Laethúla sa Ghaeltacht a bhaineann le ceithre thréimhse daonáirimh: 1996, 2002, 2006 agus 2011. Bainfear earraíocht anailíseach as dáileadh na faisnéise seo sna haoisghrúpaí agus sna toghranna éagsúla mar tháscairí ar bheogacht na Gaeilge sna ceantair éagsúla. Déanfar tuilleadh scagtha, i bhfianaise na faisnéise breise (2006/2011) atá ar fáil agus i bhfianaise thorthaí na focheiste i nDaonáirimh 2006 agus 2011 maidir le labhairt laethúil na Gaeilge lasmuigh de chomhthéacs institiúideach an oideachais, ar an bplé a rinneadh san SCT (2007b: Fochaibidlí 3.5 agus 3.6) ar éagsúlacht na gcatagóirí teanga sa Ghaeltacht. Déanfar anailís bhreise ar cheist inmharthanacht na Gaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht i bhfianaise na faisnéise breise atá againn i dtaca leis an tairseach inmharthana a sonraíodh san SCT.

‘Cuireann an anailís staitistiúil ar fhaisnéis Dhaonáireamh 2002 agus SLG ar ár gcumas idirdhealú a dhéanamh idir na cineálacha éagsúla pobal teanga atá i gceist agus na limistéir thíreolaíocha a bhaineann leo a aithint. Ina theannta sin, cuireann an anailís staitistiúil seo fianaise ar fáil a léiríonn go bhfuil tairseach dhlús na gcainteoirí Gaeilge i limistéar faoi leith cinniúnach d’inhuanaitheacht an cheantair mar shainlimistéar teanga’ (SCT 2007b: 146).

Bainfear leas, mar sin, as staitisticí teanga Dhaonáirimh 2006 agus 2011 (mar aon le hanailís bhreise ar thorthaí SLG) chun bailíocht na n-áiteamh seo faoin tábhacht a bhaineann le dlús na nGaeilgeoirí i gceantar ar leith d’inmharthanacht na Gaeltachta agus faoi idirdhealú na bpróifílí teanga sna catagóirí éagsúla. Ón am ar foilsíodh an SCT i leith, tá fianaise bhreise i réimse léinn na teangeolaíochta tagtha chun solais (Lenoach *et al.* 2012 agus Péterváry *et al.* 2014) a rinne iniúchadh ar impleachtaí laghad dhlús na nGaeilgeoirí i measc na gcainteoirí óga Gaeltachta don chumas Gaeilge atá acu. Léirítear i ‘Suirbhé na nDaoine Óga’ san SCT (2007b) nach bhfuil ach an ceathrú cuid d’aos óg na Gaeltachta i gCatagóir A ag labhairt na Gaeilge mar ghnás sóisialta eatarthu féin. Má ghlactar leis gur léiriú é seo ar dhlús na gcainteoirí gníomhacha Gaeilge sna ceantair seo, feictear go bhfuil sé i bhfad níos ísle ná dlús de 70% de chainteoirí i limistéar ar leith a theastaíonn le go mbeidh an Ghaeilge á labhairt go coitianta i measc phobail na gceantar seo. Ní hamháin nach bonn inmharthana mionteanga é an ceathrú cuid den phobal san aoisghrúpa a bheith ina nGaeilgeoirí, léirítear in anailís Lenoach *et al.* (2012) agus Péterváry *et al.* (2014) nach bhfuil ag éirí leis na cainteoirí óga dúchais Gaeilge sa sciar seo den phobal i gCatagóir A ach sealbhú teoranta Gaeilge a chur i gcrích. Faoi réir na

gcúinsí sóisialta seo, níl ag éirí leis na cainteoirí óga dúchais Gaeilge an fheidhmiúlacht chéanna teanga a bhaint amach sa Ghaeilge i gcomparáid leis an sealbhú níos feidhmiúla a thugann siad leo ó thaobh an Bhéarla de. I measc na gcúinsí is cionsiocair leis an éagothroime sa sealbhú dátheangach seo tá:

- laghad an ionchuir Ghaeilge i gcomparáid le hionchur an Bhéarla sa tréimhse chriticiúil luathshaoil (0–7 mbliana) sna nósanna teanga a chleachtann na daoine óga i réimsí an teaghlaigh, na ngréasán muinteartha agus comharsanachta, agus na (réamh)scolaíochta
- cúinge na ndeiseanna atá ag daoine óga sa Ghaeltacht feidhm a thabhairt don chumas Gaeilge atá acu ina n-aoisghrúpaí féin.


Bíonn impleachtaí diúltacha ag creimeadh dhlús na nGaeilgeoirí sa phobal ar an dá chúinse seo. De réir mar a thagann laghdú ar líon coibhneasta na gcainteoirí baile Gaeilge sna ceantair tagann cúngú freisin ar an acmhainn atá ag na teaghlaigh agus ag an bpobal an sóisialú Gaeilge sa chomharsanacht agus sna forais phobail a chothú i measc an aosa óig. Tá sé fiordheacair feidhmiúlacht ard mhionteanga a bhaint amach mura mbeidh cainteoirí óga mionteanga rannpháirteach i geleachtais shóisialta ina bhfuil teanga fheidhmiúil á labhairt. Is céim sa phróiseas gnóthachtála teanga é an sóisialú teanga trína dtugann daoine óga feidhm, in éineacht le comhaoisigh, don ionchur teanga a shealbhaigh siad ón nglúin rompu. Ní bhainfear ardfheidhmiúlacht mhionteanga amach mura féidir le cainteoirí óga na mionteanga feidhm a thabhairt don ionchur feidhmiúil i measc a nglúine féin. Is treisiú ar an ionchur teanga é an sóisialú comhaoiseach teanga agus is cuid lárnach de phróiseas leanúnach gnóthachtála teanga é a mbíonn an fheidhmiúlacht teanga ina thoradh air.

Spreagann creimeadh dhlús na gcainteoirí gníomhacha Gaeilge sa Ghaeltacht dinimic chiorclach dhochrach d'fheidhmiúlacht na Gaeilge sa phobal: nuair atá an dlús á chreimeadh bíonn laghdú ag teacht ar líon na dteaghlach a labhraíonn an Ghaeilge lena gclann → spreagann an laghdú seo an dátheangachas aontreoch (i dtreo an Bhéarla) → spreagann an dátheangachas aontreoch an sóisialú Béarla i measc na gcainteoirí Gaeilge → cuireann an sóisialú Béarla leis an éagothroime dhátheangach → spreagann an éagothroime dhátheangach an mhífheidhm sa sealbhú Gaeilge → cuireann an mhífheidhm sa sealbhú Gaeilge le mionlú na Gaeilge ina láthair dúchais → laghdaíonn mionlú na Gaeilge ina láthair dúchais acmhainn an phobail a n-oidhreacht teanga a



thabhairt ar aghaidh ag an gcéad ghlúin eile. Tá an fhianaise shochtheangeolaíochta agus teangeolaíochta i leith staid reatha na Gaeilge dúchais ag tabhairt léargais inchomparáide ar a lárnaí is atá dlús ard na gcainteoirí i bpobal mionteanga d’innharthanacht an phobail úd. Má táthar le feidhm réadúil a thabhairt do phróiseas na pleanála teanga sa Ghaeltacht is innholta aghaidh a thabhairt ar cheist seo dhlús na gcainteoirí Gaeilge sa phobal.

Léirítear san *Iniúchadh ar an gCumas Dátheangach* (ICD, Péterváry *et al.* 2014) go bhfuil gaol dearfach idir líon na gcainteoirí gníomhacha Gaeilge, .i. Gaeilgeoirí, i scoil agus an ghnóthachtáil Ghaeilge i measc na ndaltaí i scoil ard-dlúis Ghaeilge (féach Cairt 209 thíos, ICD:199): ‘San fhianaise seo tá gaol diúltach á léiriú, mar sin, idir cóimheas ard Béarlóirí a bheith i scoil agus an ghnóthachtáil Ghaeilge agus dhátheangach araon’ (ICD: 199).



Cairt 209 Dáileadh na n-ocht scoil in ord íslitheach sa scórinneacs dátheangach

Faightear fianaise freisin sa saothar céanna ar thionchar diúltach taithí mhinic teilifíse ar chumais Ghaeilge na ndaltaí i réimsí éagsúla teangeolaíochta (ICD: 179).

### 3.1 Rátaí beogachta na dtoghrann éagsúil Gaeltachta

Is í an fhaisnéis ar baineadh gaisneas aisti chun na rátaí beogachta a bhunú do na toghranna Gaeltachta ar fad ná líon na gCainteoirí Laethúla Gaeilge agus iad roinnte sna rannóga aoise seo a leanas i ngach toghroinn Ghaeltachta:

3–4 bl., 5–12 bl., 13–18 bl., 19–29 bl. i bhforas oideachais, 19–29 bl., 30–39 bl., 40–49 bl., 50–59 bl., 60–69 bl., 70–79 bl., agus 80 bl.+.

Is é sin an fhaisnéis ar líon na gCainteoirí Laethúla agus í roinnte in aon cheann déag de rannóga aoise i gcás na 155 toghroinn sa Ghaeltacht. Trí bhíthin na meicníochta anailísí seo is féidir caighdeánú a dhéanamh ar rátaí do na toghranna ar fad a thugann coibhneas na staitisticí sna rannóga aoise ar fad san áireamh nuair atá ráta inchomparáide á bhunú do toghroinn ar leith. Ní hamháin, mar sin, go dtugann an ráta seo bonn inchomparáide dúinn i taca leis na toghranna ar fad sa Ghaeltacht, tugann sé san áireamh freisin dáileadh na faisnéise in aon rannóg aoise ar leith i gcás na dtoghann ar fad. Tá na rátaí caighdeánaithe beogachta (RCB) bunaithe ar chomparáid na faisnéise idir toghroinn amháin agus na toghranna eile agus ar chomparáid na faisnéise idir aoisghrúpa amháin i dtoghroinn agus na haoisghrúpaí sin sna toghranna eile. Is meicníocht í a thugann dáileadh limistéarach na faisnéise agus dáileadh aoise na faisnéise san áireamh trí mhodh na gcothromóidí coigeartuithe a chruthaíonn an ráta.

### **3.1.1 Na rátaí beogachta á gcarnadh i linn fhaisnéise, Daonáirimh 1996, 2002, 2006 agus 2011**

Mar a dúradh thuas, chun na rátaí beogachta a bhunú, baineadh earraíocht as faisnéis teanga an daonáirimh ar líon na gCainteoirí Laethúla Gaeilge roinnte sna rannóga aoise seo a leanas i ngach toghroinn Ghaeltachta:

3–4 bl., 5–12 bl., 13–18 bl., 19–29 bl. i bhforas oideachais, 19–29 bl., 30–39 bl., 40–49 bl., 50–59 bl., 60–69 bl., 70–79 bl., agus 80 bl.+.

Is ionann sin agus anailís a dhéanamh ar fhaisnéis líon na gCainteoirí Laethúla agus í roinnte in aon cheann déag de rannóga aoise i gcás na 155 toghroinn sa Ghaeltacht. Tá an fhaisnéis chomparáideach rangaithe seo ar fáil i gcás Dhaonáirimh 1996, 2002, 2006 agus 2011.

Tugtar míniú thíos ar an modh oibre a cleachtadh le bonn inchomparáide a chur ar fáil don anailís ar bheogacht na Gaeltachta de réir mar a shonraítear í i bhfaisnéis na nDaonáireamh. Is coigeartuithe bunaithe ar shraith cothromóidí staitistiúla a sholáthraíonn na rátaí beogachta is bonn d'anailís an tsaothair thaighde seo.

I dtosach roinntear líon na gCainteoirí Laethúla i dTR le daonra na TR agus méadaítear an toradh faoi 100 le céatadáin a dhéanamh de. Is féidir foirmle a cheapadh a fhreagraíonn dó seo agus a thugann bonn do na cothromóidí a theastaíonn do na coigeartuithe ina dhiaidh sin:

Is ionann  $P_{ijk}$  agus an Daonra i dTR  $i$ , in aoisghrúpa  $j$ , i mbliain Daonáirimh  $k$ . Ar gcaoi chéanna, freagraíonn  $S_{ijk}$  do líon na gCainteoirí Laethúla i dTR  $i$ , in aoisghrúpa  $j$ , i mbliain Daonáirimh  $k$ . Bunófar an bunráta céatadánach do TR  $i$ , i mbliain  $k$  de réir na cothromóide seo:

$PCT_{ik} = 100 \frac{\sum_{j=1}^{11} S_{ijk}}{\sum_{j=1}^{11} P_{ijk}}$	(1)
--	-----

Tugtar an bunráta air seo i ngeall nach ndearnadh aon choigeartú ar an ráta le haird a thabhairt ar éagsúlacht i ndáileadh fhaisnéis an daonra sna toghranna éagsúla Gaeltachta.

Táthar ag baint leas as na tuiscintí céanna a sonraíodh san SCT chun caighdeánú a dhéanamh ar dhaonra na Gaeltachta:

‘Má bhíonn líon neamhghnách daoine in aoisghrúpa faoi leith, mar shampla, in aon toghroinn i gcomparáid leis an nGaeltacht trí chéile, beidh éifeacht mhíchoibhneasta ag an aoisghrúpa seo ar an meánráta don toghroinn áirithe seo. D’fhéadfadh an míchoibhneas sin cuma bhoilscithe nó chúngaithe a chur ar an toghroinn ina hiomláine. Má thugtar faoi chóimheas caighdeánaithe a aimsiú don toghroinn, is féidir an coibhneas idir rannóga éagsúla aoise a chur san áireamh ar chaoi nach gcuirfeadh as don ráta mar fhigiúr comparáideach i gcás na dtoghrann eile.

Tá an anailís anseo ag baint leasa as modh oibre staitistiúil a chleachtar go coitianta i measc taighdeoirí leighis ar mhaithe le patrúin i dtaca le héifeacht galar agus lena gcóir leighis i bpobal áirithe a mheas i gceart ar bhealach comparáideach. Is minic is gá caighdeánú a dhéanamh ar shraith staitisticí ábhartha i dtosach báire a thugann aghaidh ar ghnéithe sóisialta, aoise nó inscne ar leith sula mbíonn aonad faisnéise nó staitistiúil inchomparáidithe ann. Is é an coigeartú tosaigh seo ar shraith faisnéise le míchoibhnis neamhábhhartha a chur as an áireamh is bunús le háireamh na gcóimheas caighdeánaithe. Cuireann na cóimheasa caighdeánaithe mar sin aonad anailíse ar fáil is féidir a úsáid mar fhaisnéis chomparáideach.

I réimse an leighis, tá eipidéimeolaithe ag tabhairt aghaidh ar cheisteanna a bhaineann le cóimheasa agus cúrsaí coibhnis i réimse faisnéise le blianta. Is gnáthaí i réimse na heipidéimeolaíochta leas a bhaint as ráta atá caighdeánaithe ar mhaithe le héagsúlachtaí áirithe idir fir agus mná, nó daoine óga agus seandaoine, a chur san áireamh sa chaoi nach gcuirfeadh sé as d’anailís ar mhinicíocht galar éagsúil; is é sin nach mbeadh éifeacht mhíchoibhneasta ag cásanna faoi leith nó gnás a bheadh teoranta do chuid amháin den réimse faisnéise ar anailís chothrom na minicíochta. Tugtar an Cóimheas Caighdeánaithe Básmaireachta (CCB) (an *Standardised Mortality Ratio* mar a thugtar sa Bhéarla air) ar an gcineál seo tomhais a mbaintear leas as i gcúrsaí leighis. Cuireann an caighdeánú atá mar bhunús ag na cóimheasa bunscála ar fáil a chuidíonn leis an anailís chomparáideach a dhéantar, mar shampla, ar choitiantacht galar áirithe i bpobal ar leith, ar rátaí báis a mbítear ag súil leo [expected rate] ó dhonachtaí éagsúla agus le hanailís ar thairbhe córacha éagsúla leighis a chuireann moill nó bac ar fhorás galar éagsúil. Tugann na

cóimheasa le fios, mar sin, an bhfuil ráta nó minicíocht ag galar ar leith i bpobal áirithe atá faoi bhun, os cionn nó i gcomhréir leis an ráta is coitianta a fhaightear sa daonra'. (SCT 2007b: 86)

Is féidir an coincheap seo ar chaighdeánú faisnéise daonna a chur i bhfeiliúint na hanailíse atá á déanamh anseo ar líon agus rátaí na gCainteoirí Laethúla sna toghranna Gaeltachta.

Bunaítear ráta carnaithe [pooled rate] as linn fhaisnéise na gCainteoirí Laethúla d'aoisghrúpa  $j$  sa Ghaeltacht ar fad trí bhíthin na foirmle seo a leanas. Is ionann  $R_j$ , an ráta carnaithe, mar sin, agus:

$$R_j = \frac{\sum_{i=1}^{155} \sum_{k=1}^4 S_{ijk}}{\sum_{i=1}^{155} \sum_{k=1}^4 P_{ijk}} \quad (2)$$

Bunaítear an ráta maidir le líon na gCainteoirí Laethúla a mbítear ag súil leis [expected rate] i ngach TR, i ngach bliain,  $E_{ik}$ , trí bhíthin na foirmle seo a leanas:

$$E_{ik} = \sum_{j=1}^{11} R_j P_{ijk} \quad (3)$$

Freagraíonn ráta fírinneach [observed rate] na gCainteoirí Laethúla i ngach TR, i ngach bliain,  $O_{ik}$ , don fhoirmle seo:

$$O_{ik} = \sum_{j=1}^{11} S_{ijk} \quad (4)$$

Is ionann mar sin an Ráta Caighdeánaithe Beogachta (a eascraíonn as an gcoigeartú seo ar líon na gCainteoirí Laethúla) i dTR  $i$ , i mbliain  $k$ , is é sin  $RCB_{ik}$  nó  $SVR_{ik}$ , agus an fhoirmle seo:<sup>14</sup>

$$SVR_{ik} = 100 \frac{O_{ik}}{E_{ik}} \quad (5)$$

Nuair is ionann, mar sin, RCB toghroinne ar leith agus RCB 100 ciallaíonn sé sin go bhfuil ráta na toghroinne sin ag teacht leis an ráta carnaithe i gcás dháileadh fhaisnéis na Gaeltachta ar fad. Nuair is ionann é agus RCB 200 tá ráta na toghroinne dhá oiread níos fearr ná an ráta carnaithe agus nuair nach bhfuil ann i gcás TR ar leith ach 50 RCB níl ag an TR sin ach leath den ráta sin.

<sup>14</sup> SVR = Standardised Vitality Rate, an Béarla atá ar RCB.

I dTábla 6 léirítear na Rátaí Caighdeánaithe Beogachta in aghaidh na toghroinne, bunaithe ar líon na gCainteoirí Laethúla Gaeilge sa Ghaeltacht mar a sonraíodh iad i nDaonáireamh 2011 (sa chéad cholún faisnéise ar dheis tá líon na ndaoine os cionn 3 bl. a chónaíonn sa TR; sa dara colún tá líon na gCL; sa tríú colún tá RCB na TR agus sa cheathrú colún tá céatadán na gCL sa TR). Léirítear RCB na dtoghrann bunaithe ar fhaisnéis Dhaonáireamh 2006 sa seachtú colún faisnéise (ón imeall ar dheis) i dTábla 7 i bhFochaibidil 3.4.

**TÁBLA NA RÁTAÍ CAIGHDEÁNAITHE BEOGACHTA (RCB), DAONÁIREAMH 2011**

Toghróinn: Daonáireamh 2011	Daonra 3+	# CL	RCB	% CL	Contae
108. Béal Átha an Ghaorthaidh* (T.Co.)	194	106	119.0	54.6	Corcaigh
199. Béal Átha an Ghaorthaidh	521	255	127.0	48.9	Corcaigh
200. Ceann Droma*	299	102	90.5	33.8	Corcaigh
202. Clonráth*	154	71	122.4	44.7	Corcaigh
205. Doire Fhíinín	235	78	81.2	32.9	Corcaigh
206. Gort na Tiobradan (Cúil Aodha)	430	254	138.1	58.8	Corcaigh
212. Cill na Martra*	363	119	71.8	32.4	Corcaigh
218. Sliabh Riabhach	791	325	94.1	40.9	Corcaigh
219. Na hUláin	585	214	85.4	36.3	Corcaigh
290. Cléire*	118	59	143.9	49.6	Corcaigh
12. An Bhinn Bhán*	6	0	0.0	0	Dún na nGall
23. Loch Iascaigh*	8	3	78.2	37.5	Dún na nGall
30. Críoch na Sméar*	35	7	44.0	20	Dún na nGall
31. An Craoslach*	65	12	49.9	18.5	Dún na nGall
32. Na Croisbhealaí	2069	908	108.9	43.7	Dún na nGall
33. Caisleán na dTuath*	23	2	19.9	8	Dún na nGall
34. Dún Fionnachaidh*	59	6	23.8	10.2	Dún na nGall
35. Dún Lúiche	726	529	163.3	71.9	Dún na nGall
36. Gort an Choirce	1626	1239	179.1	75.9	Dún na nGall
37. Machaire an Chlochair	2764	2079	189.7	74.5	Dún na nGall
38. Mín an Chladaigh	1351	1077	220.2	79.5	Dún na nGall
39. Anagaire	2262	1207	144.2	52.9	Dún na nGall
40. Árainn Mhór	501	291	139.0	57.9	Dún na nGall
41. Ard an Rátha*	42	11	64.4	26.2	Dún na nGall
42. Cró Bheithe	150	75	133.8	48.1	Dún na nGall
43. Cró Caorach	116	24	47.6	20.7	Dún na nGall
46. An Dúchoraidh	78	28	86.3	34.1	Dún na nGall
47. An Clochán Liath	1832	395	49.4	21.4	Dún na nGall
48. Baile na Finne	300	177	137.1	59	Dún na nGall
49. Gleann Cholm Cille (Teileann)	706	291	98.7	40.6	Dún na nGall
50. Gleann Gheis*	130	14	26.4	10.5	Dún na nGall
51. Gleann Léithín	168	93	154.3	55.4	Dún na nGall

Toghroinn: Daonáireamh 2011	Daonra 3+	# CL	RCB	% CL	Contae
52. Na Gleannta*	141	22	43.2	15.6	Dún na nGall
53. An Ghraifaidh	174	88	128.3	49.7	Dún na nGall
54. Inis Chaol	93	21	57.2	22.3	Dún na nGall
55. Cill Charthaigh	643	169	69.9	25.9	Dún na nGall
56. Cill Ghabhlaigh (Gleann Cholm Cille)	359	115	79.9	31.8	Dún na nGall
58. An Leargaidh Mhór*	364	93	58.7	25.3	Dún na nGall
59. Leitir Mhic an Bhaire	670	138	46.9	20.4	Dún na nGall
61. An Machaire	738	163	53.2	21.8	Dún na nGall
62. Málainn Bhig	345	104	73.2	29.6	Dún na nGall
63. Maol Mosóg*	116	15	32.1	12.4	Dún na nGall
64. Inis Mhic an Doirn	1509	228	42.6	15	Dún na nGall
98. Mín an Lábáin*	61	13	60.3	21	Dún na nGall
101. Gartán*	0	0	0	0	Dún na nGall
108. Suí Corr*	17	7	116.6	41.2	Dún na nGall
111. Carraig Airt*	425	73	45.4	17	Dún na nGall
112. An Cheathrú Chaol*	4	1	75.9	25	Dún na nGall
113. Creamhghort*	285	45	36.8	15.6	Dún na nGall
114. Fánaid Thuaidh*	473	147	68.7	29.5	Dún na nGall
115. Fánaid Thiar*	181	53	68.1	28.5	Dún na nGall
118. Grianfort*	13	5	85.1	38.5	Dún na nGall
121. Cnoc Colbha*	95	16	44.0	16.7	Dún na nGall
122. Loch Caol*	38	14	101.6	36.8	Dún na nGall
126. Ros Goill	861	305	95.0	34.3	Dún na nGall
128. An Tearmann*	255	67	64.7	26.3	Dún na nGall
129. Alt na Péiste*	177	91	128.2	51.1	Dún na nGall
131. An Clochán*	497	205	111.6	41.2	Dún na nGall
144. Mín Charraigeach*	13	2	41.6	15.4	Dún na nGall
2. Baile an Bhriota*	47	8	33.8	17	Gaillimh
3. Bearna*	7037	1499	49.8	21.1	Gaillimh
4. An Caisleán Gearr*	2381	341	32.6	13.8	Gaillimh
8. Cnoc na Cathrach*	53	1	3.4	1.9	Gaillimh
10. Mionlach	4720	581	27.1	12	Gaillimh
22. Binn an Choire*	131	16	33.7	11.9	Gaillimh
31. An Uillinn	94	40	120.5	42.1	Gaillimh
33. An Cnoc Buí	791	608	199.0	75.1	Gaillimh
34. Maighros*	135	35	65.0	25.4	Gaillimh
35. Abhainn Ghabhla (Doire Iorrais)	289	223	200.9	77.2	Gaillimh
37. Cloch na Rón*	93	14	36.5	14.4	Gaillimh
39. Loch na Scainimhe	643	549	206.1	83.7	Gaillimh
40. Eanach Dhúin	1784	368	47.3	20.5	Gaillimh
42. Baile an Teampaill*	173	38	49.6	22	Gaillimh
44. Bearna*	3417	944	62.1	27.3	Gaillimh
46. An Carn Mór	2445	542	51.9	21.9	Gaillimh

Toghroinn: Daonáireamh 2011	Daonra 3+	# CL	RCB	% CL	Contae
47. Ceathrú an Bhrúnaigh	850	170	52.5	19.8	Gaillimh
48. Baile Chláir na Gaillimhe	1876	341	50.9	17.8	Gaillimh
51. Na Forbacha	1256	542	104.8	43.1	Gaillimh
53. Árainn	1189	918	204.6	75.7	Gaillimh
54. Cill Chuimín (Ros an Mhíl)	1260	1072	231.1	84.5	Gaillimh
55. Cill Aithnín	956	721	195.2	74.9	Gaillimh
56. Leacach Beag*	196	37	48.1	18.5	Gaillimh
58. Lisín an Bhealaigh*	29	3	22.8	10.3	Gaillimh
59. Maigh Cuilinn	1889	503	58.1	26.5	Gaillimh
61. Sailearna	1375	1120	187.6	81.1	Gaillimh
62. Sliabh an Aonaigh	723	238	82.9	32.6	Gaillimh
63. An Spidéal	1380	898	180.2	64.6	Gaillimh
65. Tulaigh Mhic Aodháin*	1407	361	69.1	25.5	Gaillimh
149. Camas	344	294	219.5	84	Gaillimh
150. An Fhairche	1003	288	75.4	26.9	Gaillimh
151. Conga	529	239	119.4	44.2	Gaillimh
152. An Cromptán	2367	2043	219.4	85.1	Gaillimh
153. An Chorr	145	20	29.8	13.3	Gaillimh
154. Garmna	1308	1169	200.2	88.8	Gaillimh
155. Cill Chuimín (Glenn Treasna)	150	72	104.4	48	Gaillimh
156. Leitir Breacáin*	34	3	21.4	8.8	Gaillimh
158. Leitir Móir	866	761	221.1	86.8	Gaillimh
160. An Ros	89	56	180.7	62.9	Gaillimh
161. An Turlach (Ros Muc)	523	443	233.4	84.5	Gaillimh
4. Na Beathacha*	14	7	118.3	50	Ciarraí
5. Baile an Sceilg	362	99	69.5	26.8	Ciarraí
6. An Baile Breac*	52	10	50.7	19.2	Ciarraí
8. Cathair Dónaill*	80	16	53.4	20	Ciarraí
9. Ceannúigh*	160	38	55.3	23.3	Ciarraí
13. Doire Fhíonáin*	138	25	39.1	18.1	Ciarraí
14. Doire Ianna	196	54	67.0	27	Ciarraí
15. An tImleach*	359	78	53.5	21.4	Ciarraí
19. Loch Luíoch*	21	0	0.0	0	Ciarraí
20. Máistir Gaoithe	58	16	82.1	27.6	Ciarraí
23. Toghroinn Fhíonáin	153	48	85.4	31.2	Ciarraí
24. An Trian Iarthach*	117	20	45.1	16.7	Ciarraí
27. An Baile Dubh	127	36	75.9	28.1	Ciarraí
29. Cé Bhréanainn	148	67	122.2	45.3	Ciarraí
31. An Clochán	290	135	121.2	46.4	Ciarraí
33. An Daingean	1460	435	69.7	29	Ciarraí
34. Dún Chaoin	164	118	149.1	69.8	Ciarraí
35. Dún Urlann	408	313	173.1	74.2	Ciarraí
36. Na Gleannta	1730	790	104.7	44.8	Ciarraí

Toghroinn: Daonáireamh 2011	Daonra 3+	# CL	RCB	% CL	Contae
38. Cill Mhaoilchéadair	457	349	198.9	75.2	Ciarraí
39. Cill Chuáin	433	353	233.8	81.3	Ciarraí
40. Cinn Ard	344	136	108.0	39.3	Ciarraí
42. Márthain	228	170	188.6	71.4	Ciarraí
43. An Mhin Aird	366	181	132.6	48.9	Ciarraí
44. Sráidbhaile*	41	12	74.6	29.3	Ciarraí
45. Ceann Trá	400	213	131.6	52.9	Ciarraí
13. Béal Deirg Mór	160	19	26.7	11.2	Maigh Eo
33. Baile an Chalaídh	216	78	81.2	35.6	Maigh Eo
35. Baile Óbha*	164	42	59.4	25.6	Maigh Eo
37. An Cheapaigh Dhuibh	331	115	84.3	34.4	Maigh Eo
47. Abhainn Bhraín	234	115	128.5	48.7	Maigh Eo
48. Partraí*	28	7	73.1	25	Maigh Eo
51. An Geata Mór Thuaidh	913	198	58.6	21.2	Maigh Eo
52. An Geata Mór Theas	880	382	107.8	43.1	Maigh Eo
54. Barr Rúscáí	108	20	49.7	18.3	Maigh Eo
55. Béal an Mhuirthead	1951	352	47.3	17.6	Maigh Eo
56. Gleann na Muaidhe	225	46	51.6	19.3	Maigh Eo
57. Gleann Chaisil	495	96	47.2	19	Maigh Eo
59. Guala Mhór*	84	8	20.4	9.5	Maigh Eo
60. Cnoc an Daimh (Ceathrú Thaidhg)	341	205	139.0	59.6	Maigh Eo
61. Cnoc na Lobhar	792	183	55.9	22.6	Maigh Eo
62. Moing na Bó	276	80	73.6	28.7	Maigh Eo
63. Na Monga	241	47	53.2	19.3	Maigh Eo
64. Cnoc na Ráithe	721	118	45.2	16.2	Maigh Eo
82. Tamhnaigh na Graí*	54	15	65.5	27.8	Maigh Eo
124. Acaill	878	217	64.2	24.7	Maigh Eo
133. An Corrán	703	185	68.1	26.2	Maigh Eo
136. Dumha Éige	602	154	60.1	25.2	Maigh Eo
41. Tailtin (Baile Ghib)*	353	65	45.6	17.7	an Mhí
53. Domhnach Pádraig*	587	181	70.9	30.3	an Mhí
70. Baile Átha Buí*	70	23	71.3	32.9	an Mhí
82. Cill Bhríde*	244	80	75.3	32.7	an Mhí
90. An Ráth Mhór (Ráth Chairn)*	418	247	142.9	58.9	an Mhí
19. Aird Mhór*	99	36	104.3	35.6	Port Láirge
20. Baile Mhic Airt	330	135	110.5	40.2	Port Láirge
34. Rinn ó gCuanach*	1242	598	116.0	47.6	Port Láirge

TÁBLA 6 RÁTAÍ CAIGHDEÁNAITHE BEOGACHTA (RCB), DAONÁIREAMH 2011

### An chomparáid idirthréimhseach

Trí bhíthin ráta carnaithe as linn na faisnéise a úsáid mar bhonn comparáide, tá muid ag déanamh caighdeánú ar an bhfaisnéis ar fad i gcás daonra choitinn. Sa mhodh oibre




comparáideach seo, tugtar aird ar athruithe i gcomhdhéanamh an daonra sna toghranna ar fad i gcás na 15 bliana atá i gceist, 1996–2011, d’fhonn athróg na faisnéise daonra a smachtú ar mhaithe le hanailís chomparáideach a dhíriú ar an athróg a shonraíonn éagsúlacht i bhfaisnéis na gCainteoirí Laethúla seo sa tréimhse seo. Is féidir mar sin Cothromóid 2 thuas a athbhunú ar an gcaoi seo a leanas ar mhaithe le háireamh na rátaí carnaithe (as linn iomlán na faisnéise) a dhéanamh níos soiléire:

$R_j = \frac{\sum_{i=1}^{155} S_{ij1996} + S_{ij2002} + S_{ij2006} + S_{ij2011}}{\sum_{i=1}^{155} P_{ij1996} + P_{ij2002} + P_{ij2006} + P_{ij2011}}$	(6)
---	-----

### 3.2 Dáileadh na rátaí beogachta i rannóga aoise

Agus faisnéis ó cheithre thréimhse daonáirimh ar fáil dúinn, bhí ar ár gcumas comparáid a dhéanamh ar dháileadh na rátaí beogachta ó 1996 i leith. I Léaráid 26 léirítear dáileadh na rátaí beogachta sna rannóga aoise is bonn den mheicníocht chaighdeánaithe seo i gcás na 155 toghroinn sa Ghaeltacht. Sa léaráid bhoscaí agus stríoc seo (box plot) déantar comparáid idir rátaí na rannóg sonraithe aoise sna tréimhsí daonáirimh 1996, 2002, 2006, 2001 faoi seach.




Tá muid ag baint leas as léaráid bhoscaí agus stríoc anseo mar léiriú achomair ar dháileadh na rátaí. Tá sampla anseo ar chlé ar dháileadh a bhaineann le rátaí 2011. Síneann an bosca atá istigh sa léaráid bheag seo ó luach na chéad cheathairle (*quartile*) go luach atá sa tríú ceathairíl agus léiríonn an barra ann an t-airmheán sa dáileadh. Síneann na stríocaí (*whiskers*) ó dhá cheann an bhosca go luachanna atá 1.5 níos mó ná an réimse idircheathairle. Áirítear luachanna i ndáileadh faisnéise atá lasmuigh do chinn na stríocaí ina luachanna neamhghnácha nó asluiteacha (*outliers*). Tugann Tukey (1977) luachanna lasmuigh ar luachanna den chineál seo.

Músclaíonn sonraí asluiteacha den chineál seo ceisteanna faoin údar a bhfuil siad lasmuigh den ghnáthréimse. Bíonn léaráidí boscaí agus stríoc fóinteach go físiúil mar chur chuige staitistiúil chun léiriú sothuigte ar réimse mór faisnéise a chur ar fáil. Tugann siad cúnaimh freisin maidir le léiriú comparáideach a thabhairt ar líon mór athróg a chuimsíonn sraith fhaisnéise.

Cuimsíonn Léaráid 26 na boscaí agus na stríocaí i ndáileadh RCB sna 11 rannóg aoise i dtréimhsí an staidéir seo 1996–2011. Cuirtear na boscaí i ngrúpaí de cheathair (ceann in

aghaidh na tréimhse daonáirimh de réir ord na rannóg aoise). Freagraíonn chuile bhosca agus a stríocáí do dháileadh na rátaí sna 155 TR. Cuimsítear éagsúlacht mhór faisnéise san aon léaráid amháin seo mar sin (155 x 11 x 4 = 6820 luach).

### Athruithe sa Ráta Caighdeánaithe Beogachta Standardised Vitality Rate Change



LÉARÁID 26: DÁILEADH RÁTAÍ CAIGHDEÁNAITHE BEOGACHTA (RCB) I LÉARÁID BHOSCA AGUS STRÍOCAÍ, DAONÁIRIMH 1996–2011 (Liath = 1996; Donn = 2002; Bán-dearg = 2006; Gorm = 2011)

Tá roinnt patrúin le tabhairt faoi deara sa léaráid:


- Is i measc aoisghrúpaí na scolaíochta a fhaightear na RCB is airde (5–12 bl. agus 13–18 bl.)
- Titeann na RCB i gcás na ndaoine fásta
- Tháinig ardú measartha ar RCB ar rannóga na n-óg (aoisghrúpaí na scolaíochta) ó 1996–2011, ach níl an t-ardú idir 2006–2011 chomh suaithinseach sin

- I measc rannóga aoise na ndaoine fásta, faightear léiriú ar ‘phócaí neamhghnácha’ i ndáileadh fhaisnéis na RCB (sa taobh thuas agus ar dheis sa léaráid). Léirítear na pócaí neamhghnácha seo i ndáileadh na ndaoine fásta i ngeall go bhfaightear rátaí atá chomh hard sin i dtoghranna ar leith i gcomparáid le airmheán an RCB atá sa réimse íseal i gcás na rannóg aoise fásta. Is é is dóichí go dtagraíonn an fhaisnéis neamhghnách seo do rátaí na ndaoine fásta i dtoghranna ar leith i gCatagóir A, fianaise a thugann le fios go bhfuil rátaí arda beogachta i measc daoine fásta sa Ghaeltacht trí chéile ‘neamhghnách’ i gcomparáid le rátaí meánacha ísle do na haoisghrúpaí seo go ginearálta. Is cosúil, mar sin, go bhfuil bunchuspóir stádas na Gaeltachta, .i. beocht shóisialta a bheith faoi labhairt na Gaeilge sa Ghaeltacht, ina nós ‘neamhghnách’, de réir mar atá sí á léiriú i ndáileadh na faisnéise seo.

Tá codarsnacht shoiléir le feiceáil idir dáileadh na RCB in aoisghrúpaí na scolaíochta agus dáileadh RCB na ndaoine sna rannóga aoise eile ar dócha nach bhfuil baint dhíreach acu le foras oideachais. Léirítear sa chodarsnacht seo (mar a léiríodh san SCT) an bhearna idir labhairt institiúideach na Gaeilge agus labhairt shóisialta na Gaeilge.

I Léaráid 27 tugtar na rátaí céanna beogachta do na tréimhsí céanna ach gan iad a bheith caighdeánaithe. Léirítear na patrúin chéanna inti ach amháin nach bhfuil na ‘phócaí neamhghnácha’ i measc na ndaoine fásta chomh suntasach is atá siad i ndáileadh na RCB thuas.

## Athruithe sa Bhunráta Beogachta Crude Vitality Rate Change



LÉARÁID 27: DÁILEADH BUNRÁTAÍ (NEAMHCHAIGHDEÁNAITHE) BEOGACHTA (BRB) I LÉARÁID BHOSCA AGUS STRÍOCAÍ, DAONÁIRIMH 1996–2011 (Liath = 1996; Donn = 2002; Bán-dearg = 2006; Gorm = 2011)

### 3.3. Comparáid idir na rátaí beogachta


San fhochaibidil seo déantar comparáid ar na rátaí beogachta, bunaithe ar fhaisnéis na gCainteoirí Laethúla sa Ghaeltacht a bhaineann le ceithre thréimhse daonáirimh: 1996, 2002, 2006 agus 2011. Léirítear na bunrátaí beogachta i gcás na dtoghrann ar fad sa Ghaeltacht i bhfoirm chéatadánach i dtosach agus, ina dhiaidh sin, cuirtear na léaráidí a thugann spléachadh ar dháileadh na rátaí caighdeánaithe. Tá dhá phríomhphointe le tabhairt faoi deara maidir le dáileadh na rátaí seo sa thréimhse idir 1996 agus 2011:

1. Laghdú na rátaí beogachta i gcás na dtoghrann a bhaineann le Catagóir A, is é sin líon na dtoghrann atá os cionn na tairsí de 67% Cainteoirí Laethúla Gaeilge

- Deighilt shoiléir idir rátaí Chatagóir A agus na toghranna a bhaineann le Catagóirí B agus C.

Níl scoithphointe idir rátaí Chatagóirí B agus C le haithint chomh soiléir sin i ndáileadh íslitheach na rátaí, ach amháin go bhféadfaí a rá i gcoitinne go bhfuil rátaí Chatagóir B ar phointe níos airde ar scála na treohta céanna ná a macasamhail i gCatagóir C.

### Comparáid idir Rátaí Beogachta Comparison of Vitality Rates: 1996-2011




LÉARÁID 28: DÁILEADH AR NA BUNRÁTAÍ BEOGACHTA (BRB) 1996-2011 SNA TOGHRANNA GAELTACHTA (Dubh = 2011; Uaithne = 1996)

I Léaráid 28 feictear i ndáileadh na faisnéise os cionn scoithlíne chothrománach Chatagóir A (líne bhriste liath atá tarraingte ar an ngraf ag 67%) go bhfuil an líne treohta dhubh a bhaineann le faisnéis BRB 2011 níos ísle ná dáileadh fhaisnéis BRB (an líne uaithne) bunaithe ar Dhaonáireamh 1996. Léirítear sa chomparáid idirthréimhseach seo mar sin gur tháinig lagú ar bheogacht maidir le labhairt laethúil na

Gaeilge ó 1996 i leith. Feictear freisin i gcuair na líne íslithí (RCB 2011) agus i ndáileadh RCB Dhaonáireamh 1996 gur féidir idirdhealú soiléir a dhéanamh ar fhaisnéis Chatagóir A agus an dáileadh sa dá chatagóir eile.


### Comparáid idir Rátaí Beogachta Comparison of Vitality Rates: 1996-2011



LÉARÁID 29: DÁILEADH AR NA BUNRÁTAÍ BEOGACHTA (BRB) 1996–2011 SNA TOGHRANNA GAELTACHTA (Dubh = 2011; Dearg = 2006; Gorm = 2002; Uaithne = 1996): FÁISNÉIS DHAONÁIREAMH 2011 INA BHONN COMPARÁIDEACH

I Léaráid 29 tugtar léiriú comparáideach ar dháileadh na mBunrátaí Beogachta i gcás na 155 toghroinn sa Ghaeltacht do na tréimhsí éagsúla ó Dhaonáireamh 1996 i leith. Cuirtear faisnéis BRB Dhaonáireamh 2011 ina líne íslitheach threochta mar bhonn don chomparáid seo.


## Comparáid idir Rátaí Caighdeánaithe Beogachta Comparison of Standardised Vitality Rates: 1996-2011



LÉARÁID 30: DÁILEADH AR NA RÁTAÍ CAIGHDEÁNAITHE BEOGACHTA (RCB) 1996–2011 SNA TOGHRANNA GAELTACHTA (Dubh = 2011; Dearg = 2006; Gorm = 2002; Uaithne = 1996)

I Léaráid 30 cuirtear na línte treochta maidir le dáileadh na rátaí caighdeánaithe beogachta i gcás na dtoghann Gaeltachta ar fad, bunaithe ar fhaisnéis Dhaonáirimh 1996, 2002, 2006 agus 2011 faoi seach, i gcomparáid lena chéile. Is spéisiúil gur tháinig feabhas beag ar na RCB i gcás na dtoghann a bhaineann le dáileadh Catagóir B (réimse RCB idir 115 agus 160, ar an mórchuid) agus Catagóir C (réimse RCB faoi bhun 115, ar an mórchuid) sa tréimhse ó Dhaonáireamh 2006 (an líne ghorm) agus Daonáireamh 2011 (an líne dhubh). Sa dáileadh i réimse Chatagóir A (RCB os cionn 160, ar an mórchuid) ní thugtar bearna shuntasach faoi deara idir na línte treochta dubh agus gorm, ach sa dáileadh faoina bhun sin, .i. réimse RCB Chatagóir B, tá líne Dhaonáireamh 2011 (dubh) le feiceáil os cionn na líne a bhaineann le RCB Dhaonáireamh 2006 (gorm), rud a léiríonn gur tháinig ardú ar na rátaí seo san idirthréimhse.

## Comparáid idir Rátaí Caighdeánaithe Beogachta Comparison of Standardised Vitality Rates: 1996-2011



LÉARÁID 31: DÁILEADH AR NA RÁTAÍ CAIGHDEÁNAITHE BEOGACHTA (RCB) 1996–2011 SNA TOGHRANNA GAELTACHTA: FAISNÉIS D. 2011 INA BHONN (Dubh = 2011; Dearg = 2006; Gorm = 2002; Uaithne = 1996)

I Léaráid 31 tugtar léiriú comparáideach ar dháileadh na Rátaí Caighdeánaithe Beogachta i gcás na 155 toghroinn sa Ghaeltacht do na tréimhsí éagsúla ó Dhaonáireamh 1996 i leith. Cuirtear faisnéis RCB Dhaonáireamh 2011 ina líne íslitheach threochta mar bhonn don chomparáid seo.

### 3.4 Próifílí beogachta 2011

San fhochaibidil seo tarraingítear as na foinsí éagsúla faisnéise atá ar fáil d'fhonn próifílí bheogachta a chruthú do na toghranna Gaeltachta ar fad. Is éard atá sna próifílí seo, mar sin comparáid idir céatadáin nó torthaí faisnéis teanga a fhreagraíonn don bhliain 2011. Cuimsíonn gach próifíl a léirítear in aghaidh na toghroinne an fhaisnéis seo a leanas:



1. Céatadán na ndaoine sa toghroinn a thuairiscigh go raibh cumas acu sa Ghaeilge i nDaonáireamh 2011 (maide dearg)
2. Céatadán na ndaoine sa toghroinn a thuairiscigh go labhraíonn siad an Ghaeilge go laethúil sa toghroinn i nDaonáireamh 2011 (maide gorm)
3. Céatadán na dteaghlach a shaothraigh SLG i 2010/201 sa toghroinn (maide uathne)
4. Céatadán na ndaoine óga (3–18 bl.) sa toghroinn a labhraíonn an Ghaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais maille leis an líon a labhraíonn lasmuigh agus laistigh de araon í, .i. nach labhraíonn an Ghaeilge sa scoil amháin, (maide corcra).


Cuimsítear sna léarscáileanna contae seo a leanas próifílí na faisnéise seo mar léiriú comparáideach ar bheogacht labhairt shóisialta na Gaeilge ó thoghroinn go toghroinn.

Is ionann na toghranna a bhfuil rátaí / céatadán chosúla arda inchomparáide le feiceáil iontu agus na toghranna ina bhfuil an fhianaise is fearr le sonrú maidir le beogacht nómshaireachtaí Gaeilge i measc an phobail. Sna toghranna úd a bhfuil comparáid dhiúltach iontu idir faisnéis na n-óg agus faisnéis eile an phobail (.i. na daoine óga nach bhfuil a dtaithe ar an nGaeilge teoranta do chomhthéacs na scolaíochta), is féidir earraíocht a bhaint as an gcomparáid seo mar fhianaise ar athruithe idirghlúineacha a shonraíonn go bhfuil próifílí na bpobal úd ag léiriú gluaiseachta i dtreo cheannas sóisialta an Bhéarla ina measc. Ní fhaightear ach líon fíorbheag toghrann as iomlán na dtoghrair Gaeltachta (155 TR) ina bhfuil dáileadh na faisnéise éagsúla seo á léiriú ar raon coibhneasta inchomparáide, is é sin ní fhaightear ach corrhoghroinn ar féidir a rá ina dtaobh go bhfuil comparáid ag leibhéal réasúnta ard i gcás tháscairí éagsúla na próifíle. Léirítear trí phointe shuntasacha san éagsúlacht inchomparáide seo:

1. Nach nós seasmhach í labhairt shóisialta na Gaeilge i gcomhthéacs an teaghlaigh ná an phobail
2. Go bhfaightear spléachadh ar an mísheasmhacht is suntasaí i measc fhaisnéis na hóige
3. Go bhfuil comparáid dhiúltach idir faisnéis na n-óg agus an fhaisnéis eile a shonraíonn inniúlacht nó gnás Gaeilge ag leibhéal an phobail.

Níl próifíl inbhuanaithe á léiriú sna comparáidí seo.

## Próifílí na Beogachta: Dún na nGall Vitality Profiles: Donegal




LÉARÁID 32:

COMPARÁID IDIR CUMAS SA GHAELGE, LABHAIRT LAETHÚIL NA GAEILGE, TORTHAÍ SLG AGUS LABHAIRT NA GAEILGE I MEASC DAOINE ÓGA I LIMISTÉAR GAELTACHTA DHÚN NA NGALL: DAONÁIREAMH 2011 AGUS SLG 2010/2011.

*(Tugann an maide dearg (ar chlé) céatadán cumais sa Ghaeilge ó Dhaonáireamh 2011, an maide gorm an céatadán maidir le labhairt laethúil na Gaeilge, an maide uathne céatadán na dteaghlach a shaothraigh SLG i 2010/2011 agus an maide corcra (ar dheis) céatadán na ndaoine óga (3–18 bl.) a labhraíonn an Ghaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais maille leis an líon a labhraíonn í lasmuigh agus laistigh de araon.)*

## Próifílí na Beogachta: Maigh Eo Vitality Profiles: Mayo




**LÉARÁID 33:**

**COMPARÁID IDIR CUMAS SA GHAEILGE, LABHAIRT LAETHÚIL NA GHAEILGE, TORTHAÍ SLG AGUS LABHAIRT NA GHAEILGE I MEASC DAOINE ÓGA I LIMISTÉAR GAELTACHTA MHAIGH EO: DAONÁIREAMH 2011 AGUS SLG 2010/2011.**


*(Tugann an maide dearg (ar chlé) céatadán cumais sa Ghaeilge ó Dhaonáireamh 2011, an maide gorm an céatadán maidir le labhairt laethúil na Gaeilge, an maide uathne céatadán na dteaghlach a shaothraigh SLG i 2010/2011 agus an maide corcra (ar dheis) céatadán na ndaoine óga (3–18 bl.) a labhraíonn an Ghaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais maille leis an líon a labhraíonn i lasmuigh agus laistigh de araon.)*

## Próifílí na Beogachta: Gaillimh Vitality Profiles: Galway



**LÉARÁID 34:** **COMPARÁID IDIR CUMAS SA GHAEILGE, LABHAIRT LAETHÚIL NA GAEILGE, TORTHAÍ SLG AGUS LABHAIRT NA GAEILGE I MEASC DAOINE ÓGA I LIMISTÉAR GAELTACHTA NA GAILLIMHE: DAONÁIREAMH 2011 AGUS SLG 2010/2011.**  
*(Tugann an maide dearg (ar chlé) céatadán cumais sa Ghaeilge ó Dhaonáireamh 2011, an maide gorm an céatadán maidir le labhairt laethúil na Gaeilge, an maide uathne céatadán na dteaghlach a shaothraigh SLG i 2010/2011 agus an maide corcra (ar dheis) céatadán na ndaoine óga (3–18 bl.) a labhraíonn an Ghaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais maille leis an líon a labhraíonn í lasmuigh agus laistigh de araon.)*


## Próifílí na Beogachta: Ciarraí Vitality Profiles: Kerry



**LÉARÁID 35:** COMPARÁID IDIR CUMAS SA GHAEILGE, LABHAIRT LAETHÚIL NA GAEILGE, TORTHÁI SLG AGUS LABHAIRT NA GAEILGE I MEASC DAOINE ÓGA I LIMISTÉAR GAELTACHTA CHIARRAÍ: DAONÁIREAMH 2011 AGUS SLG 2010/2011.


*(Tugann an maide dearg (ar chlé) céatadán cumais sa Ghaeilge ó Dhaonáireamh 2011, an maide gorm an céatadán maidir le labhairt laethúil na Gaeilge, an maide uathne céatadán na dteaghlach a shaothraigh SLG i 2010/2011 agus an maide corcra (ar dheis) céatadán na ndaoine óga (3–18 bl.) a labhraíonn an Ghaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais maille leis an líon a labhraíonn í lasmuigh agus laistigh de araon.)*

## Próifílí na Beogachta: Corcaigh Vitality Profiles: Cork




**LÉARÁID 36:** **COMPARÁID IDIR CUMAS SA GHAEILGE, LABHAIRT LAETHÚIL NA GHAEILGE, TORTHAÍ SLG AGUS LABHAIRT NA GHAEILGE I MEASC DAOINE ÓGA I LIMISTÉAR GAELTACHTA CHORCAÍ: DAONÁIREAMH 2011 AGUS SLG 2010/2011.**  
*(Tugann an maide dearg (ar chlé) céatadán cumais sa Ghaeilge ó Dhaonáireamh 2011, an maide gorm an céatadán maidir le labhairt laethúil na Gaeilge, an maide uathne céatadán na dteaghlach a shaothraigh SLG i 2010/2011 agus an maide corcra (ar dheis) céatadán na ndaoine óga (3–18 bl.) a labhraíonn an Ghaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais maille leis an líon a labhraíonn í lasmuigh agus laistigh de araon.)*

## Próifílí na Beogachta: Port Láirge Vitality Profiles: Waterford



**LÉARÁID 37:** COMPARÁID IDIR CUMAS SA GHAELGE, LABHAIRT LAETHÚIL NA GAEILGE, TORTHAÍ SLG AGUS LABHAIRT NA GAEILGE I MEASC DAOINE ÓGA I LIMISTÉAR GAELTACHTA PHORT LÁIRGE: DAONÁIREAMH 2011 AGUS SLG 2010/2011.  
(Tugann an maide dearg (ar chlé) céatadán cumais sa Ghaeilge ó Dhaonáireamh 2011, an maide gorm an céatadán maidir le labhairt laethúil na Gaeilge, an maide uathne céatadán na dteaghlach a shaothraigh SLG i 2010/2011 agus an maide corra (ar dheis) céatadán na ndaoine óga (3–18 bl.) a labhraíonn an Ghaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais maille leis an líon a labhraíonn í lasmuigh agus laistigh de araon.)

## Próifílí na Beogachta: an Mhí Vitality Profiles: Meath



**LÉARÁID 38:** COMPARÁID IDIR CUMAS SA GHAELIGE, LABHAIRT LAETHÚIL NA GAEILGE, TORTHAÍ SLG AGUS LABHAIRT NA GAEILGE I MEASC DAOINE ÓGA I LIMISTÉAR GAELTACHTA NA MÍ: DAONÁIREAMH 2011 AGUS SLG 2010/2011.  
(Tugann an maide dearg (ar chlé) céatadán cumais sa Ghaeilge ó Dhaonáireamh 2011, an maide gorm an céatadán maidir le labhairt laethúil na Gaeilge, an maide uathne céatadán na dteaghlach a shaothraigh SLG i 2010/2011 agus an maide corcra (ar dheis) céatadán na ndaoine óga (3–18 bl.) a labhraíonn an Ghaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais maille leis an líon a labhraíonn í lasmuigh agus laistigh de araon.)

### 3.4.1 Faisnéis chomparáideach na nDaonáireamh, SLG agus na gCatagóirí

Liostaítear i dTábla 7 in ord na dtoghrann contae faisnéis teanga sna daonáirimh (D. 2006 agus D. 2011), faisnéis SLG (2005/2006 agus 2010/2011), na Rátaí Caighdeánacha Beogacht atá bunaithe ar dháileadh líon na gCainteoirí Laethúla Gaeilge sna rannóga aoise éagsúla agus céatadán na gcainteoirí óga (a labhraíonn an Ghaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais maille leis an líon a labhraíonn í lasmuigh agus laistigh de araon) sna colúin sa chló trom. Is féidir, mar sin, próifíl na toghroinne a chur i gcomparáid le RCB na toghroinne agus le rangú catagóireach na toghroinne i gcás na dtréimhsí éagsúla faisnéise.



Toghroinn: 2006–2011	# CL 2011	RCB 2011	% SLG 2011	% CL Óg 2011	Cat. 2011	# CL 2006	RCB 2006	% SLG 2006	% CL Óg 2006	Cat. 2006	Contae
	108. Béal Átha an Ghaorthaidh* (T.C.)	106	119.0	24.0	18.1	B	101	107.4	4.4	19.2	B
199. Béal Átha an Ghaorthaidh	255	127.0	37.3	37.7	B	240	120.7	26.4	31.2	B	Corcaigh
200. Ceann Droma*	102	90.5	22.2	21.6	C	95	94.1	9.1	20.0	C	Corcaigh
202. Claonráth*	71	122.4	40.0	42.5	B	58	96.6	14.3	25.0	C	Corcaigh
205. Doire Fhíniú	78	81.2	10.0	17.3	C	71	80.0	21.7	9.8	C	Corcaigh
206. Gort na Tíobradan (Cúil Aodha)	254	138.1	62.9	55.7	B	217	126.8	51.4	58.6	B	Corcaigh
212. Cill na Martra*	119	71.8	20.0	25.8	C	114	71.7	2.7	11.3	C	Corcaigh
218. Sliabh Riabhach	325	94.1	30.1	22.8	C	322	95.0	14.7	21.7	C	Corcaigh
219. Na hUláin	214	85.4	19.0	21.4	C	206	79.5	11.3	24.5	C	Corcaigh
290. Cléire*	59	143.9	41.7	34.6	B	50	116.4	50.0	26.1	C	Corcaigh
12. An Bhinn Bhán*	0	0.0	0.0	0.0	C	0	0.0	0.0	0.0	C	Dún na nGall
23. Loch Iascaigh*	3	78.2	0.0	0.0	C	0	0.0	0.0	0.0	C	Dún na nGall
Baintear leas anseo i Léaráid 65 as Anailís ar Phríomh-chomhpháirteanna (APC) (Principal Components Analysis (PCA) i mBéarla) d'fhonn éifeacht na gcainteoirí óga (3–18 bl.) ar ráta bheogacht na toghroinne a thomhas. Cuireann an modh oibre anailísithe seo meicníocht ar fáil le scagadh a dhéanamh ar mhionshonraí na faisnéise agus léiríonn an anailís seo éifeacht na sonraí ar shonraí gaolmhara eile. De réir an mhodha oibre seo, ní mór anailís a dhéanamh ar chomhpháirteanna éagsúla na sonraí d'fhonn comhdhéanamh nó struchtúr iomlán na sonraí a aimsiú i dtosach. Déantar seo i gcás na faisnéise atá faoi chaibidil anseo in dhá chéim: a) déantar anailís ar phríomh-chomhpháirteanna d'fhonn struchtúr fhaisnéis na gCainteoirí Laethúla a aimsiú i dtosach; b) déantar scagadh ar an gcaidreamh idir na comhpháirteanna atá ag freagairt don dá aoisghrúpa atá faoi chaibidil, .i. daoine óga agus daoine fásta. Is é buntáiste na hanailíse ar phríomh-chomhpháirteanna go ndíríonn sí aird ar na torthaí a bhaineann go sonrach leis an gceist atá á hiniúchadh. I ndáiríre, is athróga nua iad na príomh-chomhpháirteanna a chruthaítear ón mbunfhaisnéis, ach go bhfuil luach comhéifeachta eatarthu atá ag freagairt do náid (0).

Sa tsraith faisnéise atá faoi chaibidil anseo, míníonn an chéadchomhpháirt formhór na malartaíochta i measc na sonraí, agus ní mhíníonn na comhpháirteanna ina dhiaidh sin ach sciar níos lú (ar scála laghdaitheach) den éagsúlacht sa mhalartaíocht. Léirítear i dtorthaí na hanailíse seo go míníonn an chéad chomhpháirt (Comh. 1) 68.6% den éagsúlacht san fhaisnéis, an dara comhpháirt 10.2% agus an tríú comhpháirt 4.6%. Is ionann sin agus 83.4% den éagsúlacht san fhaisnéis ar fad.

Tábhacht na Comhpháirte:

	Comh.1	Comh.2	Comh.3	Comh.4	Comh.5
Diall caighdeánach	2.7476097	1.0586319	0.7101706	0.67488886	0.62132995
Méid na héagsúlachta	0.6863054	0.1018819	0.0458493	0.04140682	0.03509554
Áireamh carnach	0.6863054	0.7881873	0.8340366	0.87544343	0.91053896



Scrúdaítear ualúcháin na gcomhpháirteanna d'fhonn a gcineál agus a n-éifeacht a nochtadh.

Ualúcháin:	Comh. 1	Comh. 2	Comh. 3	Comh. 4	Comh. 5
%CL3-4B1	0.275	0.217	<b>0.774</b>	-0.216	-0.139
%CL5-12B1	0.197	<b>0.657</b>	-0.330	-0.497	0.349
%13-18B1	0.226	<b>0.564</b>	-0.178	0.610	-0.366
%19s-29B1	0.290		0.219	0.495	0.753
%19ns-29B1	0.330		0.137		
%30-39B1	0.325				-0.368
%40-49B1	0.319	-0.258	-0.198		
%50-59B1	0.337	-0.145		-0.130	
%60-69B1	0.340	-0.102		-0.235	
%70-79B1	0.315	-0.311	-0.342		
%80-89B1	0.325		-0.167		

Is innéacs nua ilchodach atá i ngach comhpháirt. Léiríonn na hualúcháin éifeacht na mbunathróg (rannóga aoise) ar an innéacs nua. Trí scagadh a dhéanamh ar éifeacht choibhneasta gach bunathróige ar gach innéacs nua, is féidir an bunchaidreamh idir na sonraí faisnéise éagsúla a mhíniú.


Léiríonn Comhpháirt 1 tomhas ginearálta na beogachta maidir le labhairt laethúil na Gaeilge sna sonraí i gcás toghroinne ar leith. Is cosúil nach bhfuil mórán éagsúlachta san éifeacht atá ag gach bunathróg ar an innéacs nua, cé go bhfaightear na hualúcháin is ísle sna chéad trí athróg (daoine óga 3–4 bliana; 5–12 bhliain agus 13–18 mbliana). Léirítear i gComhpháirt 2 éifeacht chomparáideach/chodarsnach na chéad trí rannóg aoise ar an innéacs agus éifeacht na rannóg níos sine ar an innéacs. Is léir go bhfuil luachanna na n-athróg aoise éagsúil lena chéile sa chomhpháirt seo agus gur suntasaí éifeacht na rannóg óg aoise ar an innéasc. I gcás Chomhpháirt 3 is suntasaí éifeacht rannóg na réamhscolaíochta (3–4 bliana).

Léirítear sa scaipghram i Léaráid 65 an caidreamh idir an chéad dá chomhpháirt, .i. an bhaint atá ag tomhas ginearálta na beogachta atá sna sonraí faisnéise le héifeacht sonraí na ndaoine óga le hais éifeacht na ndaoine fásta ar na sonraí beogachta. Is iad luachanna na n-innéacsanna nua atá á léiriú sa scaipghram. Léiríonn an ais chothrománach éagsúlacht sa chéad chomhpháirt (an bheogacht ghinearálta atá á léiriú sna sonraí i gcás toghroinne ar leith) agus léiríonn an ais ingearach an éagsúlacht sa dara comhpháirt (codarsnacht idir faisnéis rannóg aoise na n-óg *versus* faisnéis na ndaoine fásta).

Toghroinn amháin Ghaeltachta atá á léiriú i gcás gach pointe atá ar an scaipghram agus tá dáileadh catagóireach na luachanna á thabhairt chun solais i gcás na ndathanna.

Freagraíonn pointí gorma dorcha do thoghranna Chatagóir A, pointí gorma meánacha do thoghranna Chatagóir Chat. B agus pointí gorma éadroma do thoghranna Chatagóir C.

Tá patrúin spéisiúla á léiriú sa scaipghram. Is é príomhthoradh na hanailíse comhpháirtí seo ná an t-idirdhealú i ndáileadh na faisnéise i gcás na gcatagóirí éagsúla, go háirithe an bhearna shoiléir idirdhealaitheach sa réimse faisnéise idir Catagóirí A agus B. Léirítear san fhianaise seo go bhfuil comhéifeacht láidir idir faisnéis na beogachta agus an t-idirdhealú i gCatagóirí Gaeltachta A, B agus C.



LÉARÁID 65 (ARÍS): SCAIPGHRAM COMPARÁIDEACH AR ANILÍS AN CHÉAD DÁ CHOMHPHÁIRT AR FHAISNÉIS CAINTEOIRÍ FÁSTA LAETHÚLA GAEILGE AGUS CAINTEOIRÍ ÓGA SNA TOGHRANNA GAELTACHTA, DAONÁIREAMH 2011 (Pointí gorma dorcha = TR Chat. A; pointí gorma meánacha = TR Chat. B; pointí gorma éadroma = TR Chat. C)<sup>15</sup>

I gcás Chatagóir C, feictear an bheogacht ghinearálta is laige (luachanna diúltacha ar ais chothrománach na beogachta), ach i ngeall ar luachanna na ndaoine óga méadaítear luachanna na beogachta ginearálta trí chéile sa chatagóir seo (luachanna dearfacha na n-óg i gcomparáid le luachanna na ndaoine fásta ar ais ingearach na haoise). Sa chodarsnacht idir luachanna na ndaoine óga agus na ndaoine fásta, feictear éifeacht bhuntáisteach fhaisnéis na n-óg ar an mbeogacht (tá formhór na bpointí os cionn an leibhéil mheánaigh, .i. an líne *lowess* dhearg agus tá formhór na bpointí os cionn 0 ar an ais chothrománach). Feictear treocht íslitheach i gcás luachanna Chatagóir A (na pointí dorcha faoi bhun 0 ar ais chothrománach na haoise ar thaobh na lámhe deise den léaráid)

<sup>15</sup> Cuirtear Léaráid 65 i láthair anseo arís ar mhaithe leis an bplé ar an leathanach seo a léirmhíniú.

toisc gurb iad rátaí na ndaoine fásta atá ag cur le hairde na beogachta sna toghranna, i gcodarsnacht le rátaí coibhneasta níos ísle sna haoisghrúpa fásta sa dá chatagóir eile, ach go bhfaightear na rátaí is láidre beogachta trí chéile i dtoghranna Chatagóir A (tá na pointí dorcha ar raon ard ar ais chothrománach na beogachta). Leis bpointe céanna a dhéanamh ar shlí níos simplí, is í an óige is cionsiocair le beogacht choibhneasta Chatagóir C, dá laige í, agus is iad na daoine fásta is cionsiocair le beogacht choibhneasta Chatagóir A, dá airde í ar an scála.<sup>16</sup>

Is é tátal na hanailíse comhpháirtí go mbíonn éifeacht dhearfach ar an mórgóir ag faisnéis na ndaoine óga ar leibhéal na beogachta a thuairiscítear sna toghranna nach bhfuil an Ghaeilge á labhairt mar ghnás coiteann sóisialta iontu (.i. Catagóirí B agus C). Is é is dóichí gur léiriú é seo ar thionchar dearfach na scoileanna sna ceantair ina gcuid iarrachtaí freastal ar fhéiniúlacht stádas Gaeltachta na gceantar in ainneoin laigeacht shóisialta na Gaeilge sna pobail seo. Cuireann éifeacht na ndaoine óga leis na rátaí beogachta sna toghranna i gCatagóir C cé go bhfuil na rátaí seo lag ó thaobh an phobail de i gcoitinne. Tá rátaí an phobail i gCatagóir B níos airde i gcomparáid le Catagóir C agus bíonn éifeacht dhearfach ag faisnéis na ndaoine óga ar na rátaí beogachta i gcoitinne (tá formhór na bpointí os cionn na líne meánaí i réimse Chat. B), ach sa raon ina bhfuil léiriú ar ardú sa bheogacht ar an ais chothrománach tagann laghdú ar éifeacht dhearfach na hóige ar an ais ingearach. I gCatagóir A, áit a bhfuil an bonn is mó Gaeilge dá bhfuil ann, léirítear treocht íslitheach san anailís chomhpháirteach i dtoghranna na catagóire seo. Faightear an treocht seo i ngeall go bhfuil rátaí coibhneasta arda á léiriú i gcás thoghranna Chatagóir A i gcoitinne sna pobail seo agus go bhfuil éifeacht inchomparáide inchurtha le chéile ag rátaí na rannóg éagsúil aoise ar an mbeogacht a thuairiscítear i gcás na dtoghrann sa chatagóir seo.

Is é sin le rá go bhfuil éifeacht dhearfach ag na daoine óga sna pobail nach labhraíonn an Ghaeilge go bisiúil agus nach bhfuil éifeacht dhearfach acu sna ceantair ina bhfuil sí á labhairt mar ghnás éigin pobail. Tá rátaí óige Chatagóir A inchurtha, mar sin, le rátaí na ndaoine fásta sa chatagóir chéanna, murab ionann agus codarsnacht na rátaí i gcás Chatagóirí B agus C. Ina dhiaidh sin féin, tá a fhios againn nach ionann téagar na Gaeilge sna gréasáin shóisialta i measc na n-óg agus na cinn a bhaineann le daoine fásta i

---

<sup>16</sup> Baineann na luachanna is ísle (ag bun an scaipghraim) leis na TR Baile an Bhriota agus Suí Corr. Faightear na luachanna seo toisc go bhfuil daonra an-bheag i gcuid na Gaeltachta de na toghranna seo agus go mbaineann próifíl neamhghnách aoise leo.

gCatagóir A (féach Ó Curnáin 2007; Lenoach *et al.* 2012; SCT 2007b; Mac Donnacha *et al.* 2005; Péterváry *et al.* 2014). Tá idirdhealuithe suntasacha idir rátaí beogachta na gcatagóirí éagsúla le sonrú sa saothar seo agus léirítear fianaise maidir le próifíl agus le feidhm na Gaeilge in aoisghrúpa na n-óg atá níos leochailí ná feidhm na Gaeilge in aoisghrúpaí níos sine san fhaisnéis anseo agus i saothair eile. Go hachomair, tá éagsúlacht limistéarach agus idirghlúineach á nochtadh sa saothar seo nach bhfuil ar fónamh d'innharthanacht na Gaeltachta mar phobal Gaeilge. Tá léiriú á thabhairt anseo ar chreimeadh dhlús na Gaeilge i réimse na tíreolaíochta agus i réimse na dlúthpháirtíochta sóisialta araon, is é sin le rá go bhfuil laghdú ag teacht ar na limistéir ina bhfuil an Ghaeilgeoireacht á cleachtadh agus go bhfuil lagan ag teacht ar chleachtadh na Gaeilge de réir mar a théann na haoisghrúpaí in óige.

#### **4.2 Beartais fhéideartha sa chomhthéacs reatha**

Músclaíonn na torthaí dúshlánacha seo ceisteanna i dtaobh leasuithe a chur i bhfeidhm sa phobal teanga d'fhonn impleachtaí diúltacha na fianaise a mhaolú. Cé na beartais chun feabhais is féidir a thionscnamh ag an tráth seo i leith na ndeacrachtaí seo? Moladh beartais i gcáipéisí éagsúla stáit agus taighde (mar shampla, Rialtas na hÉireann 2002; Ó Flatharta 2007; SCT 2007b; Fiontar 2009) a d'fhéadfadh a bheith fóinteach don Ghaeltacht. Mar sin féin, is fiú iniúchadh a dhéanamh fós ar an mbunús atá leis an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge* agus le *hAcht na Gaeltachta 2012*, féachaint cé mhéad den chur chuige reatha seo atá fréamhaithe i dtuiscintí an taighde agus cé mhéad de bheartais na *Straitéise* agus an *Achta* atá dírithe ar mholtaí a d'eascair as an taighde. B'fhiú aird ar leith a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil an cur chuige reatha ag tabhairt aghaidh ar cheisteanna lárnacha a bhaineann le croiréimsí an teaghlaigh, na comharsanachta agus na scolaíochta (féach Fishman 1989 agus 1991; Ó Curnáin 2009; SCT 2007b; ICD 2014). Cén chaoi a bhfuil feidhmiú an chuir chuige reatha atá ag an Stát éagsúil le ré na bpolasaithe roimhe seo inar tháinig na trioblóidí reatha sochtheangeolaíochta chun solais (féach Ó Giollagáin 2014a agus 2014b). Is inmholta go léireodh an Státchóras don phobal cén donacht atáthar ag iarraidh a leigheas maidir leis an bpolasaí nua atá in ainm is a bheith á fheidhmiú sa Ghaeltacht. Is inmholta freisin, i bhfianaise an taighde phroifisiúnta ar fad, nach séanfaí méid na géarchéime atá ann.

Ní mór a thabhairt san áireamh freisin go bhfuil ocht mbliana curtha dinn againn ó cuireadh an SCT i gcló sa bhliain 2007 inar léiríodh fianaise shoiléir ar dheireadh ré na Gaeltachta laistigh de thréimhse ama 15 – 20 bliain. Ceadaíonn imeacht na haimsire seo ó

2007 i leith ceisteanna ábhartha i dtaobh fhiúntas agus fheiliúnacht an chuir chuige a chleacht an Státchóras ó shin. In ainneoin achtú *Acht na Gaeltachta* agus fhoilsiú na *Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge*, tá na pobail Ghaeilge sa Ghaeltacht fós ag fanacht ar shraith chomhordnaithe tionscnamh agus beartas a imreoidh tionchar dearfach ar na réimsí saoil a thacaíonn le hinmharthanacht an phobail mhionteanga, mar shampla, cúnamh sprioctha do na teaghlaigh Ghaeilge sa Ghaeltacht, struchtúr socheacnamaíochta a roinnfeadh cúitimh shóisialta don phobal Gaelach agus cur chuige oideachais atá dírithe ar riachtanais na gcainteoirí dúchais i gcomhthéacs an mhionteangachais dhealaithe, i measc na dtacaíochtaí is tábhachtaí.

I bhfianaise a ghearrthréimhsí is atá saolré na Gaeilge sa Ghaeltacht faoi réir cúinsí reatha, is aisteach an mhaise don Státchóras modh oibre chomh fadálach agus malltriallach a bheith acu ina thaobh, féach Ó Giollagáin (2014a: 30–1):

‘One of the most salient traits of language policy reform in relation to the Gaeltacht has been the snail-like pace of its evolution. The second Gaeltacht Commission of 2002 can be convincingly portrayed as an official reaction to the morbid predictions of Hindley’s (1990) *Death of the Irish Language*. Another ten-year period was to elapse while the relevant institutions of state agreed on an amended legislative structure in the guise of the *Gaeltacht Act 2012*, following the *20-Year Strategy for the Irish Language 2010–2030*.’

Maíonn Ó Giollagáin (2014a agus 2014b) gur díréir idir impleachtaí an taighde chomhaimseartha agus aidhmeanna neamhábhartha an chuir chuige oifigiúil is cionsiocair leis an easpa dul chun cinn, i measc deacrachtaí eile:

‘The Irish State’s policy response to the documented portrayal of linguistic crisis in Ireland has five identifiable features:

- 1) the conflation of L1 and L2 contexts in the Strategy and the Act;
- 2) the L2 discursive colonization of L1 concerns;
- 3) an emphasis on the L2 educational sphere (Fiontar, 2009);
- 4) a naïve portrayal of the minority bilingual condition
  - a. minority language acquisition is more complex and challenging than majority language acquisition,
  - b. and uni-directional in its social dynamic, i.e., favoring English;
- 5) a sectoral rather than sociological and linguistic response to identified difficulties.

Despite the *Strategy* placing its eggs in a sectoral basket, the state sector charged with language policy and provision has succumbed to an induced inertia brought on by a combination of the calculated anaemia of the *Strategy*, the paralysis of the operational apparatus and of the *Strategy*’s state-backed working committees’ (Ó Giollagáin 2014b: 114).

‘It seems that the *Act* overestimates the capacity of local Gaeltacht communities to influence societal trends through local plans, while at the same time ignoring the

potential of significant realms of state to exacerbate existing trends towards linguistic assimilation' (Ó Giollagáin 2014b: 111).

Tá gnéithe suntasacha don 'inegalitarian bilingualism' a d'aithin Hagège (2009: 79–80, 86–90) i gcás mionlaigh eile teanga nach bhfaigheann aird san *Acht* ná sa *Straitéis*.

Bronnann struchtúr na gCoistí Idir-rannacha agus na nGrúpaí Oibre Stáit a ceapadh chun ról monatóireachta a ghlacadh i leith na *Straitéise* cumhacht ar ranna Stáit ar an bpolasaí Gaeltachta, ach ní shonraítear sna forálacha nua oifigiúla cé na freagrachtaí Gaeltachta atá ar na ranna seo, cé is moite den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Ciallaíonn seo go bhfuil tuilleadh smachta ag seachghrúpa Stáit ar ghnóthaí Gaeltachta go praiticiúil agus go bhfuil laghdú tagtha ar an gcumhacht atá ag na forais Stáit a bhí i ngleic leis na hidirghabhálacha Gaeltachta go nuige seo. B'innmholta sonrú cinnte a dhéanamh ar na dualgais agus ar na freagrachtaí atá le leagan ar na Ranna Stáit i leith ghéarchéim na Gaeltachta sna réimsí feidhmíochta atá faoina gcúram. In éagmais an tsoiléirithe seo, ba dheacair a léiriú cén fheidhm phraiticiúil ábhartha a bhaineann leis an gcur chuige idir-rannach seo.

Is léir freisin go bhfuil an dearcadh forleathan ann go bhfuil am luachmhar á mheilt agus deiseanna á scaoileadh tharainn ag baint d'iontaoibh an phobail in inchreidteacht aidhmeanna Gaeltachta agus Gaeilge Stát na hÉireann ag an bpointe seo (féach an plé in Mac Donnacha 2013 agus 2014). Ní léir toradh an phlé sna Coistí Idir-rannacha seo ach amháin i gcás fhógairt na Limistéar Pleanála Teanga sa bhliain 2014: (<http://www.ahg.gov.ie/ie/Straiteis20BliaindonGhaeilge2010-2030/AnProiseasPleanalaTeanga/Liostaden26LimisteirPleanalaTeangaagusmapai/#d.ie.18113>, ceadaithe 10 Márta 2015). I bhfianaise na hairde maorlathaí atá á caitheamh le dáileadh tíreolaíochta na mbeartas Gaeltachta, b'fhiú an plé a rinne Crystal (2000: 154–155), Valiquette (1998) agus Yamamoto (1998) a cheadú sa díospóireacht reatha maidir le tábhacht ról an phobail i mbeartais in aghaidh na leochaileachta mionteangacha agus in aghaidh na mbrúnna atá ag bagairt ar inmhharthanacht a bpobal. Meabhraíonn na húdair seo ó pheirspictíochtaí éagsúla anailíse ar na fórsaí soch-chultúrtha atá ag creimeadh bhonn sóisialta na mionteangacha gurb iad iarrachtaí an ghrúpa teanga is cinniúnaí i leith na mbeartas tarrthála: 'Languages need communities in order to live. So, only a community can save an endangered language' (Crystal 2000: 154). Mura gothóidh straitéis chomhaimseartha na Gaeltachta an grúpa sóisialta a bhfuil an acmhainn acu a

dteanga a tharrtháil, luífeadh sé le réasún nach mbeadh leisce ar an bpobal ceisteanna loma a cheadú i dtaobh fhiúntas na Straitéise atá dírithe orthu.

Má tá an Státchóras ag iarraidh beartais mhisniúla a thionscnamh ag an tráth seo, agus fianaise úr á nochtadh faoi laigeacht shóisialta na Gaeltachta sa tuarascáil seo, beidh ar an Státchóras iarracht ar leith a dhéanamh chun an dáiríreacht agus an dáimh atá acu i leith polasaí Gaeilge sa Ghaeltacht a chothú. Ní fios cén dris chosáin a leagadh roimh dhul chun cinn níos tapúla sa réimse Stáit seo a luaitear tábhacht oifigiúil leis. Chothófaí bonn ní b'fholláine do chur chuige ní b'fhorásaí dá bhféadfaí bunúdair na mbacanna seo a aithint d'fhonn an bóthar romhainn a dhéanamh ní ba shoiléire. An ceann acu seo a leanas nó cnuasach de na cúinsí seo a leanas atá ag cur bac ar ghníomhú ciallmhar dearfach sa réimse Stáit seo?

- Easpa tuisceana i measc an aosa pholaitiúil ar a phráinní is atá an ghéarchéim sa Ghaeltacht agus ar chineál na n-idirghabhálacha sóisialta a theastaíonn
- Coimhthíos nó easpa spéise i measc an aosa chumhachta sa Státchóras i leith leasuithe polasaithe agus riaracháin i réimse réasúnta mion de chuid an Stáit, .i. dearcadh na mBéarlóirí aonteangacha ar an nGaeltacht, i ngeall ar mhífhoighid na haicme Stáit le himpleachtaí idir-rannacha i réimsí níos cumhachtaí ná réimse na Gaeltachta
- Laincisé ar cheannaireacht an Státchórais impleachtaí an taighde sochtheangeolaíochta a thuiscint agus a ionramháil i dtreo leasuithe forásacha nó fonn neamhfhoilsithe ar an gceannaireacht chéanna gan aon pholasaí i dtreo an fhoráis a cheadú
- An neamhaird ar iarrachtaí fheidhmeannaigh na bhforas Gaeltachta géarchéim na Gaeltachta a léiriú go soiléir do cheannaireacht na Státseirbhíse d'fhonn cur chuige leasaithe agus ábhartha a mholadh nó easpa éifeachta an fheidhmeannais Ghaeltachta an léiriú seo a chur ina luí go diongbháilte ar chodanna eile den Státchóras
- Col an Státchórais glacadh le himpleachtaí na hanailíse sochtheangeolaíochta ar dhúshláin réadúla na Gaeltachta agus easpa acmhainne an chórais dá bharr glacadh le moltaí atá fréamhaithe in anailís fhóinteach ar an deacracht atáthar ag iarraidh a leigheas; tá an chosúlacht ar an scéal gurb í an reitric oifigiúil neamhábharta i dtaobh shaol na Gaeltachta an mheicníocht chosanta atá ag an

Stát a chothaíonn an scáileán ceo seo idir léiriú anailísithe na faidhbe agus cur chuige neamhábhartha an Stáit

- Easpa cumhachta agus acmhainne na bhforas Gaeltachta chun polasaithe a thionscnamh agus a chur i bhfeidhm
- Bacanna sa phróiseas pleanála agus sa chur i ngníomh idir céimeanna taighde/cruinniú faisnéise, cumadh beartas, feidhmiú agus dul i bpáirt leis an bpobal, .i. go gcaithfear cead feidhmithe sa Ghaeltacht a fháil ó ranna cumhachta Stáit nach bhfuil mórán tuisceana acu ar chastachtaí sochtheangeolaíochta na Gaeltachta
- Easpa údaráis na bhforas Gaeltachta i leith na réimsí polasaí a thabharfadh brí ní b'fheidhmiúla do ról éifeachtach na Gaeilge sa tionscadal náisiúnta, .i. polasaithe sóisialta, cultúrtha, réigiúnacha, socheacnamaíochta agus oideachais. Cuireann an col atá ag an Státchóras le hanailís sochtheangeolaíochta ar chinniúint na Gaeltachta leis an easpa údaráis seo, rud a chothaíonn íomhá na hanróiteachta ar bheartais Ghaeltachta i measc brainsí doicheadhacha den Státsheirbhís atá níos cumhachtaí ná na forais Ghaeltachta.

Aithnítear bac eile do bheartais fhorásacha sa Ghaeltacht in anailís Uí Ghiollagáin (2014a, 2014b) ar ábharthacht fhorálacha *Acht na Gaeltachta 2012* agus na *Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge* do chineál na ndúshlán atá á bhforleathadh sa Ghaeltacht chomhaimseartha. Áitíonn Ó Giollagáin go bhfeileann an *tAcht* agus an *Straitéis* riachtanais na ndaoine a bhfuil spéis acu sa Ghaeilge mar chultúr dara teanga a fhoghlaimítear seachas pobal dúchais atá faoi léigear ag brúnna teangeolaíochta agus sóisialta an aistrithe teanga go Béarla:

‘The current official view of language policy and management for Irish can be persuasively depicted as a neo-liberal vision for minority language planning – it is to be tolerated as a secondary identity or a cultural hobby for a small section of the national population, but the apparatus and mechanism of institutional and state power are not to be deployed in support of fostering Irish as a living social identity in either its regional (i.e., Gaeltacht) or national contexts’ (Ó Giollagáin 2014b: 102).

‘... , the *Strategy* (2010, pp.11-18) makes several recommendations, many taken from the *Fiontar Report* (2009), aimed at enhancing teacher training, school language practice and L2 curricular developments. In general, the educational recommendations are focused on the pedagogical requirements of a learned second language rather than a societally-acquired language. Neither the *Strategy* nor the *Act* focuses in a systematic manner on the educational complexities or the



weaknesses of how the school system operates in Gaeltacht regions’ (Ó Giollagáin 2014b: 110).

‘The clear finding of the CLS (2007b) is that the challenge is enormous and that the crisis is potentially terminal (within a 15 – 20 year time span). The anaemic nature of the aims and of the strategic basis to the 2012 *Act* contrasts sharply with this disquieting reality. It is a vision for the Gaeltacht which could equally apply to the English-speaking communities on the far side of the Gaeltacht boundary’ (Ó Giollagáin 2014b: 108–9).

Ní shonraítear beartais chinnte san *Acht* ná sa *Straitéis* a roinnfidh tacaíocht phraiticiúil maidir leis na riachtanais shóisialta seo a leanas:

- Cúnamh sprioctha stáit do mháithreacha agus d’aithreacha Gaeltachta atá ag iarraidh a gclann a thógáil le Gaeilge i bpobail éagsúla a bhfuil creimeadh leanúnach á dhéanamh ar an ngnás sóisialta seo, féach moltaí an SCT 2007 agus ICD 2014
- Bonn dinimiciúil socheacnamaíochta a chur faoi dhlúthú comhpháirtíochta gréasáin teaghlaigh Ghaeilge, mar shampla, gréasáin shóisialta na dteaghlach Gaelach a chothú go córasach trí infheistíocht Stáit agus phríobháideach a mhealladh d’fhonn sraith de chúitimh shocheacnamaíochta a roinnt le baill na ngréasán seo
- Beartais shóisialta a chur i ngníomh a fhéachann le tacaíocht a chur ar fáil d’aos óg na Gaeltachta an sóisialú Gaelach a chleachtadh, mar shampla, imeachtaí ilrímseacha, tarraingteacha a bheadh á réachtáil ar bhealach dinimiciúil trí mheán na Gaeilge ag Comharchumann Óige
- Bonn comhordnaithe de ghníomhaíochtaí óige trí mheán na Gaeilge a sholáthar
- Bonn comhordnaithe de shiamsaíochtaí Gaeilge a sholáthar sa Ghaeltacht
- Straitéis oideachais a chur i bhfeidhm a fheileann riachtanais na gcainteoirí dúchais Gaeilge
- Cleachtais oideachais a bhunú agus a fheidhmiú i scoileanna Gaeltachta a dhíríonn ar fhorás pearsanta na nGael ina ndúchas agus ar chainteoirí cumasacha Gaeilge a chothú, agus ar chainteoirí Gaeilge a chumasú go hacadúil i dtaobh na riachtanas Béarla atá acu

- Fóram nó tionólú pobail a cheadú a thugann deis do na Gaeil plé agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn a gcuid beartas in aghaidh dhíshóisialú na Gaeilge sa Ghaeltacht
- Meicníochtaí oifigiúla riaracháin a bhfuil na hacmhainní agus an téagar iontu tosaíocht a thabhairt d'iarrachtaí stáit dul i ngleic le géarchéim na Gaeltachta
- Cúnamh leanúnach taighde agus tacaíocht anailíse ar fhóinteacht na mbeartas ar son na Gaeilge sa Ghaeltacht a bheith ar fáil don phobal sna hiarrachtaí dúshlánacha seo.

Ba dheacair ag mionlach teanga ar bith teacht slán ó fhórsaí an dátheangachais dhealaithigh i dtreo theacht i dtreis shóisialta na mórtheanga Béarla in éagmais na dtacaíochtaí seo. Mura gceadóidh agus mura gcumasóidh an *tAcht* agus an *Straitéis* na beartais riachtanacha seo, ba réasúnta an mhaise don phobal fiafrú cé hiad agus cén chaoi a dtionscnófar iad?

Maíonn Ó Giollagáin, i bhfianaise a chuid anailíse ar laigeachtaí na bhforálacha Gaeltachta san *Acht* agus sa *Straitéis* gur polasaí teanga iar-Ghaeltachta atá ag Stát na hÉireann ag an bpointe seo:

‘The emphasis on institutional, primarily educational, provision in the *Strategy*, combined with the voluntary aspect of the Gaeltacht community language plans set out in the *Gaeltacht Act 2012* would suggest that language policy in Ireland has moved into a new phase: a post-Gaeltacht phase. The amended *Gaeltacht Act 2012*, not being delimited to Gaeltacht districts (administrative or linguistic), is actually a language act rather than an act for the propagation of a linguistic minority attempting to foster an endangered vernacular. The amended *Act* is in a sense both, therefore, a post-geographic and a post-vernacular legislative instrument, ...’ (Ó Giollagáin 2014: 112–3).

Sa chomhthéacs seo, fiafraíonn sé:

‘What future beckons, given the ongoing erosion of the sociocultural functionality of Irish in the context of national ideological and institutional withdrawal from language commitments? The new dispensation will mostly likely only countenance State-backed language ventures in the following realms:

- L2 pedagogical effort in limited sectors of the educational system;
- continued, but circumscribed, support for those in academic institutions with philological prowess in Irish in order to facilitate historical and textual analysis of the literary heritage; and
- continued support for those with aesthetic sensibilities and the communicative nous to mediate the eroded culture to English-speaking Irishness, including support for highly bilingualized telecommunicative outputs depicting the linguistic heritage.

These three discrete endeavours do not a civilization make, however. They represent the institutional and cultural requirements of school teachers, language academics and Arts' Council bursary recipients – all valuable contributors and endeavors in their own right, of course – but not a basis for a sustainable language culture. Language policy in Ireland is clearly moving in the direction of a heritage model, ...' (Ó Giollagáin 2014b: 118–9).

### **4.3 Clabhsúr**

Tá claochlú idirghlúineach na Gaeltachta le haithint go soiléir sa chomparáid idir léarscáileanna fhaisnéis na nGaeilgeoirí óga agus léarscáileanna catagóireacha an phobail (féach Fochaibidlí 1.2 agus 3.7). I gcás na dtoghrann Gaeltachta is mó feidhme Gaeilge dá bhfuil againn, maireann tuismitheoirí agus seantuismitheoirí na nGaeilgeoirí óga i gceantair Chatagóir A ach maireann a gclann agus a ngarchlann i ngréasáin cheantair atá ar aon dul le Catagóirí B agus C. Is ionann an chomparáid seo agus fianaise shoiléir ar an aistriú teanga i measc an phobail ó Ghaeilge go Béarla a bheith á chur i gcrích go tréan i gCatagóir A na Gaeltachta. Faoi réir na gcúinsí reatha seo, tiocfaidh ceannas sóisialta an Bhéarla chun cinn i ngach ceantar sa Ghaeltacht taobh istigh d'achar gearr blianta. De réir threocht na fianaise seo, is é is dóichí nach mairfidh aon cheantar Gaeltachta, mar a thuigtear go sóisialta agus go cultúrtha í, níos faide ná tréimhse deich mbliana ag an bpointe seo. Ní hionann seo is a rá nach mbeidh Gaeilgeoirí ag maireachtáil in iarsma na Gaeltachta, ach ní bheidh siad sách líonmhar le bonn a chur ar fáil don phobal sa chaoi is go mbeidh nósanna Gaeilge á gcleachtadh go saoráideach ina measc. Mairfidh gréasáin scáinte Ghaeilge i gceantair ar leith níos faide ná sin, b'fhéidir, go háirithe i ngréasáin seantuismitheoireachta, ach ní bheidh na gréasáin sách láidir ná dinimiciúil le heiseamláir ná le ceannaireacht a thabhairt dá bpobail. De cheal dhlús na Gaeilge sna pobail, threoir ó institiúidí na bpobal agus cheannaireacht na haicme polaitiúla agus Stáit, ní bheidh de rogha ag na pobail éagsúla a bhfuil an Ghaeilge á labhairt go sóisialta ina measc faoi láthair ach géilleadh do theacht i dtreis cheannas sóisialta an Bhéarla i ngach cearn is clúid den Ghaeltacht. Go hachomair, is spléachadh ar mhionlú sóisialta na Gaeilge ina láthair dhúchais féin atá á léiriú san anailís seo. Ó pheirseictíocht na socheolaíochta mionteanga de, is céim eile i dtreo an dul i léig teanga é mionlú na ndúchasach ina bpobal féin. D'eascair an mionlú seo go leanúnach as an bpróiseas sóisialta a chothaigh dátheangú na ndúchasach agus a thit amach in imeacht cúpla glúin roimhe sin sular tháinig próiseas an mhionlaithe inmheánaigh chun soiléire ina measc.

Is é toradh dhátheangú na Gaeltachta ná teacht i dtreis cheannas sóisialta an Bhéarla sna pobail Ghaeltachta agus treisiú fheidhm an Bhéarla agus lagú fheidhm na Gaeilge san fhorbairt phearsanta agus oideachais a chuireann Gaeilgeoirí i gcrích (féach Ó Giollagáin agus Mac Donnacha (2008) agus Ó Giollagáin (2010, 2011a)). Is ionann an próiseas seo agus feidhm thánaisteach a thabhairt don Ghaeilge ina cuid réimsí sóisialta agus pearsanta – díshealbhú na Gaeilge ina láthair dhúchais féin.

Beidh cur chuige nua malartach, a chuirfear i bhfeidhm go fuinniúil agus go samhlaíoch, de dhíth má tá an pobal agus an Stát ag iarraidh go mairfidh gnéithe de dhúchas na Gaeltachta ar aon bhealach bisiúil i réimsí soch-chultúrtha agus institiúideacha shaol na Gaeltachta amach anseo. I ndeireadh na dála, ní féidir bisiúlacht an dúchais Ghaelaigh a chothú mura n-eascróidh sí as taithí phoiblí agus phearsanta ar an dúchas sin sa chéad dul síos. Go hachomair, níl saothriúlacht na Gaeltachta, iarsma de phobal Gaeilge na Gaeltachta ná saol institiúideach na Gaeltachta inmharthana mar atá siad. Léirítear sa saothar go bhfuil sciar níos mó de phobal na Gaeltachta ag titim thar fhána aill na hinmharthanachta mionteanga (.i. scoithphointe ag tuairim is 70% den phobal a bheith ina gcainteoirí gníomhacha Gaeilge mar a léiríodh san SCT), mar a bheachtaigh Ó Curnáin (2009: 118) práinn agus íogaire na ndúshlán atá roimh an bpobal agus roimh an Stát: '[t]á glúinte óga na Gaeltachta imithe thar an bhfána seo'. Is dócha go gcuirfear sciar suntasach den mhilleán i leith an Státchórais maidir leis an toradh trioblóideach seo i ngeall ar an bhfaillí a rinne siad ar mholtaí an SCT agus ar bheartais eile fhóna a moladh le teacht i gcabhair ar an nGaeltacht.

Le hearraíocht a bhaint as meafar atá fréamhaithe i réimse tuisceana an chomhshaoil agus é a chur i bhfeiliúint do chúinsí an mhionteangachais in Éirinn, is ionann neamhaird a dhéanamh ar phráinn na héigeandála teanga atá sa Ghaeltacht chomhaimseartha agus cead a chinn a thabhairt do phróiseas ina bhfuil milleadh á dhéanamh ar ghnáthóg shainiúil ar láimh amháin, agus maíomh a dhéanamh ag an am céanna go bhfuil polasaí stuama comhshaoil á chur i bhfeidhm, ar an láimh eile. Léirítear i bhfianaise an tsaothair seo go bhfuil gnáthóg na Gaeilge dúchais á creimeadh go tréan. Is deacair éalú as fáinne fiaigh leochaileacht agus mhionlú an dúchais Ghaelaigh ach is inmholta iarracht a dhéanamh patrúin agus treochothaí na ndeacrachtaí seo a thuiscint agus a léiriú sula ndéanfar iarracht iad a chur ar mhalairt treo. Faoi réir na dtreochothaí reatha, gheofar amach ar ball gur deacair do Stát na hÉireann teacht i gcabhair ar an nGaeilge d'uireasa pobail a labhraíonn í ó dhúchas.

## TAGAIRTÍ AGUS LEABHARLIOSTA

- An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán (2002/2003) Torthaí Scéim Labhairt na Gaeilge (SLG).
- An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (2005/2006) Torthaí Scéim Labhairt na Gaeilge.
- An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta (2010/2011) Torthaí Scéim Labhairt na Gaeilge.
- An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (2014) ‘An Próiseas Pleanála Teanga’ <http://www.ahg.gov.ie/ie/Straiteis20BliaindonGhaeilge2010-2030/AnProiseasPleanalaTeanga/> [aimsithe 12 Aibreán 2015].
- Barth, F. (eag.). (1969) *Ethnic Groups and Boundaries: The social organization of cultural difference*. London, George Allen and Unwin.
- Crystal, D. (2000) *Language Death*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Dorian, N. (1981) *Language Death: The Life Cycle of a Scottish Gaelic Dialect*. Philadelphia: University of Pennsylvania Press.
- Fernando, C., Valijärvi, R-L. agus Goldstein, R. (2010) ‘A model of the mechanisms of language extinction and revitalization strategies to save endangered languages.’ *Human Biology* 82(1), 47–75.
- Fiontar – Ó Flatharta, P., Nic Pháidín, C., Williams, C., Grin, F., Bianco, J. L. & Nic Cárthaigh, A. (2009) *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge: Arna hullmhú don Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta*. BÁC: Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.
- Fishman, J. A. (1989) *Language and Ethnicity in Minority Sociolinguistic Perspective*. Clevedon: Multilingual Matters.
- Fishman, J. A. (1991) *Reversing Language Shift*. Clevedon: Multilingual Matters.
- Fishman, J. A. (eag.) (2001) *Can threatened languages be saved? Reversing language shift revisited: A 21st century perspective*. Clevedon: Multilingual Matters.
- Fotheringham, A.S., Brunson, C. & Charlton, M.E. (2000) *Quantitative Geography*. Londain: Sage
- Gorenflo, L.J., Romaine, S., Musinsky, S., Denil, M. agus Mittermeier, R. (2014) *Linguistic Diversity in High Biodiversity Regions*. Arlington, VA, SAM: Conservation International.
- Hagège, C. (2011) *On the Death and Life of Languages*. Páras: Editions Odile Jacob Book.
- Harmon, D. agus Loh, J. (2010) ‘The Index of Linguistic Diversity: a new quantitative measure of trends in the status of the world’s languages’. *Language Documentation and Conservation* 4:97–151.
- Harrison, K.D. (2007) *When Languages Die: The Extinction of the World’s Languages and the Erosion of Human Knowledge*. Oxford: OUP.
- Kaufmann, E. (2004) *Rethinking Ethnicity: Majority Groups and Dominant Minorities*. London: Routledge.
- Lenoach, C. (2009) *Dioscúrsa na Gaeilge Iarthraidisiúnta*. Tráchtas neamhfhoilsithe MA, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

- Lenoach, C. (2012) ‘An Ghaeilge iarthraidisiúnta agus a dioscúrsa’. In Lenoach, *et al.* 19–109.
- Lenoach, C. (2014) *Sealbhú Neamhiomlán na Gaeilge mar Chéad Teanga sa Dátheangachas Dealaitheach*. Tráchtas PhD, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, foilsithe ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, BÁC.  
<http://www.cogg.ie/taighde/> [aimsithe 14 Aibreán 2015:].
- Lenoach, C., Ó Giollagáin, C. & Ó Curnáin, B. (eag.í) (2012) *An Chonair Chaoch: An mionteangachas sa dátheangachas*. Indreabhán: Leabhar Breac.
- Mac Donnacha, J. (2000) ‘An integrated language planning model’. *Language Problems and Language Planning* 24 (1), 11–35.
- Mac Donnacha, S. (2013) ‘An Ghaeltacht i 2013: I ndeireadh na feide’. In *Comhar Márta*: 10-11, bunaithe ar pháipéar a tugadh ag: Tóstal na Gaeilge 2013, Baile Átha Cliath, 16 Feabhra 2013.
- Mac Donnacha, S. (2014) ‘The death of a language’. In *The Dublin Review of Books* 50, Feabhra 2014: <http://www.drb.ie/essays/the-death-of-a-language>.
- Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghda A. & Ní Mhainnín, T. (2005) *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004*. BÁC: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Mac Giolla Chríost, D. (2005). *The Irish language in Ireland: From Goidel to Globalisation*. Oxford: Routledge.
- Moseley, C. (eag.), (2010) *Atlas of the World's Languages in Danger*. 3ú eagrán, UNESCO Publishing, Paris [leagan ar líne:  
<http://www.unesco.org/new/en/culture/themes/endangered-languages/atlas-of-languages-in-danger>].
- Nettle, D. agus S. Romaine (2002) *Vanishing Voices*. Oxford: OUP.
- Norris, M.J. agus Jantzen, L.(2002) *From Generation to Generation: Survival and Maintenance of Canada's Aboriginal Languages within Families, Communities and Cities*. Government of Canada. Indian and Northern Affairs. Ottawa: Canadian heritage.
- Ní Chonchúir, A. (2012) ‘Feasacht Sochtheangeolaíochta agus Riachtanais Siollabais Chainteoirí Dúchais na Gaeltachta’. In Lenoach *et al.* 110–43.
- Ó Bróithe, É. (2008) Scéim Labhairt na Gaeilge: Staidéar cróineolaíoch ar theaghlaigh faoin Scéim. Tráchtas neamhfhoilsithe MA, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Ó Bróithe, É. (2012) ‘Scéim Labhairt na Gaeilge: Feidhm agus Mífheidhm’. In Lenoach *et al.* (2012).
- Ó Curnáin, B. (2007) *The Irish of Iorras Aithneach, County Galway*. BÁC: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.
- Ó Curnáin, B. (2009) ‘Mionteangú na Gaeilge’. In Ó Catháin, B. (eag.) *Sochtheangeolaíocht na Gaeilge: Léachtaí Cholm Cille* 39. Má Nuad: An Sagart. 90–153.
- Ó Curnáin, B. (2012a) ‘An Ghaeilge Iarthraidisiúnta agus an Phragmataic Chódmheasctha Thiar agus Theas’. In Lenoach *et al.* 284–364.
- Ó Curnáin, B. (2012b) ‘An Chanúineolaíocht’. In Ó hIfearnáin *et al.* 83–109.

- Ó Curnáin, B. (2015, le teacht) ‘Cróineolaíocht na Gaeilge Iarthraidisiúnta i gConamara, 1950–2004’. *Éigse* 39.
- Ó Dónaill, N. (1977) *Foclóir Gaeilge–Béarla*. BÁC: An Gúm.
- Ó Flathartha, P. (2007) *Struchtúr Oideachais na Gaeltachta*. BÁC: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Ó Giollagáin, C. (2010) ‘The Eclipse of the First Language Minority Speaker: Deficiencies in ethnolinguistic acquisition and its evasive discourse’. In Lewis, H. & Ostler, N. (eag.í) *Reversing Language Shift: How to re-awaken a language tradition. Proceedings of the 14th Foundation for Endangered Languages Conference*. Trinity College, Carmarthen, University of Wales, 13–15 Meán Fómhair 2010. Bath: The Foundation for Endangered Languages. 11–22.
- Ó Giollagáin, C. (2011a) ‘Breac-chríocha na heitnitheangeolaíochta agus an forás oideachais sa mhionteanga’. *Comhar Bealtaine* 71 (5). 5–9.
- Ó Giollagáin, C. (2011b) ‘Speaker Diversity in the Majority-Minority Linguistic Context’. *Annales, Series historia et sociologia*, 21, 2011, 1: 101–112. University of Primorska, Science and Research Centre of Koper, Slovenia.
- Ó Giollagáin, C. (2011c) ‘An Domhandú agus Mionlaigh Teanga’. in Mac Cormaic, B. (eag.) *Féiniúlacht, Cultúr agus Teanga i Ré an Domhandaithe*. BÁC: Coiscéim: 146–176.
- Ó Giollagáin, C. (2012a) ‘An mionteangachas agus na heolaíochtaí teanga’. In Lenoach *et al.* 193–236.
- Ó Giollagáin, C. (2012b) ‘An Antraipeolaíocht Teanga’. In Ó hIfearnáin *et al.* 15–32.
- Ó Giollagáin, C. (2014a) ‘Unfirm Ground: a Re-assessment of Language Policy in Ireland since Independence’. *Language Problems and Language Planning* 38 (1): 19–41.
- Ó Giollagáin, C. (2014b) ‘From Revivalist to Undertaker: New developments in official policies and attitudes to Ireland’s ‘First Language’. *Language Problems and Language Planning* 38 (2): 101–127.
- Ó Giollagáin, C. agus Mac Donnacha, S. (2008) ‘The Gaeltacht Today’. In Nic Pháidín, C. & Ó Cearnaigh, S. (eag.í) *A New View of the Irish Language*. BÁC: Cois Life. 108–120.
- Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A. & O’Brien, M. (SCT 2007a) *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Príomhthátaí agus moltaí*. BÁC: Oifig an tSoláthair.
- Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A. & O’Brien, M. (SCT 2007b) *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Tuarascáil chríochnaitheach*. BÁC: Oifig an tSoláthair.
- Ó Gliasáin, M. (1990) *Language Shift among Schoolchildren in Gaeltacht Areas 1974–1984: An Analysis of the Distribution of Grant Qualifiers*. BÁC: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Ó hIfearnáin, T. (2013) ‘Family language policy, first language Irish speaker attitudes and community-based response to language shift’. *Journal of Multilingual and Multicultural Development*, 34:4, 348–365.

- Ó hIfearnáin, T. agus Ní Neachtain, M. (eag.i) (2012) *An tSochttheangeolaíocht: Tuairisc agus Feidhm*. BÁC: Cois Life.
- Ó Riagáin, P. (1997) *Language Policy and Social Reproduction, Ireland 1893–1993*. Oxford: Oxford University Press.
- Ó Riain, S. (1994) *Pleanáil Teanga in Éirinn 1919–1985* [Language planning in Ireland 1919–1985]. BÁC: Carbad.
- Ostler, N. (eag.) (1998) *Endangered Languages – What Role for the Specialist? Proceedings of the Second FEL Conference*. Bath: Foundation of Endangered Languages.
- Péterváry, T., Ó Curnáin, B., Ó Giollagáin, C. agus Sheahan, J. (2014) *Iníúchadh ar an gCumas Dátheangach: An sealbhú teanga i measc ghlúin óg na Gaeltachta* (ICD). BÁC: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Péterváry, T. (2015, le teacht) *Idé-eolaíocht na Gaeilge in Éirinn*. Tráchtas neamhfhoilsithe PhD, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Príomh-Oifig Staidrimh na hÉireann (1996) *Census 1996 Reports*.
- Príomh-Oifig Staidrimh na hÉireann (2002) *Census 2002 Reports*.
- Príomh-Oifig Staidrimh na hÉireann (2006) *Census 2006 Reports*.
- Príomh-Oifig Staidrimh na hÉireann (2011) *Census 2011 Reports*.
- Rialtas na hÉireann (1956) *An tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1956*. BÁC: Oifig an tSoláthair.
- Rialtas na hÉireann (1956) *Ordú na Limistéar (Gaeltacht), 1956*. BÁC: Oifig an tSoláthair.
- Rialtas na hÉireann (1967) *Ordú na Limistéar (Gaeltacht), 1967*. BÁC: Oifig an tSoláthair.
- Rialtas na hÉireann (1974) *Ordú na Limistéar (Gaeltacht), 1974*. BÁC: Oifig an tSoláthair.
- Rialtas na hÉireann (1982) *Ordú na Limistéar (Gaeltacht), 1982*. BÁC: Oifig an tSoláthair.
- Rialtas na hÉireann. (2002) *Coimisiún na Gaeltachta: Tuarascáil*. BÁC: Oifig an tSoláthair.
- Rialtas na hÉireann (2010) *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030*. BÁC: Oifig an tSoláthair.
- Rialtas na hÉireann (2012) *Acht na Gaeltachta 2012*. BÁC: Oifig an tSoláthair.
- Salzmann, Z. (2007) *Language, Culture and Society: An Introduction to Linguistic Anthropology*. Oxford: Westview Press.
- Strubell, M. (2001a) ‘Catalan a decade later’. In Fishman (eag.). 260–283.
- Strubell, M. (2001b) ‘Some aspects of a sociolinguistic perspective to language planning’. In K. De Bot *et al.* (eag.í.), *Institutional status and use of national languages in Europe* (Special Issue of *Plurilingua*, 23, 91–106).
- Tukey, J. W. (1977) *Exploratory Data Analysis*. Reading MA: Addison-Wesley.
- Valiquette, H. (1998) ‘Community, professionals, and language preservation: First things first’. In Ostler, N. (eag.) 107–112.
- Williams, C. H. (2007) *Language and Governance*. Cardiff: University of Wales Press.



- Walsh, J. (2011) *Contests and Contexts: the Irish language and Ireland's socio-economic development*. Oxford: Peter Lang.
- Yamamoto, A. (1998) 'Retrospect and prospect for emerging language communities'. In Ostler, N. (ed.). 113–120.

## AGUISÍN 1: FAISNÉIS NA GCAINTEOIRÍ LAETHÚLA GAELIGE, DAONÁIRIMH 2006, 2011

Toghroinn: Daonáirimh 2006, 2011	% CL 2011	% CL 3-18 bl. 2011	% CL 19 mbl.+ 2011	% CL 3-18 bl. (Ø Oid.) 2011	% CL 2006	% CL 3-18 bl. 2006	% CL 19 mbl.+ 2006	% CL 3-18 bl. (Ø Oid.) 2006	Catagóir 2011
